



SPÓRT ÉIREANN
SPORT IRELAND

Tuarascáil Bhliantúil 2019



Tuarascáil Bhliantúil Spórt Éireann 2019

1. Ráiteas an Chathaoirligh
2. Athbhreithniú an Phríomhfheidhmeannaigh

Struchtúr Spórt Éireann

3. Bord Spórt Éireann
4. Baill Foirne Spórt Éireann
5. Forbhreathnú ar Choistí Spórt Éireann

Forbhreathnú ar Fheidhmíocht

6. Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta
7. An tAonad Ardfheidhmíochta
8. Institiúid Spórt Éireann
9. Aonad Frithdhópála Spórt Éireann
10. Campas Spórt Éireann
11. Cóitseáil Spórt Éireann
12. Aonad Rannpháirtíochta Spórt Éireann
13. Mná sa Spórt
14. Aonad Eitice Spórt Éireann
15. Aonad Spórt Éireann um Ghníomhaíocht Amuigh faoin Spéir
16. An tAonad um Fhorbairt agus Athrú Eagraíochta
17. Taighde
18. Beartas Spórt Éireann um Rannpháirtíocht Daoine faoi Mhíchumas sa Spórt
19. Pleanáil Straitéise agus Bhliantúil
20. Nochtadh Cosanta
21. Comhlíonadh Spórt Éireann
22. Aguisíní

Fís Spóirt Éireann:

Earnáil spóirt den chéad scoth atá ag obair de réir na gcaighdeán rialachais agus cuntasachta is airde agus ag rannchuidiú le cuspóirí an Bheartais Náisiúnta Spóirt a bhaint amach.

Misean Spóirt Éireann:

Treoraíonn Spóirt Éireann an clár oibre náisiúnta spóirt ar na bealaí seo:

- Luach an spóirt a chur in iúl agus dul i gceannas ar an smaointeoireacht ar an spóirt
- Cultúr cuimsitheach cóir a chur chun cinn
- Luach a ghiniúint ó acmhainní finideacha
- Eagraíochtaí láidre spóirt a thógáil
- An coincheap um ‘spóirt ar feadh an tsaoil do gach duine’ a bhaint amach
- Tacú le rath ardfheidhmíochta

Luachanna Spóirt Éireann:

Aithníonn Spóirt Éireann gurb ann do luachanna atá ina gcuid dhílis d’fhorbairt an Spóirt in Éirinn.

Imreoir: Tá meas againn ar an gceart atá ag gach duine infheistiú sa spóirt, páirt a ghlacadh sa spóirt agus lán a gcumais a bhaint amach sa spóirt

Foireann: Oibrímid i gcomhar chun spriocanna comhroinnte a bhaint amach

Cothrom na Féinne: Ní mór forbairt an spóirt a bheith bunaithe ar éiteas láidir chothrom na Féinne

Cruinneas: Gintear an-phaisean as an spóirt; ní mór é a bheith cruinn freisin ina thaispeáint cén leas is féidir le daoine agus le pobail a bhaint as

Taighde: Bonn eimpíreach leis an gcleachtas agus leis an taighde is ea cláir láidre thaighde

Ráiteas an Chathaoirligh

Ba í an bhliain 2019 an chéad bhliain iomlán de chur chun feidhme an Bheartais Náisiúnta Spóirt 2018-2027 ón Rialtas. Ós rud é gurb é an ghníomhaireacht reachtúil a bhfuil freagracht uirthi as an spórt a fhorbairt é, bhí áthas ar Spórt Éireann príomhról a imirt in an-chuid de 57 gníomh tábhachtach an bheartais a sholáthar ar fud raon leathan réimsí ar fud na bliana.

Tá cur chun feidhme tosaigh an bheartais ag athrú na hearnála spóirt ó bhonn cheana féin, rud is féidir a fheiceáil san fhorbhreathnú mionsonraithe cuimsitheach a thugtar sa tuarascáil seo ar obair Spórt Éireann.

Chuiqe sin, taispeánadh i dtuarascáil lár bliana Mhonatóir Spóirt na hÉireann 2019 a foilsíodh i mí na Samhna go raibh dea-dhul chun cinn á dhéanamh ar spriocanna an Bheartais Náisiúnta Spóirt a chomhlíonadh. Is dea-scéala é an phríomhfhionnachtain gur ghlac 46% de dhaonra na hÉireann (thart ar 1.78 milliún duine) páirt sa spórt uair amháin sa tseachtain ar a laghad sa bhliain 2019. Ba é 43% an figiúr don tréimhse choibhéiseach sa bhliain 2017, rud a fhágann go raibh 100,000 duine sa bhreis ag glacadh páirt sa spórt ar bhonn rialta. Táimid ag súil le tuilleadh nuachta dearfaí a léamh tráth fhoilsiú na tuarascála iomláine i samhradh na bliana 2020.

Ní hé amháin gur gníomh tábhachtach sa Bheartas Náisiúnta Spóirt é forbairt leanúnach Champas Spóirt Éireann, ach is gníomh tábhachtach é sa Phlean Forbartha Náisiúnta 2018-2027 ón Rialtas freisin. Cé go bhfuil obair á déanamh fós ar mháistirphlean nua don Champas, is nithe ríthábhachtacha a cuireadh le bonneagar spóirt na hÉireann iad Céim 2 de Láthair Náisiúnta faoi Dhíon Spóirt Éireann agus oscailt na páirce imeartha úrscothaí nua haca dár scothfhoirne.

Maidir leis an bpáirc imeartha agus na saoráidí coimhdeacha den scoth a cuireadh le Láthair Náisiúnta faoi Dhíon Spóirt Éireann, a bhí ar shárchaighdeán cheana féin, níl a gcomhionann le fáil i gceann ar bith de na tíortha eile timpeall orainn. Tá Cumann Rugbaí na hÉireann ag baint úsáid as an Láthair anois le haghaidh a oibríochtaí ardfeidhmíochta. Mar thoradh ar an bpáirc imeartha nua haca, atá ar chaighdeán Thóiceo, tabharfar buntáiste breise d'fhoireann sinsir haca náisiúnta na mban de réir mar a ullmhaíonn sí do Chluichí Oilimpeacha Thóiceo.

Tarraingíodh aird ghéar ar ábhair a bhaineann le rialachas sa spórt ar fud na bliana 2019. Is tábhachtaí anois ná am ar bith riamh an obair a dhéanann Spórt Éireann ar thacú lenár gcomhlachtaí cistithe a rialachas a neartú agus is dea-rud é an oiread sin gníomhaíochta a fheiceáil ina leith. Leanann an fheidhm um Fhorbairt agus Athrú Eagraíochta ar aghaidh ag soláthar go leor deiseanna forbartha acmhainne. Ina theannta sin, d'imir obair Choiste Iniúchóireachta agus Riosca Spóirt Éireann ról tábhachtach ina chinntiú go gcosnaítear ár n-infheistíocht agus go mbíonn eagraíochtaí in ann dea-thoradh a sholáthar ar an infheistíocht sin.

Mar atá leagtha amach sa Bheartas Náisiúnta Spóirt, tá ceangal ar gach comhlacht cistithe an Cód Rialachais don Spórt a ghlacadh. Bhí ríméad ar Spórt Éireann sa bhliain 2019 an deis a fháil ceannas an chóid a ghlacadh ón mbord atá comhdhéanta d'eagraíochtaí deonacha agus carthanúla. Trí cheannas an

Chóid a ghlacadh, tá Spórt Éireann á dheimhniú an athuair go bhfuil sé tiomanta do thacú le gach comhlacht cistithe struchtúir láidre rialachais chorparáidigh a chur i bhfeidhm agus a chothabháil.

Agus an tuarascáil seo á scríobh, ba neamartach an mhaise dom gan machnamh a dhéanamh ar na himthosca reatha a bhfuil an spórt, agus an tsochaí freisin, ag déileáil leo mar thoradh ar phaindéim dhomhanda Covid-19. Cé gur cheart a bheith ag súil sa ráiteas seo le Cluichí Oilimpeacha agus Cluichí Parailimpeacha sa bhliain 2020, ní hamhlaidh atá. Is í sábháilteacht agus folláine ár gcuid lúthchleasaithe, cóitseálaithe agus tacaíthe an tosaíocht is mó. Cé gur cúis díomá í nach mbeimid in ann amharc ar Fhoireann Éireann agus í ag feidhmiú ar shárchaighdeán ar an ardán domhanda i mí Lúnasa agus i mí Mheán Fómhair, tá rún daingean againn a chinntiú go ndéanfar na hullmhúcháin is fearr is féidir do na Cluichí athsceidealaithe sa bhliain 2021.

Gabhaimid buíochas lenár lúthchleasaithe as an obair ar fad atá déanta acu go dtí seo. Bliain iontach eile dár lúthchleasaithe ar an ardán idirnáisiúnta ba ea an bhliain 2019, áit a ndearna siad ionadaíocht dóibh féin agus don tír go han-bhródúil agus go cumasach. Táimid ag súil le hamharc ar gach duine díobh dul in iomaíocht leis na lúthchleasaithe is fearr ar domhan i gceann tamaillín.

Is an-mhór ag Spórt Éireann an tacaíocht a fuairamar sa bhliain 2019 ó Shane Ross, an tAire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, agus ó Brendan Griffin, an tAire Stáit um Thurasóireacht agus Spórt, thar ceann an Rialtais. Chuir sé sin ar ár gcumas cloí leis an misean atá againn caighdeán a fheabhsú sa spórt ardfeidhmíochta agus rátaí rannpháirtíochta a mhéadú.

Tríd an mbuiséad a mhéadú go mór an athuair don bhliain 2020, thug an Rialtas freagra an-dearfach don toradh láidir ar infheistíocht ar sholáthair pobal spóirt na hÉireann é sa bhliain 2019. Is é an toradh a bheidh ar an gcistiú breise go gcuirfear ar chumas Spórt Éireann leanúint le tacú le forbairt inbhuanaithe earnaíl spóirt na hÉireann trí na Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta agus na Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt. Ní féidir an obair luachmhar a dhéanann na heagraíochtaí cistithe sin ar dheiseanna a sholáthar do gach duine páirt a ghlacadh sa spórt, beag beann ar a n-aois, a gcúlra agus a gcumas, a mheas faoina luach.

Mar fhocal scoir, ba mhaith liom buíochas agus ómós a thabhairt do Choiste Feidhmiúcháin Spórt Éireann, do mo chomhghleacaithe ar an mBord agus do na Comhaltaí Coiste. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil freisin le Graham Doyle, Ard-Rúnaí na Roinne Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, le Ken Spratt, an Rúnaí Cúnta, agus lena gcuid ball foirne as an gcúnamh agus an tacaíocht leanúnach a thugann siad dúinn.

Kieran Mulvey

Athbhreithniú an Phríomhfheidhmeannaigh

Is é seo an tuarascáil bhliantúil ó Spóirt Éireann don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2019.

Tá sí á cur faoi bhráid an Aire Spóirt mar a cheanglaítear faoi alt 17 den Acht um Spóirt Éireann, 2015.

Leagtar amach sa tuarascáil seo na príomhghnéithe den obair a dhéanann Spóirt Éireann, lena n-áirítear na nithe seo a leanas;

- an líon daoine a ghlacann páirt sa spórt agus i ngníomhaíocht fhisiciúil
- ardfeidhmíocht a chothú trína chinntiú go dtiocfaidh feabhas ar fheidhmíocht na hÉireann sa scothspórt idirnáisiúnta; agus
- acmhainneacht na gComhlachtaí Rialaithe Náisiúnta agus na gComhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt a mhéadú; agus
- leanúint le Campas Spóirt Éireann a fhorbairt

Ceann de na blianta ba ghnóthaí agus ba tháirgiúla riamh do Spóirt Éireann ar fud gach réimse gnó ba ea an bhliain 2019.

Ag obair dó i gcomhar le Spóirt Thuaisceart Éireann agus leis an gClár Éire Shláintiúil, d'fhoilsigh Spóirt Éireann an chéad staidéar uile-oileáin riamh ar Rannpháirtíocht Leanaí sa Spórt agus i nGníomhaíocht Fhisiciúil. Tugtar dea-léargas ann ar eispéiris na leanaí agus na n-ógánach ar fud an oileáin agus ar an bpáirt a ghlacann siad i ngníomhaíocht fhisiciúil, sa spórt agus i gcorpoideachas. Cé gur sainaitníodh roinnt dúshlán sa tuarascáil, ba dhea-rud é a fheiceáil go bhfuil an chuid is mó de leanaí ag glacadh páirt sa spórt eagraithe, bíodh sé ar leibhéal an phobail nó ar leibhéal na scoile.

Bhí sí ina bliain thábhachtach do Mhná sa Spórt. Foilsíodh an chéad bheartas riamh um Rannpháirtíocht na mBan sa Spórt, bunaíodh Coiste Stiúrtha um Mná sa Spórt, ceapadh Treoraí um Mná sa Spórt agus foilsíodh Beartas Máithreachais do lúthchleasaithe ardfeidhmíochta. Buntacaíodh leis an obair sin trí ghealltanas go gcuirfí cistiú ilbhliantúil ar fáil. Tá a lán tionscadal nuálach á soláthar ar fud na hearnála cheana féin de bharr an chistiúcháin sin.

Ó thaobh na frithdhópála, bhí an bhliain 2019 ina bliain eile inar cuireadh dúshlán ar an gcomhrac comhchoiteann in aghaidh na dópála sa spórt. Sa bhliain 2019, chuaigh Spóirt Éireann i bpáirt le príomh-gheallsealbhóirí sa ghluaiseacht frithdhópála chun a chur in iúl go soiléir do WADA go dteastaíonn trédhearcacht i ngach ní. Chuige sin, thug Spóirt Éireann ceannairí sa ghluaiseacht frithdhópála le chéile le haghaidh cruinníú speisialta roimh Chomhdháil WADA sa Pholainn chun an t-ábhar sin a phlé.

Chun tacú le hobair ár gComhlachtaí Rialaithe Náisiúnta agus ár gComhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt deiseanna a chruthú do dhaoine faoi mhíchumas agus do dhaoine ó limistéir faoi mhíbhuntáiste, rinne Spóirt Éireann infheistíocht shuntasach i dtionscadail an athuir trí Chiste na gCuntas Díomhaoin. Is a bhui leis na cláir ardchaighdeán agus na torthaí láidre atá á soláthar ag na heagraíochtaí sin go bhfuiltear ag

leanúint le han-chuid den chistiú sin a leithdháileadh ar an spórt.

Sa bhliain 2019, d'fhoilsigh Spórt Éireann Treoir Cumhdaigh nua do Leanaí agus Daoine Óga sa Spórt. Léirítear san acmhainn thábhachtach sin na dúshláin a mbíonn Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta agus a gclubanna ag dul i ngleic leo gach lá, agus iad ag iarraidh a chinntiú go gcloítear leis an dea-chleachtas le linn cloí le reachtaíocht ábhartha an lae inniu ag an am céanna.

De bharr staid Covid-19, tá athrú tagtha ar an tírdhreach sna míonna tosaigh den bhliain 2020, tráth ullmhú na tuarascála seo, agus tá difear suntasach láithreach déanta aici don spórt eagraithe ar gach leibhéal. Is inmholta atá an dóigh ar fhreagair na Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta agus na Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt do na himthosca gan fasach agus ar oiriúnaigh siad dóibh. Táimid ag súil le filleadh ar na tailte traenála, ar na páirceanna imeartha agus ar na staideanna roimh i bhfad, nuair a bheidh sé sábháilte déanamh amhlaidh.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le Shane Ross, an tAire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, le Brendan Griffin, an tAire Stáit um Thurasóireacht agus Spórt, le hoifigigh na Roinne Iompair, Turasóireachta agus Spóirt agus le baill foirne Spórt Éireann as argóint láidir a chur chun cinn ar fud na bliana 2019 ar son infheistíocht mhéadaithe a dhéanamh sa spórt. Beidh tionchar inbhraite ar earnáil spóirt na hÉireann ag an gcistiú breise a fuarthas, rud a fhágfaidh go mbeimid in ann an cistiú dár n-eagraíochtaí cistithe a mhéadú go mór sa bhliain 2020.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil freisin le Bord agus baill foirne Spórt Éireann as an mbarr feabhais a bhaineann siad amach go leanúnach agus a gcuid dualgas á gcur i gcrích acu.

John Treacy

Bord Spóirt Éireann

Kieran Mulvey

Tá Kieran Mulvey ina Chathaoirleach ar Spóirt Éireann. Bhí sé ina Ard-Stiúrthóir ar an gCoimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre ón mbliain 1991 go dtí an bhliain 2016. Bhí sé ina Ard-Rúnaí ar Chumann na Meánmhúinteoirí, Éire, agus ar Chónaidhm Éireannach na Múinteoirí Ollscoile roimhe seo. Tá sé ina stiúrthóir ar Independent News and Media agus tá sé ar an gCathaoirleach ar Adare Human Resources. Tá Kieran ina Chomhalta d'Institiúid Oideachais na hAlban agus tá sé ina Chomhalta Oinigh den Institiúid Chairte um Pearsanra agus Forbairt. Sealbhaíonn Kieran Dochtúireachtaí Oinigh ó Ollscoil na hÉireann agus ón gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath. Thug sé faoi roinnt tionscadal thar ceann an Rialtais, an Aontais Eorpaigh agus na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair.

Bernard Allen (*go dtí an 30 Meán Fómhair 2019*)

Ceapadh Bernard Allen chuig Dáil Éireann den chéad uair sa bhliain 1981 agus choinnigh sé a shuíochán ag gach olltoghchán ina dhiaidh sin go dtí go ndeachaigh sé ar scor sa bhliain 2011. Agus é ina urlabhraí binse tosaigh um Shláinte, um Leas Sóisialach, um Chomhshaol agus Rialtas Áitiúil, um Ghnóthaí Eachtracha agus um Thurasóireacht, Spóirt agus Áineas, ceapadh Bernard mar Aire Stáit ag an Roinn Oideachais agus Comhshaoil le freagracht speisialta as an Óige agus an Spóirt. Tá Bernard ina chomhalta d'Aontas Galf Dhá Mhaide na hÉireann, de Bhol-Chumann na hÉireann, d'Aontas Gailf na hÉireann, de Chumann Lúthchleas Gael agus de Chumann Peile na hÉireann. Bhí Bernard ina chomhalta boird de Chomhairle Spóirt na hÉireann.

Lynne Cantwell

Is í Lynne Cantwell an bhean is mó cluiche d'fhoireann rugbaí na hÉireann. Bhí sí ina Leaschaptaen agus ina Captaen ar fhoirne 15 imreoir agus seachtar imreoirí na hÉireann freisin. D'imir sí d'fhoireann na hÉireann 86 uair thar thréimhse 13 bliana agus bhí sí i gcomhcheannas ar an bhfoireann nuair a bhuaigh Éire an Choróin Thriarach agus an Chaithréim Mhór agus nuair a fuair an fhoireann an lámh in uachtar ar an Nua-Shéalainn, buaiteoirí Chorn an Domhain, sa séasúr 2013/14. Ba í sin an chéad uair riamh a bhain an fhoireann an méid sin amach. Ó d'éirigh sí as an spóirt i leith, tá sí ag leanúint le hionadaíocht a dhéanamh don spóirt agus dul chun cinn a dhéanamh air. Tá Lynne ar an gCathaoirleach ar Choiste Stiúrtha Spóirt Éireann um Mná sa Spóirt.

Roy Dooney (*go dtí an 30 Meán Fómhair 2019*)

Tá Roy ina iar-Chathaoirleach ar Sport Ireland Facilities DAC. Is Sainchomhairleoir Cumarsáide ó thaobh gairme é. Bhí Roy ina chomhalta den Ghrúpa um an Straitéis Náisiúnta Spóirt ón mbliain 1995 go dtí an Leathanach | 7

bhliain 1997. Bhí sé ina Choimisinéir ar Shraith Eircom roimhe seo. Is iar-lúthchleasaí idirnáisiúnta é, a rinne ionadaíocht d'Éirinn mar reathaí ag comórtais Mharatóin, Bhóthair agus Trastúre ar leibhéal Eorpach agus Domhanda araon. Bhí sé ina chomhalta comhthofa de Bhord Lúthchleasaíocht Éireann.

Mary Dorgan

Tá Mary ag cur a dara téarma ar Bhord Spóirt Éireann isteach. Tá sí ar an gCathaoirleach ar an gCoiste Iniúcháireachta agus Riosca. Tá an-taithí ag Mary ar fhónamh mar chomhalta boird san earnáil phoiblí agus san earnáil phríobháideach araon. Roimhe sin, bhí sí ar an bPríomhfheidhmeannach Cúnta ar an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta. Is Idirghabhálaí atá creidiúnaithe ag CEDR í Mary.

Olive Loughnane

Bhí Olive in iomaíocht mar lúthchleasaí ardfheidhmíochta ón mbliain 2000 go dtí an bhliain 2013. Ba í Seaimpín Lúthchleasaíochta an Domhain í sa bhliain 2009. Rinne sí ionadaíocht d'Éirinn ag ceithre Chluichí Oilimpeacha i ndiaidh a chéile. Ó d'éirigh sí as an spórt iomaíoch sa bhliain 2013 i leith, tá Olive ag fónamh mar chomhalta de Choiste Ardfheidhmíochta Spóirt Éireann. Tá sí ag obair faoi láthair mar Staitisteoir sa Phríomh-Oifig Staidrimh agus d'oibrigh sí roimhe sin in Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus in Kerry Group Plc. Tá céim Bhaitisiléara Tráchtála agus céim Mháistreachta i gCeannaireacht agus Straitéis aici.

John Maughan

Bhí John Maughan ina Bhainisteoir Peile Sinsir, a bhí i gceannas ar Fhoirne Contae Mhaigh Eo, an Chláir, Ros Comáin agus Fhear Manach. Thug sé a fhoireann chuig Cluiche Ceannais Sinsir Uile-Éireann sna blianta 1996, 1997 agus 2004. Spreag John an Clár chun Craobh Peile na Mumhan a bhuachan don dara huair sa bhliain 1992. Bhainistigh sé foireann Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, i gCorn Sigerson freisin. Shealbhaigh John an ról mar Chaptaen le hÓglaigh na hÉireann agus tá sé fostaithe mar Oifigeach Soláthair le Comhairle Contae Mhaigh Eo faoi láthair. Oibríonn sé mar anailísí peile le Raidió RTÉ freisin. Bhí John ina chomhalta boird de Chomhairle Spóirt na hÉireann.

Padraic Moran

Ghlac Padraic páirt sna Cluichí Parailimpeacha dhá uair agus tá sé ina iarsheaimpín i spórt Boccia. Ós rud é gur chaith sé breis agus 20 bliain i mbun iomaíochta ar leibhéal náisiúnta agus idirnáisiúnta, tá raidhse eolais aige ar chúrsaí ar fud na hearnála míchumais spóirt. Anuas ar thaití fhairsing ar dhisciplíní atá ann cheana, tá sé ag glacadh páirt le déanaí i bPeil Cathaoireach Cumhachta a fhorbairt in Éirinn. D'oibrigh sí

le Youth Sport Trust UK roimhe seo agus tá sé ag obair faoi láthair le East Coast FM agus le Sky Ireland.

Caroline Murphy

Tá Caroline ina Craoltóir agus ina Síceolaí atá i gceannas ar a Comhlacht Sainchomhairleoireachta Cumarsáide féin. Roimhe sin, chuir Caroline an clár 'It Says in the Papers' i láthair ar Morning Ireland agus tá sí ag obair i réimse an Chraolacháin Spóirt ar an Raidió agus ar an Teilifís araon le blianta fada anuas. Bhí sí ina comhalta d'Údarás Forbartha an Champais Náisiúnta Spóirt agus rinne sí ionadaíocht don Údarás ar Choiste Ardfeidhmíochta Institiúid Spóirt na hÉireann.

Patrick O'Connor

Is Aturnae, Cróinéir, Eadránaí agus Nótaire Poiblí é Patrick O'Connor. Tá sé ina chomhalta de roinnt comhlachtaí gairmiúla agus rialála agus cumann gairmiúil agus rialála, lena n-áirítear Dlí-Chumann na hÉireann, Institiúid Chairte na nEadránaithe, an Binse Meabhair-Shláinte agus Painéil Araíonachta Chumann Rugbaí an Domhain, Chraobh na Sé Náisiún agus Chumann Rugbaí na hÉireann. D'fhóin Patrick mar chomhalta, mar chathaoirleach agus mar stiúrthóir le raon leathan eagraíochtaí gairmiúla, spóirt agus daonchairdiúla roimhe seo. Áirítear leo sin Bord Bainistíochta Phobalscoil Louis, Teach Dóchais, Cumann na hÉireann um Eolaíocht an Fhéinmharaithe, an Bord Comhairleach um Cheapacháin Bhreithiúnacha, Bord na Seirbhíse Cúirteanna agus Comhairle Preasa na hÉireann. Shealbhaigh sé oifigí éagsúla laistigh de Dhlí-Chumann na hÉireann. Ba é oifig an Uachtaráin (1998-99) an ceann ba shuntasáí díobh. Bhí Patrick ina chomhalta boird de Chomhairle Spóirt na hÉireann.

Roger O'Connor

Tá Roger an-cháilithe mar ghairmí airgeadais, ós rud é gur bhain sé Céim Bhaitsiléara Tráchtála agus Máistreacht sa Riarachán Gnó amach as Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath. Tá sé ina lánchomhalta de Chomhlachas na gCuntasóirí Deimhnithe Cairte ón mbliain 1997 i leith. Tá sé ag obair i réimse an scothspóirt ghairmiúil ón mbliain 2000 i leith, áit ar oibrigh sé mar Stiúrthóir Bainistíochta agus mar Cheann Airgeadais agus Rialachán in ERC, arb é eagraí agus sealbhóir ceart chomórtas rugbaí Chorn Heineken é. Tá Roy ina Stiúrthóir Airgeadais Tráchtála le ICON plc agus tá sé ar an gCathaoirleach ar Sport Ireland Facilities DAC.

Gary Ryan

Tá Gary Ryan ar Bhainisteoir Tionscadail UL Beo in Ollscoil Luimnigh. Ghlac sé páirt sna Cluichí Oilimpeacha faoi dhó agus bhuaigh sé bonn sna Cluichí Domhanda faoi Dhíon. Tá sé ina iar-Stiúrthóir Cóitseála do Lúthchleasaíocht Éireann agus chóitseáil sé lúthchleasaithe agus foirne ar leibhéal Domhanda, Leathanach | 9

Eorpach agus Oilimpeach, idir ógánaigh agus shinsir. Chaith sé roinnt blianta ag obair mar Cheann Corpacmhainne d'fhoireann Iomána Sinsir Thiobraid Árann freisin. Ina ról reatha, tá sé ag forbairt comhpháirtíochtaí agus clár sa Spórt agus i nGníomhaíocht Fhísiciúil trí theagmhálacha ardfheidhmíochta, pobail agus tionscail a théann chun tairbhe do dhaoine aonair, do phobail agus don tionscal. Tá sé ag obair freisin ar theagasc, seirbhís agus aschur taighde Ollscoil Luimnigh a chur le chéile freisin.

Liam Sheedy

Tá Liam Sheedy ina Bhainisteoir Réigiúnach le Banc na hÉireann. D'imir sé le foireann iomána Thiobraid Árann agus bhuaigh sé Craobh Mionúr Uile-Éireann mar bhainisteoir ar an gcontae sa bhliain 2006. Bhuaigh sé an tSraith Náisiúnta uair amháin agus Craobh na Mumhan dhá uair ar leibhéal sinsir sular bhuaigh sé Craobh Uile-Éireann sa bhliain 2010. D'oibrigh Liam mar anailísí iomána ar The Sunday Game ar RTÉ. Ina dhiaidh sin, ainmníodh é mar Bhainisteoir ar fhoireann Thiobraid Árann an dara huair, ar ról é inar bhuaigh sé Craobh Iomána Sinsir Uile-Éireann sa bhliain 2019. Bhí Liam ina chomhalta boird de Chomhairle Spóirt na hÉireann.

Freastal na gComhaltaí ar Chruinnithe Boird sa bhliain 2019

Thionóil Spórt Éireann 9 gcruinniú sa bhliain 2019.

Comhalta	Iomlán
Kieran Mulvey	9
John Maughan	9
Liam Sheedy	6
Roy Dooney*	5
Mary Dorgan	8
Caroline Murphy	8
Patrick O'Connor+	8
Bernard Allen*	6
Lynne Cantwell	9
Gary Ryan	8
Olive Loughnane	9
Roger O'Connor	9
Padraic Moran+	8

*Tháinig téarma Bernard Allen agus téarma Roy Dooney in éag an 30 Meán Fómhair 2019.

+Athcheapadh Pat O'Connor agus Padraic Moran chuig an mBord le héifeacht ón 1 Deireadh Fómhair 2019.

Baill Foirne Spóirt Éireann

Príomhoifigeach
John Treacy, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin
Airgeadas, Seirbhísí Corparáideacha agus Cumarsáid
Jason McLoughlin, Stiúrthóir Airgeadais, Seirbhísí Corparáideacha, Rialachais agus Cumarsáide
Colm McGinty, Stiúrthóir Rialachais, Riosca, Comhlíonta, Straitéise agus Acmhainní Daonna
June Menton, Stiúrthóir Tionscadal Airgeadais
Sarah Murphy, Bainisteoir Acmhainní Daonna
Cian Spillane, Ceann Riosca agus Comhlíonta
Joanna Gurtman, Bainisteoir Airgeadais
Nicola Connolly, Feidhmeannach Airgeadais
David Gash, Bainisteoir Cumarsáide agus Gnóthaí Poiblí
Caroline O'Mahony, Feidhmeannach Cumarsáide
Rannpháirtíocht agus Eitic
Una May, Stiúrthóir Rannpháirtíochta agus Eitice
Siobhan Leonard, Stiúrthóir Frithdhópála agus Eitice
Emma Jane Clarke, Stiúrthóir Comhpháirtíochtaí agus Rialachais
Gerard Nowlan, Oifigeach um Eolaíocht Frithdhópála
Melissa Morgan, Bainisteoir Tástála Frithdhópála agus Cáilíochta
Janine Merriman, Feidhmeannach Frithdhópála
Colin Murphy, Feidhmeannach Cumhdaigh
Benny Cullen, Bainisteoir Comhpháirtíochtaí agus Rialachais
Brian Staunton, Feidhmeannach Comhpháirtíochtaí Spóirt
Cormac MacDonnell, Bainisteoir um Ghníomhaíocht Amuigh faoin Spéir
Helen McHugh, Bainisteoir Éagsúlachta, Cuimsithe agus Cumhdaigh
Ardfheidhmíocht agus Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta
Paul McDermott, Stiúrthóir Sinsearach um Ardfheidhmíocht agus Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta
Niamh O'Sullivan, Bainisteoir Ardfheidhmíochta
Shane Califf, Bainisteoir an Aonaid Chomhlachtaí Rialaithe Náisiúnta
Conor Molan, Pleanáil agus Cláir Ardfheidhmíochta
Erika Murphy, Bainisteoir Deontas
Peter Brosnan, Feidhmeannach Ardfheidhmíochta
Melanie Lettis, Feidhmeannach Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta
Louise Carey, Oifigeach Ardfheidhmíochta
Taighde
Peter Smyth, Stiúrthóir Taighde
Aonad Cóitseála Spóirt Éireann
Michael McGeehin, Stiúrthóir Aonad Cóitseála Spóirt Éireann
Deirdre Morrissey, Cúntóir Pearsanta don Stiúrthóir
Diarmaid Moloney, Teicneoir TF
Sheelagh Quinn, Ceann Seirbhísí Corparáideacha
Ann McMahon, Riarthóir
Helen Quain, Riarthóir
Declan O'Leary, Ceann Seirbhísí Cóitseála
Adrian Byrne, Oifigeach um Fhorbairt Oideachais Chóitseálaithe
Fiona Larkin, Oifigeach um Fhorbairt Oideachais Chóitseálaithe
Hayley Harrison, Oifigeach um Fhorbairt Oideachais Chóitseálaithe
Yvonne Byrne, Oifigeach um Fhorbairt Oideachais Chóitseálaithe
Tony Wright, Oifigeach um Fhorbairt Oideachais Chóitseálaithe
Institiúid Spóirt Éireann
Bernie O'Shea, Fáilteoir
Clós Cúirte Spóirt Éireann
Miriam Browne, Fáilteoir

Forbhreathnú ar Choistí Spórt Éireann

Coiste	Ról	An Líon Cruinnithe
An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca	Faireachán agus athbhreithniú a dhéanamh ar chórais rialaithe inmheánaigh agus bhainistíochta riosca Spórt Éireann; Faireachán a dhéanamh ar iomláine na ráiteas airgeadais, agus breithiúnais shuntasacha tuairiscithe airgeadais á n-athbhreithniú; Faireachán agus athbhreithniú a dhéanamh ar a éifeachtaí atá feidhm iniúchóireachta inmheánaí Spórt Éireann.	7
An Coiste Ardfheidhmíochta	Cúnamh agus comhairle a thabhairt do Spórt Éireann maidir le nithe straitéiseacha, infheistíochta agus oibriúcháin a bhaineann leis an gClár Ardfheidhmíochta agus le hInstitiúid Spóirt na hÉireann.	4
An Coiste um Dheontais do Chomhlachtaí Rialaithe Náisiúnta	Breithniú a dhéanamh ar dheontais do Chomhlachtaí Rialaithe Náisiúnta agus iad a mholadh ar bhonn bliantúil.	2
An Coiste Frithdhópála	Cúnamh agus comhairle a thabhairt do Spórt Éireann maidir le comhlíonadh a fheidhmeanna, lena n-áirítear cúnamh agus comhairle a thabhairt do Spórt Éireann maidir le beartais a cheapadh a bhaineann leis na trí shnáithe tástála, oideachais agus taighde a cheanglaítear faoi Choinbhinsiún Chomhairle na hEorpa in aghaidh na Dópála, 1989, agus cúnamh agus comhairle a thabhairt do bhaill foirne Spórt Éireann maidir le beartais a chur i ngníomh.	3
An Coiste Cóitseála	Comhairle a thabhairt do Spórt Éireann maidir leis an mbeartas agus an straitéis le haghaidh Cóitseáil a fhorbairt ar oileán na hÉireann.	3
An Coiste Taighde agus Rannpháirtíochta	Is é ról an Choiste Taighde agus Rannpháirtíochta treoir straitéiseach a thabhairt maidir le taighde a ndéanann Spórt Éireann é agus a dhéantar thar ceann Spórt Éireann agus maidir leis an bplean rannpháirtíochta arna fhorbairt ag Spórt Éireann i gcomhthéacs an Bheartais Náisiúnta Spóirt agus Straitéis Spórt Éireann.	5
Coiste Champas Spórt Éireann	Is é cuspóir Choiste Champas Spórt Éireann De réir mhír 6(4)(a) de Sceideal 1 a ghabhann leis an Acht um Spórt Éireann, 2015, cúnamh agus comhairle a thabhairt do Spórt Éireann maidir lena chuid feidhmeanna a bhaineann le campas náisiúnta spórt a fhorbairt ar an láithreán.	6
An Coiste Incháilitheachta	Moltaí a dhéanamh don Bhord maidir le cé acu a shásaíonn nó nach sásaíonn eagraíochtaí is iarratasóir na critéir incháilitheachta arna gcomhaontú ag an mBord.	1
An Grúpa Stiúrtha um Fhormhaoirseacht a Dhéanamh ar an Tacaíocht ón Rialtas do Pheil Ghaelach na mBan agus do Chamógaíocht	Formhaoirseacht a dhéanamh ar an tacaíocht ón Rialtas do Pheil Ghaelach na mBan agus do Chamógaíocht.	1
An Grúpa Stiúrtha um Mná sa Spórt	Chun tacú le cur chun feidhme an Bheartais um Mná sa Spórt agus chun tacaíocht agus treoir a thabhairt d'obair an Treoraí nuacheaptha um Mná sa Spórt.	6

Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta

Is cuid dhílis de spórt na hÉireann iad na Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta don Spórt a n-aithníonn Spórt Éireann iad. Tá Spórt Éireann tiomanta d'earnáil láidir éagsúil Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta a sholáthraíonn dea-thorthaí don phobal spóirt in Éirinn. Is príomhghníomhaireachtaí soláthair do Spórt Éireann iad na Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta maidir le spriocanna straitéiseacha agus oibríochtúla Spórt Éireann a bhaint amach.

Ba cheart obair na gComhlachtaí Rialaithe Náisiúnta rannchuidiú leis na tosaíochtaí straitéiseacha a sainaitníodh sa Bheartas Náisiúnta Spóirt agus i Straitéis Spórt Éireann agus ba cheart na tosaíochtaí straitéiseacha a chomhlánú tríd an obair sin. I láthair na huaire, tá aitheantas á thabhairt ag Spórt Éireann do níos mó ná 60 comhlacht rialaithe don spórt. Faigheann a bhformhór infheistíocht airgeadais agus seirbhísí tacaíochta ar bhonn bliantúil.

Príomhdhírú de chuid Spórt Éireann is ea cabhrú leis na Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta struchtúir inbhuanaithe éifeachtacha a fhorbairt chun líon méadaithe rannpháirtithe agus oibrithe deonacha sa spórt a éascú. Déanann Spórt Éireann infheistíocht i gComhlachtaí Rialaithe Náisiúnta ar aon dul lena thosaíochtaí straitéiseacha. Déantar infheistíocht d'fhonn inbhuanaitheacht fhadtéarmach na gComhlachtaí Rialaithe Náisiúnta a chinntiú.

Tá obair an Aonaid Chomhlachtaí Rialaithe Náisiúnta dírithe ar oibríochtaí leanúnacha, rialachas agus bainistíocht airgeadais na gComhlachtaí Rialaithe Náisiúnta. Imríonn sé ról tábhachtach freisin in idirchaidreamh a dhéanamh le haonaid oibríocháin eile laistigh de Spórt Éireann, amhail an tAonad Ardfheidhmíochta, an tAonad Cóitseála, an tAonad Rannpháirtíochta agus an tAonad Frithdhópála.

Forbhreathnú ar an gClár:

Infheistíocht i gComhlachtaí Rialaithe

Faigheann a lán Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta cistiú chun tacú lena bpríomhoibríochtaí go príomha. Cumhdaítear leis an bPríomhdheontas do Chomhlachtaí Rialaithe Náisiúnta cur chun feidhme a dhéanamh ar phleananna straitéiseacha agus ar chláir rannpháirtíochta, cóitseálaithe a fhorbairt, baill foirne ghairmiúla a fhostú agus na costais riaracháin a bhaineann leis an spórt a fhorbairt agus a sholáthar a sheasamh. Úsáidtear an croíchistiú chun Cód Eitice agus Clár Frithdhópála Spórt Éireann a chur chun feidhme freisin.

Agus infheistíocht á déanamh aige i gComhlachtaí Rialaithe Náisiúnta, tugann Spórt Éireann aird ar an tábhacht náisiúnta a bhaineann le gach spórt, ar cháilíocht na gclár agus na n-oibríochtaí, ar na leibhéil rannpháirtíochta, ar an líon ball, ar an líon oibrithe deonacha agus ar an gcaipíteal sóisialta.

Ba mhaith le Spórt Éireann a fheiceáil freisin go mbeadh raon éagsúil spórt ar fáil do mhuintir na hÉireann agus tá sé ag leanúint le hinfeistíocht a dhéanamh i raon leathan Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta chun na críche sin. Admhaíonn Spórt Éireann nach mbeidh ach acmhainn theoranta ag Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta beaga mórbheartas an Rialtais a chomhlíonadh.

Tá Spórt Éireann ag súil leis gurb amhlaidh, maidir leis na Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta a fhaigheann leibhéil shuntasacha chistiúcháin, go n-oibreoidh siad ar son aidhmeanna sonraithe Spórt Éireann agus mórbheartas an Rialtais a chomhlíonadh ar leibhéal an phobail.

Iarrtar ar gach ceann de na Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta a thaispeáint go bhfuil siad oiriúnach don fheidhm agus go gcomhlíonann siad na príomhbheartais ó thaobh dlí, rialachais, eitice, oibriúcháin, bainistíocht riosca agus cánach/muiníne de.

Bhí méadú 18% ann sa bhliain 2019 ar an mbuiséad croíchistiúcháin foriomlán don earnáil Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta, áit ar mhéadaigh an cistiú ó €10.845 milliún go €12.845 milliún. Ba é an toradh a bhí ar an infheistíocht mhéadaithe sin gur tugadh deis do Spórt Éireann an earnáil Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta a neartú tuilleadh chun a chuspóirí straitéiseacha agus na cuspóirí sin a shainaithnítear sa bheartas spóirt ón Rialtas a chomhlíonadh. De bharr an mhéadaithe shuntasacha ar an gcistiú i gcomparáid leis sin a bhí ar fáil sa bhliain 2018, bhí Spórt Éireann in ann cistiú méadaithe a thabhairt d'fhormhór na gcomhlachtaí rialaithe a bhí ag feidhmiú go maith. Áirítear na nithe seo le roinnt de na leithdháilí suntasacha a rinneadh sa bhliain 2019:

Spóirt atá Tábhachtach ón taobh Straitéiseach agus atá Dírithe ar Rannpháirtíocht: Aithnítear sa Bheartas Náisiúnta Spóirt 2018-2027 gur dóigh do ghníomhaíochtaí áirithe spóirt rannchuidiú go mór le mórchlár oibre an rialtais um rannpháirtíocht sa spóirt ar feadh an tsaoil agus sláinte. Sainaithnítear sa bheartas go bhfuil an snámh, an rothaíocht agus an reathaíocht ina dtír spóirt ar fiú aird ar leith a thabhairt orthu agus tacaíocht ar leith a thabhairt dóibh. Tá an infheistíocht croíchistiúcháin a rinne Spórt Éireann sna trí chomhlacht rialaithe náisiúnta sa bhliain 2019 ag teacht leis na haidhmeanna beartais sin.

- Lúthchleasaíocht Éireann: €950,000 (+€63K)
- Cumann Snámha na hÉireann: €910,000 (+€83K)
- Rothaíocht Éireann: €350,000 (+€45K)

Toradh eile atá ar an gcistiú méadaithe is ea gur cuireadh ar chumas Spórt Éireann tuilleadh infheistíochta a dhéanamh chun tacaíocht agus aitheantas a thabhairt don tsárobair a rinneadh go dtí seo ar an líon rannpháirtithe a mhéadú i spóirt amháil trí-atlan, gleacaíocht, rámháíocht, cruicéad agus leadóg.

Spóirt atá faoi Stiúir ag Oibrithe Deonacha: Mar thoradh ar an méadú ar an gcistiú foriomlán, bhí deis ag Spórt Éireann na comhlachtaí atá faoi stiúir ag oibrithe deonacha a neartú agus a bhreisiú. Tá Spórt Éireann tiomanta do chabhair a thabhairt do Chomhlachtaí Rialaithe Náisiúnta agus iad ag iarraidh aistriú ó bheith ina n-eagraíochtaí atá faoi stiúir ag oibrithe deonacha ina n-eagraíochtaí a bhfuil baill foirne ghairmiúla acu. Le blianta beaga anuas, shainaithin Spórt Éireann roinnt spóirt atá faoi stiúir ag oibrithe deonacha agus a thaispeáin go mbeadh sé d'acmhainn acu an t-aistriú sin a dhéanamh. Oibreoidh Spórt Éireann i ndlúthchomhar leis na spóirt sin sna blianta atá le teacht chun iad a fhorbairt tuilleadh. De réir mar a leanann an cistiú foriomlán ar aghaidh ag méadú, tá sé beartaithe leanúint le spóirt eile atá faoi stiúir ag oibrithe deonacha a shainaithint agus cabhrú leo méadú go mór.

Tionscadail agus Imeachtaí Speisialta: Anuas ar an gcistiú príomhdheontas, d'ímfhálaigh Spórt Éireann €299,000 chun tacú le tionscadail forbartha agus le himeachtaí Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta sainaitheanta áirithe ar bhain tábhacht straitéiseach leo. Leithdháileadh €250,000 sa bhreis freisin ar Chluichí Oilimpeacha Éireann le haghaidh a rannpháirtíochta i gCluichí Domhanda na bliana 2019.

Cistiú Spriocdhírthe: Sa bhliain 2019, lean an tAonad um Chomhlachtaí Rialaithe Náisiúnta lena chuid oibre leis an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt agus leis an Roinn Sláinte araon chun aon deiseanna infheistíochta breise atá ann don earnáil Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta a shainaithint. Mar thoradh air sin, tugadh tuilleadh tacaíochta do Chomhlachtaí Rialaithe Náisiúnta faoi Scéimeanna Cistiúcháin Chiste na gCuntas Díomhaoin (€1,165,000) agus an Chláir Éire Shláintiúil (€455,000).

Cuireadh Cistiú ó Chiste na gCuntas Díomhaoin ar fáil do Chomhlachtaí Rialaithe Náisiúnta chun go mbeadh siad in ann forbairt a dhéanamh ar thionscnaimh nuálacha spóirt agus ghníomhaíochta fisiciúla a bhfuil mar aidhm leo freastal ar cheann amháin nó níos mó de na grúpaí tairbhíthe seo a leanas:

- Forbairt phearsanta agus shóisialta daoine atá faoi mhíbhuntáiste eacnamaíoch nó sóisialta
- Forbairt oideachasúil daoine atá faoi mhíbhuntáiste oideachasúil
- Daoine faoi mhíchumas (de réir bhrí an Achta um Stádas Comhionann, 2000)

Tá sé mar aidhm le Cistiú ón gClár Éire Shláintiúil tacú le Comhlachtaí Rialaithe agus iad ag iarraidh tionscadail agus tionscnaimh atá nuálach, a théann thar earnálacha difriúla agus atá fianaisebhunaithe a sholáthar, ar tionscadail agus tionscnaimh iad a thacaíonn le cur chun feidhme Phlean Náisiúnta na hÉireann um Ghníomhaíocht Fhisiciúil.

An Clár Aitheantais

Feidhmíonn Spóirt Éireann próiseas aitheantais d'eagraíochtaí atá ag iarraidh bheith incháilithe do thacaíocht a fháil mar Chomhlacht Rialaithe Náisiúnta don Spóirt. Leis na critéir aitheantais, leagtar ceanglais íosta síos do gach eagraíocht atá ag iarraidh iarratas a dhéanamh ar thacaíocht airgeadais ó Spóirt Éireann.

Tá na Critéir reatha i bhfeidhm ó mhí Dheireadh Fómhair 2018 i leith.

Níor thug Spóirt Éireann aitheantas d'aon chomhlachtaí rialaithe breise sa bhliain 2019.

Rialachas

Mar atá leagtha amach i nGníomh 31 den Bheartas Náisiúnta Spóirt 2018-2027, cuirfear ceangal ar gach Comhlacht Rialaithe Náisiúnta an Cód Rialachais don Spóirt a ghlacadh faoi dheireadh na bliana 2021.

Tá Spóirt Éireann ag leanúint le tacaíocht a thabhairt do Chomhlachtaí Rialaithe Náisiúnta agus iad ag iarraidh an acmhainn Rialachais ina n-eagraíocht a mhéadú roimh an spriocdháta sin. D'fhreastail a lán Comhlachtaí Rialaithe ar raon leathan imeachtaí oiliúna lánearnála saor in aisce a réachtálar sa bhliain 2019. Le linn na n-imeachtaí sin, pléadh na réimsí seo a leanas a bhaineann le Rialachas: Cibearshlándaíl; Bainistíocht Riosca; an Cód Rialachais a Thuiscint; Cosaint Sonraí; agus Prionsabail Dea-Rialachais.

Chomh maith leis sin, bhain roinnt Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta leas as oiliúint inmheánach saor in aisce do chomhaltaí Boird i réimsí Rialachais amháil róil, freagrachtaí agus an dea-chleachtas rialachais do Bhoird.

Le linn na bliana 2019, leanadh le rochtain a thabhairt do Chomhlachtaí Rialaithe Náisiúnta ar chlár ríomhfhoghlama saor in aisce lena dtugtar tacaíocht d'eagraíochtaí atá ag glacadh an Chóid Rialachais. D'fhorbair an Carmichael Centre an clár sin agus tá modúl éagsúla in oiliúint rialachais ar áireamh leis. De bhreis air sin, áirítear leis rochtain ar scata teimpléad don raon doiciméad agus beartas eagraíochta riachtanach dá dtagraítear sa Chód.

I dteannta an chumais chun comhairle a fháil faoi shaincheapadh na dteimpléad sin trí Sheirbhís Chomhairleach Rialachais Spóirt Éireann, ar seirbhís saor in aisce í, téann an raon cuimsitheach teimpléad in-saincheaptha chun tairbhe go mór do Chomhlachtaí Rialaithe Náisiúnta de réir mar a oibríonn siad ar an gCód a ghlacadh.

Leanfaidh Spóirt Éireann leis an acmhainn Rialachais san earnáil a thógáil agus leanfar leis na seirbhísí seo a leanas a sholáthar saor in aisce ina leith sin:

- Oiliúint seomra ranga i Rialachas agus Bainistíocht Riosca a chur ar fhostaithe agus ar chomhaltaí Boird
- Oiliúint inmheánach i rialachas a chur ar chomhaltaí Boird ar bhonn saincheaptha
- Seimineáir Bhricfeasta ina ndírítear ar Mháistir-ranganna Rialachais a sheoladh i gcomhar leis an bhForas Riaracháin
- Tacaíocht ríomhfhoghlama a sholáthar i dtaca leis an gCód Rialachais a thuiscint agus a chur chun feidhme (lena n-áirítear rochtain ar na teimpléid agus na doiciméid bheartais riachtanacha)
- Seirbhís Chomhairleach saor in aisce a sholáthar (ar an bhfón nó ar bhonn aghaidh ar aghaidh) chun déileáil le ceisteanna faoi ábhair a bhaineann le Rialachas
- Amhail an 31 Nollaig 2019, ghlac 26 Comhlacht Rialaithe Náisiúnta an Cód ina iomláine agus tá 36 Comhlacht Rialaithe Náisiúnta eile ag obair ar an gCód a ghlacadh.

De bhreis air sin, bhí sásra réiteach díospóide ar áireamh i mbunreacht na gComhlachtaí Rialaithe Náisiúnta uile atá aitheanta ag Spóirt Éireann. Tacaíonn Spóirt Éireann le Réitigh Dhíospóide Spóirt Éireann (Spóirt Cóir Éireann roimhe sin), ar feidhm de chuid Chónaidhm Spóirt na hÉireann é. Is é Réitigh Dhíospóide Spóirt Éireann an sásra réiteach díospóide atá in úsáid ag cuid mhór de na Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta. Is seirbhís neamhspleách réiteach díospóide do Spóirt na hÉireann é Réitigh Dhíospóide Spóirt Éireann, a thairgeann saoráid Idirghabhála agus Eadrána araon.

Tríd an bPróiseas Deontais Bliantúil a sheol sé agus tríd an Athbhreithniú Lár Bliana agus an clár um Iniúchóireacht ar Chomhlachtaí Rialaithe Náisiúnta a rinne sé, lean an tAonad Tacaíochta do Chomhlachtaí Rialaithe Náisiúnta le faireachán agus meastóireacht a dhéanamh ar na ceanglais chomhlíonta a ghabhann le cistiú Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta.

An tAonad Ardfheidhmíochta

Soláthraíonn Aonad Ardfheidhmíochta Spórt Éireann tacaí do lúthchleasaithe agus cláir a bhfuil mar aidhm leo dea-fheidhmíocht a sholáthar ar an leibhéal Eorpach, Domhanda, Oilimpeach agus Parailimpeach. Tá sé mar chuspóir ag an Aonad Ardfheidhmíochta córas ardfheidhmíochta úrscothach a fhorbairt atá faoi stiúir ag Spórt Éireann agus atá á soláthar ag Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta. Áirítear iad seo leis na réimsí straitéiseacha lena múnlaítear obair an Aonaid Ardfheidhmíochta: cistiú; comhpháirtíochtaí; rialachas spórt ardfheidhmíochta; faireachán agus meastóireacht; straitéis agus beartas.

Cistiú

Cistiú do Chláir Ardfheidhmíochta

Sa bhliain 2019, leithdháil Spórt Éireann Cistiú do Chláir Ardfheidhmíochta ab fhiú €8.46m. Tháinig méadú €1.5m ar an gCistiú do Chláir Ardfheidhmíochta sa bhliain 2019. Leithdháil Spórt Éireann an cistiú sin ar aon dul, ó bheag nó a mhór, leis an gcistiú breise a fuarthas sa bhliain 2018. Leis an gcistiú sin, cuireadh borradh tábhachtach faoin gcóras le linn tréimhse rithábhachtach den timthriall Cluichí.

Baintear úsáid as an gCistiú do Chláir Ardfheidhmíochta chun tacú le cláir feidhmíochta na gComhlachtaí Rialaithe Náisiúnta a sholáthar. Ba ar na deich gComhlacht Rialaithe Náisiúnta ab fhearr feidhmíocht a leithdháil Spórt Éireann 80% den Chistiú do Chláir Ardfheidhmíochta. Cumhdaítear na nithe seo leis an gcistiú sin: tuarastal na mball foirne feidhmíochta, lena n-áirítear cóitseálaithe agus soláthraithe seirbhíse; na costais a bhaineann le freastal ar champaí oiliúna agus ar chomórtais; agus tacaíocht don Chomhlacht Rialaithe Náisiúnta agus é ag forbairt a chonaire feidhmíochta.

Tóiceo 2020

Tríd an bpróiseas meastacháin fhorlíontaigh, fuair Spórt Éireann cistiú breise sa bhliain 2019 ab fhiú €800 le haghaidh Thóiceo 2020. Leithdháileadh an cistiú sin go príomha ar Chónaidhm Oilimpeach na hÉireann agus ar Chumann Parailimpeach na hÉireann agus b'ionann é agus an dara céim den phacáiste tacaíochta ó Spórt Éireann le haghaidh Chluichí Thóiceo. Leithdháileadh an chuid eile den chistiú sin ar na Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta a rinne iarrataí sa bhliain chuig Spórt Éireann ar thionscadaíl a bhain go sonrach le Cluichí Thóiceo. Bhí sé mar thosaíocht ag Spórt Éireann an infheistíocht a úsáid chun an brú airgeadais sa chóras a laghdú trí chuid de na costais le haghaidh Chluichí Thóiceo a fhritháireamh bliain roimh ré.

Glactar go coitianta leis gur Cluichí costasacha d'Éirinn ar fud na ndisciplíní Oilimpeacha agus Parailimpeacha iad Cluichí Thóiceo 2020. I gcomhar le Cónaidhm Oilimpeach na hÉireann, tháinig Spórt Éireann ar shoiléire ar an-chuid de na costais a bhaineann leis na Cluichí. Dá ainneoin sin, beidh roinnt éiginnteachta ann fós maidir le costais go dtí go gcinnteoidh lúthchleasaithe a gcáiliú sa chéad ráithe agus sa dara ráithe den bhliain 2020. Is amhlaidh sin i gcás na gCluichí Parailimpeacha freisin, toisc nárbh eol an líon ball d'Fhoireann Éireann go dtí mí na Bealtaine 2020.

Cistiú a Tugadh go Díreach do Lúthchleasaithe

Soláthraíonn an Scéim Cardála Idirnáisiúnta a bhfeidhmíonn Spórt Éireann í cúnadh airgeadais do na lúthchleasaithe is cumasaí de chuid na hÉireann. Tá sé mar aidhm leis an Scéim a chinntiú go mbeidh lúthchleasaithe in ann ullmhú go héifeachtach do mhórchraobhacha amhail Cluichí Eorpacha, Cluichí Domhanda, Cluichí Oilimpeacha agus Cluichí Parailimpeacha.

Sa bhliain 2019, leithdháil Spórt Éireann cistiú ab fhiú €1,934,000 tríd an Scéim Cardála Idirnáisiúnta. Fuair breis agus 90 lúthchleasaí a dhéanann ionadaíocht do 16 spórt dhifriúla tacaíocht ón Scéim. De bhreis ar chistiú, bíonn rochtain ag lúthchleasaithe ar an Scéim Cardála Idirnáisiúnta ar raon seirbhísí agus saoráidí in Institiúid Spórt Éireann.

Do na blianta 2019 agus 2020, dámhtar an Scéim Cardála Idirnáisiúnta mar Scéim dhá bhliain. Maidir leis na lúthchleasaithe ar dámhadh Cardáil dóibh sa bhliain 2019, gheobhaidh siad cistiú go dtí mí na Nollag 2020, faoi réir téarmaí agus coinníollacha a chomhlíonadh. An buntáiste is mó a thagann as an athrú sin ná go gcuirtear ar chumas lúthchleasaithe díriú go hiomlán ar cháiliú do na Cluichí Oilimpeacha agus na Cluichí Parailimpeacha agus ar a bhfeidhmíocht lena linn agus go laghdaítear na brúnna diúltacha a bhaineann le critéir chistiúcháin a shaothrú.

Rialachas agus Comhpháirtíochtaí

An Coiste Ardfheidhmíochta

Tá an Coiste Ardfheidhmíochta ina fhochoiste de chuid Bhord Spórt Éireann. Tugann sé cabhair agus comhairle ar bhonn leanúnach maidir le hábhair a bhaineann le feidhm Spórt Éireann faoi alt 6(1) den Acht um Spórt Éireann, 2015: “cur chun cinn, forbairt agus comhordú an spóirt iomaíoch, agus gnóthú barr feabhais sa spórt iomaíoch, a spreagadh”.

Tugann Aonad Ardfheidhmíochta Spórt Éireann tuairisc don Choiste Ardfheidhmíochta maidir le cistiú, le beartas agus le feidhmíocht na gComhlachtaí Rialaithe Náisiúnta. Tugann Institiúid Spórt Éireann tuairisc don Choiste maidir le seirbhísí, le tionscnaimh a bhaineann le feidhmíocht agus le cláir forbartha ceannaireachta feidhmíochta.

Saothar mór oibre a chuir an Coiste Ardfheidhmíochta i gcrích sa bhliain 2019 ba ea straitéis nua a fhorbairt le haghaidh spórt ardfheidhmíochta. Agus é faoi chathaoirleacht Liam Sheedy, rinne Grúpa Forbartha na Straitéise Ardfheidhmíochta formhaoirseacht ar an bpróiseas comhairliúcháin, bhreithnigh sé fionnachtana na dteagmhálacha sin, rinne sé anailís ar an dea-chleachtas idirnáisiúnta sa spórt ardfheidhmíochta agus thug sé treoir maidir le tosaíochtaí straitéiseacha.

Cónaidhm Oilimpeach na hÉireann

Soláthraíonn Spórt Éireann cistiú do Chónaidhm Oilimpeach na hÉireann chun tacú leis a costais riaracháin agus chlár a sheasamh. Maidir leis an gcistiú ó Spórt Éireann, díritear é mar thosaíocht ar Leathanach | 18

ghníomhaíochtaí a bhaineann le feidhmíocht agus a théann tairbhe do lúthchleasaithe Éireannacha go díreach agus go hindíreach. Tá bunathrú chun feabhais tagtha ar an gcaidreamh oibre idir Spórt Éireann agus an Chónaidhm ar fud thimthriall Chluichí Thóiceo. Tríd an nGrúpa Oibre um Chluichí Thóiceo, tá an comhar idir an Chónaidhm agus Aonad Ardfheidhmíochta Spórt Éireann ag déanamh dul chun cinn ar an bpróiseas um riachtanais shonracha gach Comhlachta Rialaithe Náisiúnta ar leith le haghaidh Thóiceo 2020 a chinneadh. Chomh maith leis sin, tá Institiúid Spórt Éireann ag obair i gcomhpháirt go rathúil leis an gCónaidhm roimh Thóiceo 2020.

Cumann Parailimpeach na hÉireann

Soláthraíonn Spórt Éireann cistiú do Chumann Parailimpeach na hÉireann chun tacú leis a chostais riaracháin agus oibriúcháin a sheasamh. Soláthraíonn Spórt Éireann cistiú do Chláir Ardfheidhmíochta do Chumann Parailimpeach na hÉireann freisin chun tacú leis a chlár paraspóirt a sholáthar. Is clár é sin a thacaíonn le lúthchleasaithe Éireannacha babhtáí ceannais a shroicheadh agus boinn a bhuanachan ag Craobh na hEorpa, Craobh an Domhain agus na Cluichí Parailimpeacha. Bainistíonn Cumann Parailimpeach na hÉireann na cláir lúthchleasaíochta parashnáimha agus para-lúthchleasaíochta go díreach.

Faoin straitéis nua uaidh, tá sé beartaithe ag Cumann Parailimpeach na hÉireann a shamhail reatha a athrú. Is é a bheidh i gceist leis sin an snámh agus an lúthchleasaíocht a leabú isteach ina gComhlachtaí Rialaithe Náisiúnta faoi seach. Tionscnamh fadtéarmach a bheidh ansin agus beidh ardleibhéal chomhair idir Cumann Parailimpeach na hÉireann, Snámh Éireann agus Lúthchleasaíocht Éireann ag teastáil ina leith.

An Straitéis Ardfheidhmíochta 2020-2029

Sroicheadh na céimeanna forbartha deiridh den Straitéis Ardfheidhmíochta 2020-2029 i mí Iúil 2019. Ceadáíodh í ar gach leibhéal rialaithe i mí Dheireadh Fómhair 2019. Sainiúitear sa straitéis na spriocanna boinn le haghaidh Pháras 2024 agus Los Angeles 2028. Tugtar tacaíocht don straitéis le seacht bpríomhcholún straitéiseacha arb é an toradh a bheidh orthu, a luaithe a bhainfear amach iad, go gcuirfear an córas ardfheidhmíochta in Éirinn ar aghaidh go mór. Sóisialaíodh an straitéis laistigh den phobal ardfheidhmíochta agus seolfar í sa bhliain 2020.

Feidhmíocht

Sa bhliain 2019, bhuaigh lúthchleasaithe Éireannacha ochtó bonn i gcomórtais aitheanta Chraobh an Domhain nó Chraobh na hEorpa nó i gcomórtais aitheanta choibhéiseacha ar leibhéal sinsir nó ar leibhéal sóisir/óige/faoi bhun 23 bliain d'aois. Tá miondealú inscne ar na boinn sin le fáil thíos:

- Bhuaigh mná 45 bonn
- Bhuaigh fir 25 bonn
- Buadh deich mbonn in imeachtaí foirne measctha

Is díol suntais é gur buadh 11 bhonn i gCraobh an Domhain i ndisciplíní Oilimpeacha/Parailimpeacha. Ar na spóirt inar baineadh feidhmíocht póidiam amach tá: Rámhaíocht; Gleacaíocht; Pararothaíocht; Parashnámh; Para-lúthchleasaíocht agus Paralámhach.

Sa bhliain 2019, bhain 41 lúthchleasaí (móide cúigear cúltacaí) an caighdeán cáilithe tosaigh le haghaidh Chluichí Oilimpeacha Thóiceo 2020. Bhain cúigear lúthchleasaithe áiteanna cuóta uathoibríocha amach le haghaidh Thóiceo 2020 de bharr a bhfeidhmíochta i gCraobh an Domhain.

Éachtaí Eile:

Anuas ar na réimsí oibre thuas, chuir an tAonad Ardfheidhmíochta na nithe seo a leanas i gcrích sa bhliain 2019:

- Faireachán agus meastóireacht a dhéanamh ar na feidhmíochtaí ar sholáthair spóirt chistithe ardfheidhmíochta iad
- An chéad chéim de Bheartas Leasa Lúthchleasaithe a fhorbairt
- Beartas Máithreachais a fhorbairt agus a sheoladh le haghaidh na Scéime Cardála Idirnáisiúnta

Institiúid Spórt Éireann

Faoin Acht um Spórt Éireann (2015), is iad seo a leanas na feidhmeanna a chuireann Institiúid Spórt Éireann i gcrích go hiomlán nó go páirteach thar ceann Spórt Éireann:

- cur chun cinn, forbairt agus comhordú an spóirt iomaíoch, agus gnóthú barr feabhais sa spórt iomaíoch, a spreagadh;
- tacú le scoth-lúthchleasaithe barr feabhais a bhaint amach sa spórt;
- faisnéis a scaipeadh maidir leis an spórt iomaíoch nó áineasa

Oibríonn Institiúid Spórt Éireann go díreach le Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta Ardfheidhmíochta agus soláthraíonn sí na nithe seo a leanas:

- Seirbhísí Eolaíochta agus Leighis Spóirt
- Scileanna saoil agus tacaíocht chomhairleach do lúthchleasaithe
- Cláir Forbartha Daoine Ardfheidhmíochta, a soláthraíonn ár rannóg Cumais agus Saineolais iad
- Tacaíocht pleanála feidhmíochta
- Ionad Traenála Ardfheidhmíochta

Buaicphointí an Chláir:

Ullmhúcháin do Thóiceo 2020

Bhí Cluichí Eorpacha EOC 2019 i Mionsc ina ndeis tástáil fíorshaoil a dhéanamh ar éifeachtacht na comhpháirtíochta idir Cónaidhm Oilimpeach na hÉireann agus Institiúid Spórt Éireann agus ar phleananna le haghaidh Chluichí Thóiceo. Thángthas ar an gconclúid seo a leanas sa tuarascáil meastóireachta ón gCónaidhm ar Chluichí Eorpacha Mhionsc 2019:

“Luadh go forleathan an dea-chaidreamb oibre atá ar bun idir Cónaidhm Oilimpeach na hÉireann agus Spórt Éireann agus ba cheart leanúint lena chothú chun a chinntiú go mbeidh comhsheasmacht ann sa tacaíocht a thabharfar do lúthchleasaithe ar fud an timbrialla agus sna Cluichí.”

Áirítear na nithe seo le buaicphointí eile de chuid na comhpháirtíochta idir an Chónaidhm agus Institiúid Spórt Éireann sa bhliain 2019:

- Ceapadh naonúr ball d’Fhoireann Institiúid Spórt Éireann chuig Foireann Éireann don bhliain 2020.
- Thug foireann cúigir ó Institiúid Spórt Éireann tacaíocht d’Fhoireann Éireann ag Féile Oilimpeach Óige na hEorpa in Baki.
- Bunaíodh Coimisiún Eolaíochta agus Leighis na Cónaidhme agus ceapadh an tOll. John O’Byrne mar Chathaoirleach Neamhspleách.
- Thug an Institiúid tacaíocht le linn roinnt cuairteanna cigireachta agus ullmhúcháin ar Thóiceo agus ar chathracha ina réachtálfáí campaí coinneála roimh na Cluichí. Áiríodh leo sin Fukuroi, Hamamatsu, Masuda, Narita agus Miyazaki.

- Rinneadh an-chuid taighde agus pleanála le haghaidh na straitéisí teasa, taistil agus oiriúnaithe a gcloífeadh Foireann Éireann leo.
- Rinneadh taighde, forbairt agus seoladh ar an gClár Trasdula do Chluichí Thóiceo 2020.

Sa bhliain 2019, thug Institiúid Spórt Éireann comhaontú comhpháirtíochta chun críche le Cumann Parailimpeach na hÉireann. De bharr an chomhaontaithe, ainmníodh sinn mar *‘Chomhpháirtí Soláthair Tacaíochta Feidhmíochta do Chumann Parailimpeach na hÉireann’*. Áiríodh iad seo leis na garspriocanna soláthair comhpháirtíochta tosaigh: ceapadh cúigear ball d’fhoireann na hInstitiúide chuig Foireann Éireann le haghaidh Thóiceo 2020 agus le haghaidh an Champa Coinneála roimh na Cluichí i gCathair Narito; agus rinneadh an Clár Trasdula do na Cluichí a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm maidir le para-lúthchleasaithe.

Úsáid an Lárionaid Ardfeidhmíochta

Tá méadú suntasach tagtha ar an méid atá gach grúpa ag úsáid na hInstitiúide agus is féidir a fheiceáil go bhfuil méid mór eolais, taithí agus tacaíochta á chomhroinnt ar fud gach grúpa. Tá an Lárionad Ardfeidhmíochta ina phointe fócasach anois le haghaidh na gníomhaíochta ardfeidhmíochta a dtugann a lán Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta fúithi. Áirítear léi seirbhísí oiliúna agus tacaíochta a sholáthar agus óstáil a dhéanamh ar imeachtaí agus ar chruinnithe de chuid bhoird na gComhlachtaí Rialaithe Náisiúnta agus de chuid an Choiste Ardfeidhmíochta.

Tháinig méadú go 13,963 ceann ar fhigiúr ceannlíne an lín iomláin chuairteanna ar Institiúid Spórt Éireann sa bhliain 2019. B’ionann é sin agus méadú 47.3% ó na 9,479 cuairt a tugadh sa bhliain 2018. Tháinig méadú as cuimse ar an líon iomlán úsáideoirí uathúla (lúthchleasaithe, cóitseálaithe, etc.) ó 28 spórt san iomlán sa bhliain 2019. B’ionann é agus 1,482 duine.

Tionchar ar Fheidhmíocht Lúthchleasaithe

Sna fionnachtana ón Suirbhé ar Thuairimí a rinne Institiúid Spórt Éireann le déanaí ar lúthchleasaithe, léirítear go bhfuil ardleibhéal sástachta ann i measc lúthchleasaithe leis an tacaíocht a thugann Institiúid Spórt Éireann. Toradh an-sásúil is ea an ráta sástachta 4.42 as 5 (88.4%) ó lúthchleasaithe ar dámhadh cardáil dóibh.

Straitéis Institiúid Spórt Éireann 2020-2024

Athbhreithníodh Ráiteas Straitéise na hInstitiúide agus athailníodh é leis an Straitéis Ardfeidhmíochta Éireannach nua.

Sa straitéis athbhreithnithe, coinnítear na sé thosaíocht straitéiseacha a bhí ann cheana. Mar sin féin, rinneadh roinnt breiseanna beaga agus athraíodh an fhís d’Institiúid Spórt Éireann chuig an bhfís seo a leanas:

“Chun fónamb mar chomhpháirtí tacaíochta bunriachtanaí le lúthchleasaithe ardfeidhmíochta na hÉireann agus iad ag iarraidh rath marthanach leantach póidiam ar an ardán domhanda.”

Foilseofar straitéis na hInstitiúide in am is i dtráth.

Comhdháil HPX 2019

D'fhreastail breis agus 200 toscaire iarrtha ón bpobal ardfeidhmíochta ar Chomhdháil HPX 2019, a cuireadh ar siúl sa Tulfarris Hotel and Golf Resort. Thug lear cainteoirí den chéad scoth aitheasc ag an ócáid trí sheisiúin éagsúla phainéil. Áiríodh leo sin Steve Ingham (Supporting Champions), John Donnelly (Spórt na Ríochta Aontaithe), Patricia Heberle (Ceann Imeachta Spórt Éireann) agus a lán Stiúrthóirí Feidhmíochta, cóitseálaithe agus lúthchleasaithe. Ghníomhaigh David Gillick, iar-lúthchleasaí Oilimpeach, mar reachtaire don ócáid agus thug sé an-léargas pearsanta ar roinnt mhaith de na hábhair phlé.

Ar aon dul leis an díriú ar ullmhacht do na Cluichí agus ar leas lúthchleasaithe, sheol Eoin Rheinisch, Ceann Scileanna Feidhmíochta don Saol, an Clár Trasdula do Thóiceo go foirmiúil. Leis an gclár sin, tairgfear tacaí éagsúla do lúthchleasaithe agus do bhaill foirne agus iad ag iarraidh a dtrasdula a bhainistiú ar fud na bliana Oilimpí/Parailimpí.

Forbheathnú ar an gClár:

Soláthraíonn Institiúid Spórt Éireann raon leathan tacaí feidhmíochta do Spóirt Ardfeidhmíochta in Éirinn. Is é seo a leanas achoimre ghairid ar gach disciplín tacaíochta sa bhliain 2019:

Scileanna Feidhmíochta don Saol agus an tSeirbhís Chomhairleach:

Sholáthair an fhoireann scileanna don saol tacaíocht do lúthchleasaithe ar fud trí cholún, mar atá: feidhmíocht, oideachas, agus gairm. Tá an Líonra um Fhostaithe a Thacaíonn le Lúthchleasaithe ag dul ó neart go neart. I láthair na huairé, tá 40 eagraíocht ina mball den líonra, tá 27 lúthchleasaí ag glacadh páirt sa phróiseas agus socraíodh seachtar lúthchleasaithe go rathúil le heagraíochtaí.

Anailís Feidhmíochta:

Rinne an Fhoireann Anailíse Feidhmíochta an uirlis anailísíochta físiúla ar chruthaigh SAS Analytics í a chur chun feidhme ar bhealach an-éifeachtach sa dornálaíocht agus sa snámh.

Neart agus Riochtú:

Lean an rannóg nirt agus riochtaithe leis an tacaíocht nirt agus riochtaithe a bhí sí ag tabhairt do shár-lúthchleasaithe Éireannacha a mhéadú sa bhliain 2019. Tháinig méadú ar an líon cuairteoirí ar shaoráid nirt agus riochtaithe Institiúid Spórt Éireann agus ar an úsáid a baineadh as an tsaoráid sin freisin. Soláthraíonn an fhoireann nirt agus riochtaithe tacaíocht struchtúrtha rialta do 13 spórt, a chuimsíonn 115 lúthchleasaí, in Institiúid Spórt Éireann agus i láithreacha cianda roghnaithe.

Athshlánú:

Chomhlíon an fhoireann athshlánúcháin ról lárnach sa tacaíocht a thugamar do spóirt ardfheidhmíochta sa bhliain 2019 agus in imeachtaí móra agus i gCluichí ilspóirt. Bhí an Ceann Athshlánúcháin i gceannas ar an bhfoireann fisiteiripe ag na Cluichí Eorpacha i Mionsc, agus cheap Cónaidhm Oilimpeach na hÉireann é chun dul i gceannas ar an bhfoireann fisiteiripe/athshlánúcháin le haghaidh Thóiceo 2020.

Físeolaíocht:

Díriú tosaíochta don fhoireann físeolaíochta sa bhliain 2019 ba ea ullmhúcháin do Chluichí Thóiceo. Rinne an fhoireann taighde, forbairt agus soláthar ar straitéisí taistil do roinnt spóirt sa bhliain, shainithin sí gur sholáthair na cianturais soir deiseanna le sonraí a bhailiú, le straitéisí a thriail agus le faireachán a dhéanamh ar fhreagairtí lúthchleasaithe agus foirne. I measc na straitéisí a tástáladh bhí tacaíocht i dtaca le heitiltí, le téarnamh tar éis taistil, le hoiriúnú don teas agus le fuarú.

Cothú Feidhmíochta:

Tháinig méadú an athuair sa bhliain 2019 ar an líon lúthchleasaithe agus spóirt a raibh an fhoireann cothaithe ag freastal orthu. Soláthraíodh an tseirbhís sin amuigh ag campaí agus in Éirinn araon. Is rud tábhachtach é sin maidir le caidreamh a fhorbairt le lúthchleasaithe agus le pleananna cothaithe pearsantaithe a oiriúnú chun go mbeadh siad in oiriúint do thimpeallacht an champa traenála agus do thimpeallacht an chomórtais.

Leigheas:

Cuireadh feabhas mór ar an tseirbhís leighis feidhmíochta in Institiúid Spóirt Éireann sa bhliain 2019 nuair a ceapadh an Dr James O'Donovan mar Cheann Leighis. Cuireann Institiúid Spóirt Éireann clinic leighis do lúthchleasaithe ar siúl ceithre lá sa tseachtain anois.

Síceolaíocht:

Ag teacht sna sála ar a tréimhse mar dhuine faoi oiliúint linn, fuair Jessie Barr, ar lúthchleasaí Oilimpeach í, ardú céime chuig ról an tsoláthraí seirbhíse ar conradh tar éis do PQAP a hiarratas ar bhallaíocht den eagraíocht a cheadú. Tá tacaíocht á tabhairt aici do spóirt éagsúla chun cabhrú leo ullmhú do Chluichí Thóiceo.

Leanadh leis an tseirbhís síceolaíochta cliniciúla a leathnú, agus meastar go mbeidh méadú breise ann san éileamh uirthi sa bhliain 2020. Tháinig méadú faoi dhó ar acmhainn na seirbhíse sa bhliain 2019.

Cumas agus Saineolas:

Lean an Sparkling Performance Programme/an Clár Feidhmíochta Sármhaithe le fónamh mar líonra foghlama piaraí féinstiúrtha saincheaptha do 16 Stiúrthóir Feidhmíochta. Is í Patricia Heberle ceann an chláir.

Bhí Comhdháil HPX 2019 ina hócáid shuntasach foghlama don phobal ardfheidhmíochta. Cuireadh ar siúl í i mí na Samhna 2019.

Aonad Frithdhópála Spórt Éireann

Tástáil

Buaicphointí Tástála sa bhliain 2019

- Bhí samplaí laistigh de chomórtas agus samplaí lasmuigh de chomórtas freagrach as 21% agus 79% faoi seach de na samplaí a bailíodh faoin gclár náisiúnta tástála
- Tháinig méadú 17% ar an líon samplaí a bailíodh
- Tháinig laghdú ó 17 gcinn sa bhliain 2018 go ceithre cinn sa bhliain 2019 ar an líon cásanna inar theip ar an lúthchleasaí toisc nárbh eol cá háit a raibh sé/sí
- Tháinig méadú 20% ar an líon iarrachtaí nár éirigh leo ina measc siúd sa Ghrúpa Cláraithe le haghaidh Tástála

Laethanta Oilúna do Phearsana Bailiúcháin Samplaí

Bhí na laethanta oilúna bliantúla do phearsana bailiúcháin samplaí ar siúl Dé Sathairn an 12 Deireadh Fómhair 2019 agus Dé Céadaoin an 27 Samhain 2019. Athchreidiúnaíodh 42 duine de na Pearsana Bailiúcháin Samplaí don bhliain 2020.

Iníuchtaí ar Phearsana Bailiúcháin Samplaí

Sa bhliain 2019, chuir baill den Aonad Frithdhópála iníuchtaí allamuigh i gcrích ag misin tástála ar Oifigigh Rialaithe Dópála agus ar Fheitheoirí. Rinneadh ocht n-iníuchadh san iomlán ar Phearsana Bailiúcháin Samplaí sa bhliain 2019. Níor tuairiscíodh aon mhórfhionnachtana.

Oideachas

Aithníonn Spórt Éireann go bhfuil oideachas ina chuid thábhachtach de thacú le lúthchleasaithe in ábhair a bhaineann leis an bhfrithdhópáil. Cuireann Spórt Éireann oideachas ar roinnt lúthchleasaithe agus pearsan tacaíochta do lúthchleasaithe gach bliain trí oideachas aghaidh ar aghaidh, trí fhoghlaim ar líne agus trí roinnt acmhainní eile, lena n-áirítear acmhainní priontáilte agus ábhar suíomh Gréasáin.

- Sheol Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta 160 seimineár oideachais sa bhliain 2019
- Cuireadh oideachas ar níos mó ná 4,195 lúthchleasaí trí sheimineáir oideachais aghaidh ar aghaidh.
- Chuir 2,250 lúthchleasaí an ríomhfhoghlaim i gcrích sa bhliain 2019

I láthair na huaire, tá 98 teagascóir frithdhópála oilte ag Spórt Éireann. Chuir Spórt Éireann oiliúint ar dháréag sa bhliain 2019, a chuimsigh daoine ó na spóirt seo: Rothaíocht, Haca, CLG, Camógaíocht agus Cumann Pheil na mBan.

Maidir leis na lúthchleasaithe ar chuir Spórt Éireann oideachas orthu, d'fhreastail siad ar Chluichí Oilimpeacha na hEorpa, ar Chluichí Oilimpeacha Óige na hEorpa agus ar Fhéile Gheimhridh Oilimpeach Óige na hEorpa.

Glór an Lúthchleasaí

Tá rún daingean ag Spórt Éireann a chinntiú go ndéantar ionadaíocht do lúthchleasaithe agus go n-éistear leo i dtaca le gach gné den fhrithdhópáil. Cuid ríthábhachtach de thodhchaí na gluaiseachta frithdhópála in Éirinn agus ar fud an domhain is ea tuiscint a ghnóthú ar thuairimí agus léargais na lúthchleasaithe agus béim a leagan orthu sin. Ghabh Spórt Éireann do roinnt tionscnamh chun glór an lúthchleasaí a chur chun cinn agus a ardú sa bhliain 2019.

Ghlac 13 lúthchleasaí páirt i bhfócasghrúpa le haghaidh an tionscail RESPECT i mí Feabhra. Is iad seo na spóirt a ndearnadh ionadaíocht dóibh lena linn: Trí-atlan, Lúthchleasaíocht, Para-lúthchleasaíocht, Snámh, Rugbaí, Haca, Iománaíocht, Peil Ghaelach, agus Slalom Canúála.

Labhair Becky Scott le linn Sheoladh Athbhreithniú Bliantúil Spórt Éireann. Bhuaigh sí an bonn óir do sciáil trastíre ag na Cluichí Oilimpeacha Geimhridh in Salt Lake City agus tá sí ina hiarchathaoirleach ar choiste lúthchleasaithe WADA.

Le linn sheoladh athbhreithniú bliantúil Spórt Éireann 2018, rinne Painéal Lúthchleasaithe plé ar na saincheisteanna is práinní sa fhrithdhópáil sa spórt agus ar ghlór an lúthchleasaí sa fhrithdhópáil. Áiríodh leo Jenny Egan, Arthur Lanigan O'Keefe, Becky Scott, David Gillick agus Shane O'Connor.

Cuireadh Fóram an Léargais ar an Spórt Glan ar siúl i Londain i mí Mheán Fómhair 2019 chun torthaí na bhfócasghrúpaí lúthchleasaithe a ghlac páirt sa tionscadal Erasmus Plus a thaispeáint.

Rinne Patrick O'Leary agus Jenny Egan ionadaíocht do Spórt Éireann ar na painéil lúthchleasaithe.

Oibríochtaí Frithdhópála

Iniúchtaí Inmheánacha agus Seachtracha

Rinneadh an t-iniúchadh faireachais bliantúil le haghaidh dheimhniú ISO 9001:2015 de chuid an Aonaid Frithdhópála an 9 Deireadh Fómhair 2019. Ba é EQA Ltd, Iniúchóirí Seachtracha an Aonaid Frithdhópála, a rinne an t-iniúchadh sin. Rinne Deloitte Iniúchadh Inmheánach an Aonaid Frithdhópála an 22 Deireadh Fómhair 2019. Níor tarraingíodh aon fhionnachtana ná aon mholtaí anuas i gceachtar de na hiniúchtaí sin.

Córas Bailiúcháin Samplaí gan Pháipéar: Rinne Spórt Éireann, mar aon le ceithre Ghníomhaireacht Náisiúnta Frithdhópála eile (Ceanada, an Eilvéis, an tSualainn agus an Nua-Shéalainn), córas bailiúcháin samplaí gan pháipéar a thriail sa bhliain 2019 le Visionbox, ar cuideachta bogearraí í. Rinne Spórt Éireann agus na

ceithre Ghníomhaireacht Náisiúnta Frithdhópála eile gach leagan den aip gan pháipéar a athbhreithniú agus a thástáil. Tugadh aiseolas do Visionbox tar éis gach athbhreithniú a chur i gcrích. Cuirfidh Spórt Éireann an aip in oiriúint dá riachtanas sonracha sa bhliain 2020 agus tá sé le cur tús le bailiúchán samplaí gan pháipéar trí mhísin aonair lasmuigh de chomórtais a chur i gcrích sa bhliain 2020. Toradh amháin a bheidh ar chur chuige gan pháipéar is ea go laghdófar an fhéidearthacht go dtiocfaí earráidí an duine chun cinn. Toradh eile a bheidh air is ea go méadófar éifeachtúlachtaí, go háirithe maidir le nasc láithreach a chruthú le SIMON, arb é Córas Bainistíochta Frithdhópála Spórt Éireann é.

Idirnáisiúnta

Aiseolas ar an gCód Domhanda Frithdhópála 2021 agus ar Dhoiciméid Teicniúla éagsúla eile

Le linn na bliana 2019, thug Spórt Éireann aiseolas don Ghníomhaireacht Dhomhanda um Fhrithdhópáil (WADA) ar phróiseas athbhreithniúcháin an Chóid Dhomhanda Frithdhópála 2021 agus ar phróiseas athbhreithniúcháin na gCaighdeán Idirnáisiúnta. Cheadaigh Coiste Feidhmiúcháin agus Coiste Stiúrtha WADA na dréachtaí deiridh den Chód ceadaithe agus de na Caighdeáin Idirnáisiúnta cheadaithe i mí na Samhna 2019. Cuirfidh Spórt Éireann tús sa bhliain 2020 le Rialacha Frithdhópála na hÉireann a athbhreithniú chun a chinntiú go mbeadh siad i gcomhréir leis an gCód leasaithe agus na Caighdeáin Idirnáisiúnta leasaithe. Thug Spórt Éireann aiseolas do WADA ar roinnt doiciméad teicniúil freisin. Áiríodh leo sin an Doiciméid Teicniúil um Anailís atá Sonrach don Spórt agus an Liosta Substaintí Coiscthe don bhliain 2020.

Comhairle na hEorpa, an tAontas Eorpach agus Eagraíocht Oideachais, Eolaíochta agus Chultúir na Náisiún Aontaithe (UNESCO)

D'fhreastail Spórt Éireann ar Ghrúpaí Comhairleacha Choinbhinsiún Frithdhópála Chomhairle na hEorpa um Oideachas agus Eolaíocht agus rannchuidigh sé leo. D'fhreastail an tAonad Frithdhópála ar roinnt cruinnithe de chuid Choiste Eorpach Chomhairle na hEorpa don Ghníomhaireacht Dhomhanda um Fhrithdhópáil ar fud na bliana freisin. Le linn na gcrúinnithe sin, socraítear an sainordú do chomhaltaí na nÚdarás Poiblí Eorpach de Choiste Stiúrtha WADA agus do chruinnithe an Choiste Feidhmiúcháin.

Seasamb i leith Chomhlíonadh na Rúise

Thug Spórt Éireann roinnt ráiteas sa bhliain 2019 maidir le staid Chomhlíonadh na Rúise agus leis na coinníollacha a leag an Ghníomhaireacht Dhomhanda um Fhrithdhópáil amach sa Treochlár le haghaidh Comhlíonta do RUSADA (Gníomhaireacht Frithdhópála na Rúise). I mí na Nollag 2019, d'fhormhuinigh Coiste Feidhmiúcháin na Ghníomhaireachta Domhanda um Fhrithdhópáil d'aon toil an moladh ón gCoiste Athbhreithniúcháin neamhspleách um Chomhlíonadh (CRC) go bhfógrófaí Ghníomhaireacht Frithdhópála na Rúise gan a bheith comhlíontach maidir leis an gCód Domhanda Frithdhópála ar feadh tréimhse ceithre bliana.

Campas Spórt Éireann

Tá Aonad Champas Spórt Éireann freagrach as na nithe seo a leanas: an máistirphlean don champas a chur chun feidhme; formhaoirseacht a dhéanamh ar fhorbairt saoráidí aonair ar an gcampas; straitéisí agus tograí a cheapadh le haghaidh forbairt agus úsáid saoráidí amach anseo; agus úsáid an champais a chur chun cinn ar gach leibhéal, idir ardfheidhmíocht agus rannpháirtíocht daoine den phobal i gcoitinne. Is í fochuideachta atá faoi lánúinéireacht Spórt Éireann atá freagrach as oibriú laethúil na saoráidí ar an gCampas.

Buaicphointí an Chláir

- **Láthair Náisiúnta faoi Dhíon Spórt Éireann** – tugadh tosaíocht ar fud na bliana 2019 do Chéim 2 den Láthair Náisiúnta faoi Dhíon a chur i gcrích, ós rud é gurb é ceann de na príomhfhorbairtí ar an gcampas é. Áirítear leis an dara céim páirceanna imeartha faoi dhíon do rugbaí agus do shacar a sholáthar, rud ar cor cinniúnach d'Éirinn é. D'oscail an Taoiseach an tsaoráid go hoifigiúil i mí an Mheithimh 2019 agus tá sí i mbun lánfheidhme anois.
- **An Máistirphlean don Champas** – ceapadh ailtire agus foireann deartha go mall sa bhliain 2019 chun tús a chur leis an obair ar mháistirphlean nua do Champas Spórt Éireann a chur le chéile. Leagfar amach ann fíis Spórt Éireann don champas sna 15 bliana atá le teacht. Áireofar léi lear saoráidí nua, amhail óstán spóirt, cóiríocht do lúthchleasaithe, veileadróm, oifigí, agus saoráidí do lúthchleasaithe.
- **Páirc Imeartha Idirnáisiúnta Nua Haca** – i bhfómhar na bliana 2019, cuireadh an obair tógála i gcrích ar pháirc imeartha idirnáisiúnta uiscebhunaithe nua haca lena gcuirfí ar chumas ár bhfoirne idirnáisiúnta ullmhú do Chluichí Oilimpeacha Thóiceo. Ar áireamh sa pháirc imeartha tá dromchla Polytan Polygras Toyko GT, atá den chineál a úsáidfear i gCluichí Oilimpeacha Thóiceo atá le teacht.

Mar thoradh ar an bpáirc imeartha nua, ní gá d'imreoirí taisteal chuig tír eile le haghaidh traenála a thuilleadh, agus rochtain á tabhairt dóibh ar an teicneolaíocht páirce imeartha is cothroime le dáta anseo in Éirinn. Toradh eile a bheidh air is ea nach mbeidh siad chomh spleách céanna ar shaoráidí club-bhunaithe le haghaidh traenála, ar saoráidí iad nach mbíonn ar fáil go réidh i gcónaí. De bharr an pháirc imeartha a lonnú ar Champas Spórt Éireann, beidh imreoirí in ann leas a bhaint freisin as seirbhísí tacaíochta eolaíochta, leighis agus stíl mhaireachtála ó Institiúid Spórt Éireann, atá lonnaithe ar an gcampas freisin.

Forbhreathnú ar an gClár

Ar na príomhnithe a ndíreofar orthu sa bhliain 2020 tá: an máistirphlean nua don champas a chur i gcrích; Leathanach | 28

dul chun cinn a dhéanamh ar an gcéad tionscadal veileadróm de chuid na hÉireann riamh; agus obair luath indéantachta a chur i gcrích ar óstán spóirt.

Go mall sa bhliain 2019, chuir Spórt Éireann tús le mór-athbhreithniú ar an máistirphlean don champas, atá i mbun feidhme le deich mbliana anuas. Tabharfar aghaidh sa mháistirphlean athraithe chun dáta ar roinnt saincheistanna tábhachtacha. Áireofar leo sin páirceáil carranna, uasghráduithe bonneagair, rochtain don phobal, uasghráduithe bóithre agus cosán, agus rotharbhealaí, i measc nithe eile. Beidh an máistirphlean bunaithe ar an bhfís atá ag Spórt Éireann faoin dóigh ar cheart an Campas a fhorbairt agus faoin méid is féidir a bhaint amach. Aistrefar an díriú freisin chuig na gnéithe níos boige nó níos dírithe ar an bpobal den champas. Áireofar leis sin sráidbhaile spóirt a chruthú ina soláthrófar oifigí breise, cóiríocht do lúthchleasaithe, agus saoráidí caifé agus bialainne.

Táthar den tuairim le tamall fada anuas gur píosa tábhachtach bonneagair spóirt é Veileadróm Náisiúnta agus Lárionad Badmantain a sholáthar. Is fianaise ar an bhfíric sin é an bonneagar sin a bheith ar áireamh sa mháistirphlean don champas a ullmhaíodh sa bhliain 2009. Táthar den tuairim le fada go mbeadh forbairt an bhonneagair sin ar an gcéad eochairthosaíocht eile tar éis chur i gcrích na Láithreach Náisiúnta faoi Dhíon. Cé gur deonaíodh cead pleanála le haghaidh veileadróm traenála sa bhliain 2015, thángthas ar eolas nua idir an dá linn ar conas ba cheart veileadróm a thógáil agus a oibriú. Sa bhliain 2019, chuir Spórt Éireann foireann deartha le chéile chun an tionscadal tábhachtach sin a athbhreithniú. Ba é an toradh a bhí ar an athbhreithniú sin ná dearadh athbhreithnithe agus athraithe chun dáta lena bhfreastalaítear ar riachtanais ár bpobail rothaíochta agus bhadmantain. Déanfar dul chun cinn ar an dearadh sin sa bhliain 2020 agus áireofar leis iarratas pleanála nua a ullmhú agus a chur isteach. Beifear in ann dearadh mionsonraithe an tionscadail agus an glao chun tairisceana a thosú ansin i bhfómhar na bliana 2020.

Garspíoc thábhachtach eile sa dá bhliain romhainn is ea óstán a sholáthar ar an gcampas. I mí Eanáir 2020, chuir Spórt Éireann tús le hobair ar obair luath indéantachta, lena n-áirítear anailís éilimh agus cás gnó i bhfabhar óstáin. Leanfar leis an obair sin ar fud na bliana 2020.

Leanann an t-aonad forbartha i Spórt Éireann de bheith ag dul i dteagmháil le geallsealbhóirí ábhartha chun scrúdú a dhéanamh ar an acmhainneacht atá ann saoráidí eile a fhorbairt ar an gcampas ar mhaithe leis an spóirt ar gach leibhéal, idir áineas agus ardfeidhmíocht. Aidhm ar leith atá aige is ea ionaid nua bharr feabhais a fhorbairt. Cuirfear toradh an phlé sin san áireamh sa mháistirphlean nua, a bheidh ina chuid den chlár forbartha sna blianta atá le teacht.

Sport Ireland Facilities DAC

Is é Sport Ireland Facilities DAC, ar fochuideachta de chuid Spórt Éireann é, atá freagrach as bainistíocht agus oibriú laethúil na saoráidí ar an gCampas Náisiúnta Spóirt, lena n-áirítear an tIonad Náisiúnta Uisce, an Láthair Náisiúnta faoi Dhíon, Ionad Comhdhála an Champais agus saoráidí páirce imeartha sintéisí agus scraithe an Champais Náisiúnta Spóirt, chomh maith le saoráidí tiomnaithe don eachaíocht, don Leathanach | 29

tumadóireacht, don nuapheantatlan agus don reathaíocht trastíre. Tá an chuideachta freagrach freisin as Staid Morton, Seantrabh, a oibriú ar bhonn laethúil agus as cóiríocht oifige a chothabháil do na comhlachtaí spóirt a chuirtear ar fáil ar an gCampas.

Tugadh 1.046m cuairt ar an Ionad Náisiúnta Uisce sa bhliain 2019, an ceathrú bliain as a chéile ina bhfuair sé níos mó ná 1m cuairteoir.

Osclaíodh Céim 2 de Láthair Náisiúnta faoi Dhíon Spórt Éireann le linn na bliana, lena n-áirítear páirc peile lánmhéide, páirc rugbaí leathmhéide agus seomraí gléasta agus cruinnithe gaolmhara. Tháinig méadú 12%, go 456,000 duine, ar an líon cuairteoirí le linn na bliana.

Osclaíodh an pháirc uiscebhunaithe nua haca le linn na bliana freisin agus tháinig méadú 2%, go 106,000 duine, ar an líon daoine a bhain úsáid as na Páirceanna Sintéiseacha.

Lean acadaimh na Cuideachta de bheith ag fás le linn na bliana, agus ceachtanna snámha, tumadóireachta, gleacaíochta agus ilspóirt á dtairiscint acu do 4,000 rannpháirtí gach seachtain. Tháinig méadú 15% ar an líon campaí samhraidh agus turas scoile a reáchtáladh i gcomparáid leis an bhfigiúr don bhliain 2018 freisin.

Aonad Cóitseála Spóirt Éireann

Imríonn Aonad Cóitseála Spóirt Éireann an príomhról ó thaobh cóitseála spóirt de ar bhonn uile-oileáin in Éirinn. Ag obair dúinn i gcomhpháirt leis na Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta agus leis an mórearnáil spóirt, stiúraimid forbairt na cóitseála in Éirinn trí chlár tacaíochta oideachais ar ardchaighdeán a chur chun feidhme do chóitseálaithe agus do theagascóirí.

Buaicphointí an Chláir:

- Forbraíodh Plean Cóitseála nua ar aon dul le Gníomh 30 den Bheartas Náisiúnta Spóirt 2018-2027
- D'éirigh leis an iarratas ó Spóirt Éireann ar a bheith ina sholáthraí seirbhíse de chuid Dhearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann (QQI), agus fuarthas deimhniú ina leith i mí na Samhna 2019
- Lean Aonad Cóitseála Spóirt Éireann de bheith ag obair le Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta le linn dóibh Cúrsaí Oideachais Chóitseálaithe a fhorbairt dá gConairí Cóitseála faoi seach
- Fuair Aonad Cóitseála Spóirt Éireann deimhniú gur éirigh leis an iarratas uaidh ar chistiú Erasmus+ don tionscadal 'iCoachKids 2', rud a gcuirfead tús leis sa bhliain 2020
- I mí an Mheithimh, óstáladh go rathúil i Luimneach an chomhdháil deiridh de chuid an tionscadail 'iCoachKids', a cistíodh faoi chlár Erasmus+ an Aontais Eorpaigh. D'fhreastail breis agus 320 duine ar an gcomhdháil

Acmhainní Airgeadais agus Foirne

B'ionann Buiséad Aonad Cóitseála Spóirt Éireann agus €948,387 sa bhliain 2019. Bhí 11 bhall foirne lonnaithe san oifig i Luimneach agus bhí beirt bhall foirne lonnaithe i Spóirt Éireann thar na 18 mí seo a chuaigh thart. A bhí le baill foirne a bheith aige i mBaile Átha Cliath, tháinig feabhas ar an gcaidreamh agus ar an idirphlé idir an tAonad Cóitseála agus Rannóga eile de chuid Spóirt Éireann agus idir an tAonad Cóitseála agus Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta.

Coiste Cóitseála Spóirt Éireann

Cuireadh Coiste Cóitseála ar bun sa bhliain 2016 faoin Acht um Spóirt Éireann, 2015. Thionóil Coiste Cóitseála Spóirt Éireann trí chruinniú sa bhliain 2019. Tá John Maughan ar an gCathaoirleach ar an gCoiste. Is é cuspóir an Choiste comhairle a thabhairt d'Aonad Cóitseála Spóirt Éireann maidir leis an mbeartas agus an straitéis le haghaidh Cóitseáil a fhorbairt ar oileán na hÉireann, agus an Clár Forbartha Cóitseála d'Éirinn á úsáid aige mar phointe tagartha.

Iarratas chuig Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann (QQI)

Ag teacht sna sála ar an gcruinniú deiridh de chuid phainéal iarratas QQI an 25 Meán Fómhair 2019, Leathanach | 31

tugadh fógra neamhoifigiúil do Spórt Éireann go ndéanfaí sinn a mholadh lenár gceadú mar sholáthraí de chuid QQI. Fuarthas ceadú foirmiúil Dé hAoine an 29 Samhain 2019.

Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta

Reáchtáil 37 Comhlacht Rialaithe Náisiúnta 1,767 ceann de chúrsaí ceadaithe oideachais chóitseálaithe sa bhliain 2019, agus 15,000 cóitseálaí á ndeimhniú lena linn.

Tionscadail AE

Tá Spórt Éireann ina bhall den Sainghrúpa Eorpach um Fhorbairt Scileanna agus Acmhainní Daonna sa Spórt; tháinig an grúpa le chéile uair amháin sa bhliain 2019. Leanadh leis an obair chun Páipéar Bán AE a fhorbairt maidir le caighdeán íosta sa Chóitseáil, rud atá le críochnú i mí Feabhra 2020.

Tionscadal an Treoirphlean Eorpaigh: Rinneadh ionadaíocht do Spórt Éireann ag dhá chruinniú de chuid thionscadal an Treoirphlean. Tá an tionscadal sin ina thionscadal trí bliana don earnáil fóillíochta gníomhaí (i.e. na hearnálacha corpacmhainne agus gníomhaíochta amuigh faoin spéir) faoi chlár Erasmus+ agus tá sé mar aidhm leis Treoirphlean fadtéarmach a bhunú do Chomhar Scileanna agus don Fhostaíocht san Fhóillíocht Ghníomhach. I measc nithe eile, féachfar ar na cáilíochtaí Eorpacha atá ag an Traenálaí Pearsanta agus ag an mBeochantóir Amuigh faoin Spéir agus ar na cáilíochtaí sin a chur san áireamh i gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí. Óstáilfaidh Aonad Cóitseála Spórt Éireann cruinniú de chuid chomhpháirtithe an Treoirphlean i mBaile Átha Cliath i mí Feabhra 2020.

Ag deireadh an tionscadail ‘iCoachKids’, a cistíodh faoi chlár Erasmus+, óstáladh comhdháil ‘iCoachKids’ in Ollscoil Luimnigh an 14 agus an 15 Meitheamh 2019. D’fhreastail 320 duine ar an gcomhdháil thar an dá lá. D’óstáil Aonad Cóitseála Spórt Éireann cruinniú de chuid thionscadal PEAK (Beartas, Fianaise agus Eolas sa Chóitseáil) faoi chlár Erasmus+ le linn na comhdhála freisin.

Tríd an tionscadal ‘Léargas a Chruthú’ faoi chlár Erasmus+, ina ndéantar an dea-chleachtas i Sacar Idirnáisiúnta na nDall a scrúdú agus a shainiú, chaith cúigear ionadaithe (triúr do Spóirt na nDall, duine amháin do Chumann Peile na hÉireann agus duine amháin d’Aonad Cóitseála Spórt Éireann) deich lá sa Bhrasáil chun eolas a chomhroinnt ar Shacar na nDall.

Aonad Rannpháirtíochta Spóirt Éireann

Sheol an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt an Beartas Náisiúnta Spóirt 2018-2027 an 25 Iúil 2018. Tá sé mar aidhm leis an mBeartas Náisiúnta Spóirt rannpháirtíocht sa spóirt in Éirinn a mhéadú ó 43% go 50% faoin mbliain 2027, figiúr atá coibhéiseach le méadú 1% in aghaidh na bliana. Chun an méid sin a bhaint amach, leagtar béim sa bheartas ar an ngá atá ann le dul i ngleic le grádáin rannpháirtíochta ach spriocdhírú ar ghrúpaí inár sochaí ar lú go mór a rannpháirtíocht ná an meán foriomlán. Áirítear leo sin daoine faoi mhíchumas, daoine ó chúlraí socheacnamaíocha ísle, mná agus cailíní, agus grúpaí mionlaigh eitnigh, amhail an Lucht Taistil.

Tugann Aonad Rannpháirtíochta Spóirt Éireann tacaíocht do líonra náisiúnta de 29 gComhpháirtíocht Áitiúla Spóirt chun forbairt an spóirt a chomhordú agus a chur chun cinn ar leibhéal áitiúil agus chun leibhéal rannpháirtíochta sa spóirt agus i ngníomhaíocht fhisiciúil a mhéadú. Tá croí-obair an Líonra Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt ag teacht le cuspóirí Straitéis Spóirt Éireann agus cuspóirí an Phlean Náisiúnta um Ghníomhaíocht Fhisiciúil. Mar chuid den obair sin, tugann an Líonra faoi Fhorbairt Straitéiseach Spóirt sa Phobal agus soláthraíonn sé Clár Náisiúnta, Tionscnaimh Oideachais agus Oilíúna, an Clár um Chuimsiú Daoine faoi Mhíchumas sa Spóirt, Clár um Mná sa Spóirt, Clár Chumhdaigh agus clár ghinearálta rannpháirtíochta.

Aithnítear sa Bheartas Náisiúnta Spóirt na ról thábhachtacha a imríonn na Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt maidir le rannpháirtíocht sa spóirt a chothú agus an dóigh ar féidir leo cabhrú leis na gníomhartha rannpháirtíochta atá leagtha amach sa Bheartas a chomhlíonadh.

“Imríonn an líonra Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt ról rithábhachtach. Cuireadh de chúram air go háirithe leibhéal rannpháirtíochta sa spóirt agus i ngníomhaíocht fhisiciúil a mhéadú, go háirithe i measc na n-earnálacha sin den tsochaí atá faoi thearcionadaíocht sa spóirt faoi láthair. Láidreacht luachmbar ar leith is ea an cumas atá acu deireadh a chur le bacainní agus a chinntiú go mbeidh deiseanna rannpháirtíochta sa spóirt forásach, nuálach agus lánchuimsitheach ar leibhéal áitiúil.” – Beartas Náisiúnta Spóirt 2018-2027

Tá 57 gníomh san iomlán sa Bheartas Náisiúnta Spóirt agus is le rannpháirtíocht sa spóirt a bhaineann 26 ceann díobh. Gné lárnach de Ghníomhartha Rannpháirtíochta an Bheartais Náisiúnta Spóirt a chomhlíonadh is ea cur leis an gcumas atá ag an earnáil spóirt dea-thorthaí a bhaint amach, go háirithe i measc na gComhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt agus i measc Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta don Spóirt. A bhúil leis an infheistíocht mhéadaithe a fuair sé ón Rialtas sa bhliain 2019, bhí Spóirt Éireann in ann cumas agus inniúlacht an líonra náisiúnta Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt a mhéadú agus tacaí réigiúnacha breise a thabhairt do Chomhlachtaí Rialaithe Náisiúnta.

Beidh ceathrar ball foirne ar a laghad ag gach Comhpháirtíocht Áitiúil Spóirt den chéad uair riamh sa bhliain 2019, is iad sin:

- Comhordaitheoir Comhpháirtíochta Áitiúla Spóirt,
- Riarthóir Comhpháirtíochta Áitiúla Spóirt,
- Oifigeach um Chuimsiú Daoine faoi Mhíchumas sa Spóirt,
- Oifigeach Forbartha Spóirt sa Phobal.

Tá sé ríthábhachtach go ndéanfaí infheistíocht sna trí mhórspóirt machaire (Cumann Lúthchleas Gael, Cumann Peile na hÉireann agus Cumann Rugbaí na hÉireann) ionas gur féidir leanúint le rannpháirtíocht a mhéadú ar an leibhéal gnáthphobail.

Aonad Rannpháirtíochta Spóirt Éireann 2019 - Buaicphointí

- Ghlac 465,128 duine páirt i 1,426 ceann de thionscnaimh rannpháirtíochta ar sholáthair na Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt iad ar bhonn áitiúil.
- Ghlac 94,270 duine sa bhreis páirt i dtionscnaimh áitiúla ar thacaigh Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt leo, amháil Parkrun, Marcanna Clós Súgartha agus an Míle Laethúil.
- Mná a bhí i 52% de na rannpháirtithe i gcláir na gComhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt sa bhliain 2019. Ghlac 166,029 cailín agus 75,629 bean páirt i gcláir na gComhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt. Ghlac 37,711 duine de mhná agus de chailíní páirt i 205 ceann de chláir áitiúla um Mná sa Spóirt.
- Trí shuíomh Gréasáin Spóirt Éireann, chláraigh 110,196 duine do 808 imeacht áitiúil ar fud na tíre le linn Sheachtain Eorpach an Spóirt. Ghlac breis agus 47,000 duine páirt in imeachtaí suaitheantais le linn Sheachtain Eorpach an Spóirt, lena áiríodh Mórthuras Rothair Bhaile Átha Cliath, Lá Spóirt Scoileanna na hEorpa agus an Lá Náisiúnta Corpacmhainne
- Ghlac 24,488 duine páirt i ‘Rith Spraoi 5 k’ Spóirt Éireann/Operation Transformation i bPáirc an Fhionnuisce agus ar fud na hÉireann trí na ‘Siúlóidí Náisiúnta’.
- Ghlac 14,929 nduine páirt i dtionscnaimh de chuid na gComhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt a bhí spriodhírthe ar Dhaoine Scothaosta. Ghlac 34,265 duine scothaosta eile ó gach cuid d’Éirinn páirt sna Cláir, imeachtaí agus ceardlanna ‘Beir Beo ar an Saol’.
- Fuair 2,649 duine eile oiliúint i gcláir Feasachta ar Mhíchumas, i gcláir um Uathachas sa Spóirt agus i gcláir Oiliúna agus Oideachais i gCuimsiú Daoine faoi Mhíchumas de chuid Ionad CARA.
- Tacaíodh le 29 Oifigeach um Chuimsiú Daoine faoi Mhíchumas sa Spóirt chun daoine faoi mhíchumas i 29 Comhpháirtíocht Áitiúil Spóirt a spreagadh páirt a ghlacadh sa spóirt.
- Tacaíodh le 29 Oifigeach Forbartha Spóirt sa Phobal chun pobail áitiúla a ghníomhachtú trí chláir, oideachas agus oiliúint spriodhírthe a sholáthar do chlubanna agus pobail in 29 Comhpháirtíocht Áitiúil Spóirt.

- Cuireadh 6 cinn nua de Mhoil Spóirt agus Ghníomhaíochta Fisiciúla sa Phobal ar bun agus leanadh le tacaíocht a thabhairt do na 30 mol a bhí ann cheana ar fud na tíre trí chistiú ó Chiste na gCuntas Díomhaoin.
- Tionscnaíodh 11 cheann de thionscadail um Eachtraíocht i Limistéir Uirbeacha ar fud na tíre chun deiseanna nua a chruthú do dhaoine a chónaíonn i bpobail faoi mhíbhuntáiste chun páirt a ghlacadh i spóirt eachtraíochta amuigh faoin spéir i suíomhanna uirbeacha.
- Fuair 19 gComhpháirtíocht Áitiúla Spóirt cistiú ó Chiste na gCuntas Díomhaoin chun sainoilíúint a sholáthar d'Oibrithe Deonacha ionas go bhféadfadh siad tuilleadh deiseanna gníomhaíochta fisiciúla/spóirt a sholáthar ar leibhéal pobail agus do ghrúpaí spriocdhírthe.
- Trí chistiú ó Chiste na gCuntas Díomhaoin, tacaíodh le 80 cúrsa Ceannaireachta Óige i 20 Comhpháirtíocht Áitiúil Spóirt chun daoine óga a chumasú seisiúin ghníomhaíochta fisiciúla a sholáthar dá bpiaraí faoin Mol Náisiúnta Oideachais agus Oiliúna Spóirt.

Forbhreathnú ar an gClár:

Leithdháileadh €7.3m ar na Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt sa bhliain 2019. Infheistíodh €1,015,000 de sin sa Chlár um Chuimsiú Daoine faoi Mhíchumas sa Spóirt chun líonra de 29 Oifigeach um Chuimsiú Daoine faoi Mhíchumas sa Spóirt a chruthú ar mhaithe le rannpháirtíocht a éascú do dhaoine faoi mhíchumas. Tugann an Clár um Chuimsiú Daoine faoi Mhíchumas sa Spóirt spreagadh agus cúnaimh do dhaoine faoi mhíchumas páirt a ghlacadh sa spóirt agus i ngníomhaíocht fhisiciúil agus clubanna agus clár inbhuanaithe a fhorbairt faoi Ghníomh 49 den Phlean Náisiúnta um Ghníomhaíocht Fhisiciúil. Tá an infheistíocht sin ag teacht le [Beartas Spóirt Éireann um Rannpháirtíocht Daoine faoi Mhíchumas sa Spóirt](#).

Infheistíodh €1,015,000 sa Chlár Forbartha Spóirt sa Phobal, a thacaíonn le 29 Oifigeach Forbartha Spóirt sa Phobal pleananna agus clár inbhuanaithe ghníomhaíochta fisiciúla atá faoi stiúir ag an bpobal áitiúil a fhorbairt faoi Ghníomhartha 44 agus 46 den Phlean Náisiúnta um Ghníomhaíocht Fhisiciúil. Dírítear sa Chlár Forbartha Spóirt sa Phobal freisin ar mhórtionscnaimh chuimsithe lena gcomhlíontar cuspóirí [na Straitéise ón Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais um Imeachadh Imirceach](#).

Infheistíodh €265,000 sna Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt faoin gClár um Mná sa Spóirt, a bhfuil mar aidhm leis rannpháirtíocht na mban sa spóirt a mhéadú trí dheiseanna rannpháirtíochta a thabhairt agus a chothú do mhná, lena n-áirítear mná faoi mhíchumas, mná a chónaíonn i bpobail faoi mhíbhuntáiste, mná imirceacha, mná scothaosta agus cailíní sna déaga. Tá an infheistíocht sin faoin gClár um Mná sa Spóirt ag teacht le [Beartas Spóirt Éireann um Mná sa Spóirt](#). Ina theannta sin, rinne Spóirt Éireann ranniocaíocht €607,605 chun tacú le clár do Dhaoine Scothaosta (Beir Beo ar an Saol).

Ba é Spóirt Éireann an Comhlacht Comhordúcháin Náisiúnta ar ainmnigh an Coimisiún Eorpach é le

haghaidh Sheachtain Eorpach an Spóirt in Éirinn, a bhí ar siúl idir an 23 Meán Fómhair agus an 30 Meán Fómhair 2019. Thacaigh Spóirt Éireann le naoi n-imeacht shuaitheanta agus le cúig Oíche #BíGníomhach i gCorcaigh, i nGaillimh, i Laois, i Liatroim agus i gCill Mhantáin. Ghlac breis agus 47,000 duine páirt in imeachtaí suaitheantais le linn Sheachtain Eorpach an Spóirt, lenar áiríodh Mórthuras Rothair Bhaile Átha Cliath, Lá Spóirt Scoileanna na hEorpa agus an Lá Náisiúnta Corpacmhainne. De bhreis air sin, bhí rannpháirtíocht iontach ann ar leibhéal náisiúnta. Cláraíodh 808 imeacht áitiúil san iomlán ar fud na tíre trí shuíomh Gréasáin Spóirt Éireann. Meastar gur ghlac 110,196 duine san iomlán páirt sna himeachtaí sin. Bhí imeachtaí suaitheanta Sheachtain Eorpach an Spóirt ag teacht leis an mBeartas Náisiúnta Spóirt ach tacú le himeachtaí suaitheanta ina spriocdhírítear ar spriocghrúpaí sonracha sa phobal, lena n-áirítear mná, daoine faoi mhíchumas, imircigh, daoine scothaosta agus teaghlaigh, agus le himeachtaí ina dtacaítear leis na téamaí ‘Cuir Muintir na hÉireann ag Siúl’, ‘Cuir Muintir na hÉireann ag Rith’ agus ‘Cuir Muintir na hÉireann ag Rothaíocht’ agus na himeachtaí sin a chur chun cinn.

Maidir lenár gcuid oibre i réimse na Spóirt Machaire, chothaigh Cumann Lúthchleas Gael caidreamh le daoine óga i ngach pobal in Éirinn trí na cláir ‘Go Games’ ar leibhéal club agus scoile. Tugann Cumann Peile na hÉireann deiseanna do dhaoine óga páirt a ghlacadh sa spórt, go háirithe iad sin a bhfuil ísealrátaí rannpháirtíochta acu amhail daoine óga atá thíos le heisiámh sóisialta, daoine óga ó phobail imirceacha, daoine faoi mhíchumas agus mná agus cailíní. Ina theannta sin, leanann Cumann Rugbaí na hÉireann le hiarracht a dhéanamh rannpháirtíocht faoi aois a mhéadú laistigh de scoileanna agus den phobal. Réachtálann sé cláir shonracha do chailíní freisin.

Mar aon le tionscnaimh de chuid Spóirt Éireann a sholáthar, buntacaíonn na Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt le cur i bhfeidhm náisiúnta an chroíchistiúcháin ó Chiste na gCuntas Díomhaoin agus le cuid mhór tionscnamh atá á gcistiú ag an gCiste Éire Shláintiúil. D’éirigh le Spóirt Éireann €5m a áirithiú ó Chiste na gCuntas Díomhaoin don bhliain 2019, agus breis agus €2.3m de sin ag dul chun tairbhe go díreach do Chomhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt ar fud na hÉireann. Fuair Spóirt Éireann €615,000 ón gCiste Éire Shláintiúil le haghaidh tionscnaimh de chuid Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt agus Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta freisin.

Cuireadh sé cinn nua de Mhoil Spóirt agus Ghníomhaíochta Fisiciúla sa Phobal ar bun agus leanadh le tacaíocht a thabhairt don 30 mol a bhí ann cheana ar fud na tíre. Méadaíonn Moil Spóirt agus Ghníomhaíochta Fisiciúla sa Phobal an líon daoine de gach aois a ghlacann páirt sa spórt agus i ngníomhaíocht fhisiciúil ina bpobal, faoi mar a saináithníodh faoi Ghníomh 41 den Phlean Náisiúnta um Ghníomhaíocht Fhisiciúil. Is é an cuspóir atá leis na Moil Spóirt agus Ghníomhaíochta Fisiciúla sa Phobal i limistéir faoi mhíbhuntáiste ná daoine áitiúla a thabhairt le chéile agus baile a chur ar fáil do chlubanna agus eagraíochtaí spóirt sa limistéar áitiúil.

Cuireadh aon cheann déag de Thionscnaimh um Eachtraíocht Amuigh faoin Spéir i Limistéir Uirbeacha i bhfeidhm sa tír don tríú bliain i ndiaidh a chéile sa bhliain 2019. Cinntítear leis na tionscnaimh sin go Leathanach | 36

mbíonn deiseanna ag daoine a chónaíonn i bpobail faoi mhíbhuntáiste páirt a ghlacadh i spóirt eachtraíochta amuigh faoin spéir i suíomhanna uirbeacha, i gcomhréir le Gníomh 37 den Phlean Náisiúnta um Ghníomhaíocht Fhisiúil. Is beag deis a bhíonn ag daoine óga a chónaíonn i limistéir faoi mhíbhuntáiste blaiseadh a fháil de spóirt eachtraíochta amuigh faoin spéir mar thoradh ar an timpeallacht nádúrtha atá le fáil ina limistéir féin, mar thoradh ar an achar idir iad agus suíomhanna traidisiúnta amuigh faoin spéir (foraoisí, sléibhte, etc.) ina dtairgtear gníomhaíochtaí de ghnáth, agus mar thoradh ar an trealamh, ar an maoirseacht, ar an oiliúint agus ar an tacaíocht a theastaíonn chun gabháil do spóirt den sórt sin.

Tá an clár um Cheannaireacht Óige ag teacht le Gníomh 48 den Phlean Náisiúnta um Ghníomhaíocht Fhisiúil – ‘Clár a fhorbairt chun dul i ngleic le titim amach as gníomhaíocht fhisiúil agus as an spórt’. Díríonn an clár ar cháilíochtaí bunúsacha ceannaireachta a fhorbairt agus áirítear leis, i measc nithe eile, oiriúnuithe a bhfuil mar aidhm leo spóirt a dhéanamh cuimsitheach. Reáchtáiltear modúl ar chonairí sa spóirt agus san áineas ag deireadh an chláir. Tríd an gclár seo, forbraítear scileanna cineálacha ceannaireachta ar féidir iad a úsáid i raon cúinsí spóirt agus/nó áineasa agus ar féidir leo cur le forbairt phearsanta an fhoghlaimeora. Chomh maith leis sin, tá acmhainneacht ag an gclár dul i ngleic le rátaí luathfhágála scoile i limistéir faoi mhíbhuntáiste agus le rátaí titim amach as an spóirt laistigh den aoisghrúpa spriocdhírthe. Dá réir sin, nascann a lán Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt an clár go dlúth leis na Clár Chríochnaithe Scoile atá ar bun sa limistéir áitiúil. Trí chistiú ó Chiste na gCuntas Díomhaoin, tacaíodh sa bhliain 2019 le 80 cúrsa Ceannaireachta Óige i 20 Comhpháirtíocht Áitiúil Spóirt chun daoine óga a chumasú seisiúin gníomhaíochta fisiciúla a sholáthar dá bpiaraí faoin Mol Náisiúnta Oideachais agus Oiliúna Spóirt.

Tá sé mar aidhm leis an tionscnamh um thacaí d’oibríthe deonacha sainaithe a dhéanamh ar dhaoine aonair spriocdhírthe a dhéanann obair dheonach i bpobail faoi mhíbhuntáiste nó le daoine faoi mhíchumas agus cúnadh a thabhairt dóibh scileanna ceannaireachta sa spóirt agus i ngníomhaíocht fhisiúil a ghnóthú lena n-úsáid sa phobal, e.g. mar chóitseálaithe, mar cheannairí, mar réiteoirí, mar chomhaltaí coiste, etc. Is iad torthaí beartaithe an tionscnaimh ná méadú a dhéanamh ar an líon oibríthe deonacha ar ceannairí sa spóirt iad agus oibrí deonach ar chaighdeán níos airde a tháirgeadh sa spóirt, rud as a dtiocfaidh leibhéal níos airde rannpháirtíochta agus a chumhachtófar oibríthe deonacha tuilleadh deiseanna gníomhaíochta fisiciúla/spóirt a sholáthar ar leibhéal pobail agus do ghrúpaí spriocdhírthe. Fuair 19 gComhpháirtíocht Áitiúla Spóirt cistiú ó Chiste na gCuntas Díomhaoin chun sainoiliúint a sholáthar d’Oibríthe Deonacha ionas go bhféadfadh siad tuilleadh deiseanna gníomhaíochta fisiciúla/spóirt a sholáthar ar leibhéal pobail agus do ghrúpaí spriocdhírthe.

Aonad Rannpháirtíochta Spóirt Éireann 2019 - Meastóireacht

Agus leas á bhaint aige as tacaíocht ó Chiste na gCuntas Díomhaoin, bhunaigh Spóirt Éireann foireann meastóireachta chun formhaoirseacht a dhéanamh ar an meastóireacht ar thionscadail náisiúnta agus ar obair na gComhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt. D’fhorbair an fhoireann creat meastóireachta sistéamaí trí

úsáid a bhaint as faireachán ar leibhéal náisiúnta agus as tomhas míre aonair. Chomh maith leis sin, d'fhorbair an fhoireann meastóireachta acmhainní anailíse riachtanas agus sholáthair sí oiliúint do na comhpháirtíochtaí áitiúla spóirt sa bhliain 2019 chun a chinntiú go mbíonn infheistíochtaí Spóirt Éireann á ndíriú ar na pobail agus na daoine aonair is mó gá agus a bhainfidh an tairbhe is mó astu. Sa bhliain 2019, thug an fhoireann sin faoi mheastóireacht ar na 18 Mol Spóirt sa Phobal a bhí ann sna blianta 2016 agus 2017, ar an Tionscnamh Cóitseála Pobail agus ar na tionscadail 'Cuir Muintir na hÉireann ag Rith', 'Cuir Muintir na hÉireann ag Rothaíocht' agus 'Cuir Muintir na hÉireann ag Snámh'.

Rinneadh meastóireacht sa bhliain 2019 ar na Cláir Chóitseála Pobail do na blianta 2016 agus 2017. Aimsíodh sa mheastóireacht gur ghnóthaigh 51% de na rannpháirtithe a chomhlánaigh an suirbhé trí mhí tar éis an cúrsa a chur i gcrích ceann amháin nó níos mó de na ceithre thoradh (post a fháil, obair mar chóitseálaí, obair mar oibrí deonach, nó dul ar aghaidh chuig ardoideachas san earnáil spóirt). Léiríodh sna fionnachtana freisin gur luaigh líon ard rannpháirtithe go raibh feabhas ann ar a leibhéal muiníne, rud a mheastar a bheith luachmhar agus ábhartha. Cé gur moladh roinnt modhnaithe beaga agus coigeartuithe beaga, rinne na geallsealbhóirí difriúla lenar bhain (rannpháirtithe, Comhpháirtíochtaí, Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta, eagraíochtaí is comhpháirtí agus óstaigh) a chur in iúl go raibh dea-eispéiris acu agus luaigh siad go mbeadh siad toilteanach páirt a ghlacadh sa chlár agus/nó é a chur chun cinn sa todhchaí.

Cuireadh i gcrích sa bhliain 2019 freisin meastóireacht ar na cláir 'Cuir Muintir na hÉireann ag Rith', 'Cuir Muintir na hÉireann ag Snámh' agus 'Cuir Muintir na hÉireann ag Rothaíocht' do na blianta 2017 agus 2018. Leagadh béim sa mheastóireacht ar an bhfíric gur baineadh leas as úsáid an chistiúcháin ó Chiste na gCuntas Díomhaoin chun cur ar chumas níos mó ná 50,000 duine ar fud na hÉireann na spóirt sin a thriail.

Rinneadh meastóireacht ar Mhoil Spóirt sa Phobal de chuid Chéimeanna 2 agus 3 sa bhliain 2019 freisin. Thángthas ar an gconclúid sa mheastóireacht sin gur infheistíochtaí dearfacha i bpobail áitiúla iad Moil Spóirt agus Ghníomhaíochta Fhisiciúla sa Phobal. Bhí príomhthosca ratha le feiceáil ar fud na mol. Áirítear leo sin gníomhaíocht moil a ailíniú leis an ngá áitiúil, láthair/saoráid mhoil atá so-shainaitheanta a bheith acu, úinéireacht agus rannpháirtíocht an phobail a chruthú, agus díriú láidir a bheith acu ar oiliúint agus ar fhorbairt acmhainne. Toisc thábhachtach eile atá taobh thiar de rath na mol is ea ról an chomhordaitheora, agus leagadh béim sa mheastóireacht ar an raon leathan ról a chomhlíonann comhordaitheoirí moil. Leagadh béim sa mheastóireacht freisin ar na príomhréimsí ar cheart do na moil díriú orthu agus iad ag pleanáil le haghaidh inbhuanaitheachta.

Leanann Aonad Rannpháirtíochta Spóirt Éireann ar aghaidh ag déanamh ionadaíocht don eagraíocht mar phríomh-chomhpháirtí sa Chomhar Taighde ar Ghníomhaíocht Fhisiciúil in Éirinn (I-PARC). Tá dea-dhul chun cinn á dhéanamh ar an tionscadal agus leanfaidh Spóirt Éireann ar aghaidh ag obair i ndlúthchomhar le I-PARC chun dul chun cinn a dhéanamh ar an tionscadal agus na gníomhartha riachtanacha a chomhlíonadh.

Mná sa Spórt

Tar éis tionscadal fairsing a sheoladh le linn na bliana 2018, d'fhoilsigh Spórt Éireann an beartas nua uaidh um Mná sa Spórt i mí an Mhárta 2019. Leagtar amach sa bheartas an fhís atá ag Spórt Éireann do mhná sa spórt, áit a bhfaigheann mná comhdheis chun barr a gcumais a bhaint amach agus a mbaineann siad taitneamh as rannpháirtíocht sa spórt ar feadh an tsaoil. Tá rún daingean ag Spórt Éireann méadú a dhéanamh ar rannpháirtíocht mharthanach na mban sa spórt mar chóitseálaithe, mar oibríthe deonacha, mar bhaill de chlubanna, mar lúthchleasaithe, mar thathantóirí, mar cheannairí agus mar rannpháirtithe, idir an leibhéal gnáthphobail agus an póidiam. Tríd an mBeartas um Mná sa Spórt, sainaithníonn Spórt Éireann ceithre réimse thábhachtacha inarb ann do bhearnaí reatha agus do dheiseanna amach anseo maidir le rannpháirtíocht na mban sa spórt.

- Cóitseáil agus Réiteoireacht
- Rannpháirtíocht Ghníomhach
- Ceannaireacht agus Rialachas
- Infheictheacht

Chun aghaidh a thabhairt ar gach ceann de na spriocréimsí sin, tá Spórt Éireann dírithe ar na cuspóirí a shanntar dóibh a bhaint amach. Tá na cuspóirí sin ag teacht leis an mBeartas Náisiúnta Spóirt 2018-2027 agus le Straitéis Náisiúnta na mBan agus na gCailíní 2017-2020.

Chun tacú le cur chun feidhme an bheartais, earcaíodh Nora Stapleton i mí Aibreáin 2019 mar Threoraí Spórt Éireann um Mná sa Spórt. Tá sé mar ról aici cur chun feidhme rathúil na gcuspoirí agus na ngníomhartha atá leagtha amach sa Bheartas um Mná sa Spórt.

Bunaíodh an Coiste Stiúrtha um Mná sa Spórt i mí an Mhárta 2019 chun tacú le cur chun feidhme an Bheartais um Mná sa Spórt agus chun tacaíocht agus treoir a thabhairt d'obair an Treoraí um Mná sa Spórt. Tháinig an Coiste le chéile sé huair sa bhliain 2019.

Infheistíocht um Mná sa Spórt

Agus é ag tabhairt aitheantas don fhíríc go dteastaíonn cur chuige fadtéarmach chun cláir éifeachtacha inbhuanaithe a sholáthar, tá breis agus €3 mhiliún infheistithe ag Spórt Éireann san earnáil comhlachtaí rialaithe chun tacú leis an glár. Cumhdófar tréimhse dhá bhliain leis an infheistíocht sin (2019 agus 2020). Leis an dámhachtain dhá bhliain, cuirfear ar chumas na gComhlachtaí Rialaithe Náisiúnta dul chun cinn suntasach a dhéanamh ar a gcuspoirí straitéiseacha do mhná sa spórt. Meastar go leanfaidh Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta leis na cláir sin sa bhliain 2021 agus ina diaidh i gcás go bhfuil bearna ann fós. Fuair aon Chomhlacht Rialaithe Náisiúnta is daichead infheistíocht um Mná sa Spórt sa bhliain 2019. Áirítear leo sin Cónaidhm Oilimpeach na hÉireann agus Cumann Parailimpeach na hÉireann, a chuaigh i bpáirt le CARA le haghaidh an t-iarratas uathu a chur isteach. Fuair Cónaidhm Spóirt na hÉireann cistiú faoi bhuiséad na dTionscadal Speisialta le haghaidh tabhairt faoi chlár um Mná sa Spórt a rachaidh chun Leathanach | 39

tairbhe do Chomhlachtaí Rialaithe Náisiúnta roghnaithe. Anuas ar chlár um Mná sa Spóirt a fhorbairt, baineann a lán Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta úsáid as an infheistíocht chun tacú le hoifigeach forbartha tiomnaithe um Mná sa Spóirt a fhostú le haghaidh a spóirt chun na cláir sin a chur i bhfeidhm.

Mná sa Spóirt i gComhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt

Den 465,128 duine a ghlac páirt i gclár Chomhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt ar fud na tíre sa bhliain 2019, bhí 52% ina mná nó ina gcailíní. Ghlac 166,029 cailín agus 75,629 bean páirt i 1,426 tionscnaimh rannpháirtíochta ar sholáthair na Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt iad ar bhonn áitiúil. De bhreis air sin, infheistíodh €265,000 sna Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt faoin gClár um Mná sa Spóirt, a bhfuil mar aidhm leis rannpháirtíocht na mban sa spóirt a mhéadú trí dheiseanna rannpháirtíochta a thabhairt agus a chothú do mhná, lena n-áirítear mná faoi mhíchumas, mná a chónaíonn i bpobail faoi mhíbhuntáiste, mná imirceacha, mná scothaosta agus cailíní sna déaga. Ghlac 37,711 duine de mhná agus de chailíní páirt i 205 ceann de chlár áitiúla um Mná sa Spóirt de bharr an chistiúcháin sin.

Treoirínite Máithreachais Spóirt Éireann

Agus Straitéis Ardfheidhmíochta Spóirt Éireann á forbairt, sainaitníodh tacaíocht do lúthchleasaithe mar cheann de na príomhréimsí atá le cur ar aghaidh laistigh den chóras ardfheidhmíochta. Sainaitnítear sa straitéis an gá atá ann le tacaí a sholáthar ar fud na bpointí tábhachtacha de ghairm an lúthchleasaí. Aithníonn Spóirt Éireann go n-áirítear leis sin ban-lúthchleasaithe ar mian leo leaná a bheith acu agus leanúint le dul san iomaíocht sa spóirt tar éis bhreith an linbh. In éineacht leis na Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta don Spóirt, tá Spóirt Éireann tiomanta do thimpeallacht shábháilte chuimsitheach a sholáthar do gach lúthchleasaí. Ar mhaithe leis an tacaíocht atá luaite thuas a thabhairt, forbraíodh Treoirínite Máithreachais Spóirt Éireann mar chuid den Scéim Cardála Idirnáisiúnta don bhliain 2020. Sa bhliain 2020, tosófar ar chistiú ráthaithe 12 mhí a sholáthar tríd an Scéim Cardála Idirnáisiúnta d'aon lúthchleasaí a éireoidh torrach. D'fhorbair Spóirt Éireann treoirínite maidir le saoire mháithreachais a bhainistiú laistigh den spóirt feidhmíochta (“Treoirínite Máithreachais”). Táthar ag súil leis go nglacfaidh gach spóirt ar cuid den Scéim Cardála Idirnáisiúnta iad na príonsabail agus na gealltanais atá leagtha amach ag Spóirt Éireann sna Treoirínite Máithreachais. Chun tacú leis na Treoirínite Máithreachais, tá teimpléad beartais ar fáil do Chomhlachtaí Rialaithe Náisiúnta. Táthar ag súil leis go gceapfaidh siad beartas atá sainiúil dá spóirt féin, bunaithe ar eilimintí an teimpléid sin.

Seoladh na treoirínite agus an Teimpléad Beartais Mháithreachais gaolmhar do Chomhlachtaí Rialaithe Náisiúnta i mí na Nollag 2019. Leanfar leis an obair ar an tionscadal sin sa bhliain 2020, ar lena linn a fhorbróidh Spóirt Éireann treoirínite do sholáthraithe seirbhíse ar féidir go n-oibreoidh siad le lúthchleasaithe torracha sa todhchaí.

Modúl Cóitseála Cailíní a Fhorbairt

Chuir Spóirt Éireann tús le hobair ar mhodúl cóitseála ilspóirt a fhorbairt do chóitseálaithe cailíní ógánta.

Tá sé mar aidhm leis an tionscadal sin oideachas a chur ar chóitseálaithe agus cur leis na scileanna atá acu chun gur féidir leo tionchar díreach a imirt ar bhanimreoirí agus iad a choinneáil sa spórt. Is é sprioc uileghabhálach an tionscadail ná modúl cóitseála ilspóirt a chruthú atá spriocdhírthe ar chóitseálaithe foirne cailíní sna déaga/lúthchleasaithe ar cailíní sna déaga iad chun dul i ngleic leis an laghdú ar rannpháirtíocht cailíní sa spórt/i ngníomhaíocht fhisiciúil agus iad sna déaga. Tá an tionscadal faoi stiúir ag Sheelagh Quinn, Aonad Cóitseála Spóirt Éireann, agus ag Nora Stapleton, Treoraí um Mná sa Spórt, le tacaíocht ó Chónaidhm Spóirt na hÉireann agus ó chistiú daonchairdiúil.

Reáchtáil Spórt Éireann ceardlann le rogha Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta agus Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt i mí na Nollag chun labhairt faoi chóitseáil cailíní ógánta agus chun tacaíocht a fháil uathu don tionscadal. Táthar ag súil go dtrialfear an modúl sin i mí Lúnasa 2020.

Leis an tionscadal sin, tacaítear le Gníomh 6 den Bheartas Náisiúnta Spóirt, ‘Forbróidh Spórt Éireann tionscnaimh leis na Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta, leis na Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt, le scoileanna...chun aghaidh a thabhairt ar an rannpháirtíocht sa spórt i measc ógánach agus aosaigh óga, go háirithe mná agus cailíní...’. Tacaítear freisin leis an gcuspóir atá sa Bheartas um Mná sa Spórt chun ‘Laghdú a dhéanamh ar an líon cailíní óga a thiteann amach as an ngníomhaíocht fhisiciúil agus as an spórt’.

An Plean Cumarsáide um Mná sa Spórt

Forbraíodh Plean Cumarsáide um Mná sa Spórt sa bhliain 2019 agus tá na hocht moladh déag atá ann á gcur chun feidhme faoi láthair. Leis an bPlean Cumarsáide, tacaítear leis an mBeartas foriomlán um Mná sa Spórt agus díritear ar na gníomhartha atá leagtha amach sa Bheartas. Tríd an bplean sin a fhorbairt, táthar ag tacú leis an nGníomh atá sa Bheartas um Mná sa Spórt chun ‘Plean Cumarsáide um Mná sa Spórt a fhorbairt agus a chur chun feidhme’.

Grúpa Oibre um Mná sa Chóitseáil

Bunaíodh Grúpa Oibre um Mná sa Chóitseáil ag deireadh na bliana 2019 mar fhoghrúpa de chuid an Choiste Stiúrtha um Mná sa Spórt. Is é cuspóir an ghrúpa oibre ná moltaí a chur in iúl do Choiste Stiúrtha Spórt Éireann um Mná sa Spórt chun gur féidir cuspóirí agus gníomhartha cóitseála an Bheartais um Mná sa Spórt a bhaint amach.

Aonad Eitice Spórt Éireann

Buaicphointí an Chláir

Tá Spórt Éireann lántiomanta dá chinntiú go gcumhdaítear leanaí agus daoine óga agus iad ag glacadh páirt sa spórt ar oileán na hÉireann. Sa bhliain, 2019, rinne Aonad Eitice Spórt Éireann roinnt tionscnamh/tionscadal i réimse an Chumhdaigh a sheoladh agus a chur i gcrích. Is iad sin:

Tionscnaimh

- Creat Iniúchóireachta Cumhdaigh Spórt Éireann.
- An Treoir Cumhdaigh do Leanaí agus Daoine Óga sa Spórt (an Cód Eitice agus Dea-Chleachtais do Spórt na Leanaí roimhe sin)
- An Aip Gréasáin ‘Bí Sábháilte Ar Líne’

Tionscadail

- Cur i bhfeidhm na Foirne Uirlisí um Ghlóir na nÓg sa Spórt
- Ceardlanna Cumhdaigh Spórt Éireann a thabhairt cothrom le dáta
- An Creat Iniúchóireachta Cumhdaigh do Chlubanna

Tionscnaimh a Seoladh

Creat Iniúchóireachta Cumhdaigh Spórt Éireann;

- Is é an príomhchuspóir atá le creat Iniúchóireachta Cumhdaigh Spórt Éireann ná tacú le Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta treisiú leis an dóigh a gceolonn siad le beartais chumhdaigh agus le nósanna imeachta cumhdaigh agus, ar an mbealach sin, a chinntiú go gcosnaítear leanaí agus daoine óga agus iad ag glacadh páirt sa spórt.
- Cuireadh ceangal ar gach Comhlacht Rialaithe Náisiúnta an próiseas Iniúchóireachta Cumhdaigh a chur i gcrích, rud a bhfuil sé i gceist leis athbhreithniú a dhéanamh ar chomhlíonadh na reachtaíochta ábhartha agus na teorach ábhartha, lena n-áirítear an tAcht um Thús Áite do Leanaí, 2015.
- Iarradh ar gach Comhlacht Rialaithe Náisiúnta sé rannán a chomhlánú faoi na téamaí seo a leanas:
 - Ceannaireacht agus Príomhróil
 - Ionduchtú agus Oiliúint
 - Beartas – An Beartas Cumhdaigh
 - Earcaíocht Foirne agus Tacaíocht don Fhoireann

- Eitic, Iompraíocht agus Comhionannas
- Cumarsáid
- Eisíodh an Creat Iniúcháireachta Cumhdaigh chuig gach ceann de na Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta don Spórt an 29 Márta 2019. Iarradh ar gach ceann de na Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta a bpróiseas iniúcháireachta a chur i gcrích faoin 7 Meitheamh 2019.
- Chuir Aonad Eitice Spórt Éireann tús i mí an Mheithimh 2019 leis an bpróiseas um na haighneachtaí iniúcháireachta cumhdaigh a fuarthas ó na Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta a athbhreithniú.
- Eisíodh aiseolas agus gníomhartha ceartaitheacha chuig gach ceann de na Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta i mí na Nollag 2019 le haghaidh freagra a fháil sa chéad ráithe den bhliain 2020.
- Thug Aonad Eitice Spórt Éireann tacaíocht agus treoir do gach ceann de na Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta don Spórt ar fud an phróisis athbhreithniúcháin.

Treoir Cumhdaigh Spórt Éireann do Leanaí agus Daoine Óga sa Spórt

- Forbraíodh Treoir Cumhdaigh Spórt Éireann do Leanaí agus Daoine Óga sa Spórt chun tacaíocht shonrach a thabhairt do Chomhlachtaí Rialaithe Náisiúnta don Spórt agus dá gclubanna a chinntiú go mbeidh siad in ann cloí leis na freagrachtaí atá orthu ó thaobh cumhdach leanaí agus cosaint leanaí de.
- Cuireadh an treoir dhoiciméad sin le chéile i gcomhthéacs na ndúshlán a bhaineann do Chomhlachtaí Rialaithe Náisiúnta agus dá gclubanna gach lá, á chinntiú go gcloítear leis an dea-chleachtas reatha agus go gcomhlíontar reachtaíocht ábhartha an lae inniu ag an am céanna.
- Tá an treoir bunaithe ar an Acht um Thús Áite do Leanaí agus ar an Treoir um Thús Áite do Leanaí agus moltar do Chomhlachtaí Rialaithe Náisiúnta na gnéithe dea-chleachtais atá inti a ghlacadh.

An Aip Gréasáin ‘Bí Sábháilte Ar Líne’

- Tháinig an acmhainn ‘Bí Sábháilte Ar Líne’ de chuid Spórt Éireann i bhfeidhm i mí an Mhárta 2019. Tá an acmhainn ina huirlis Ghréasánbhunaithe faisnéise agus treorach atá dírithe go príomha ar thuismitheoirí/caomhnóirí/cóitseálaithe/daoine óga atá páirteach sa Spórt.

- Tá triail achomair ann san acmhainn, rud lena gcumasaítear d'úsáideoirí an t-eolas a ghnóthaigh siad a mheas. Ar chríochnú rathúil na trialach dóibh, bronnfar teastas digiteach ar úsáideoirí.

Tionscadail

Cur i bhfeidhm na Foirne Uirlisí um Ghlóir na nÓg sa Spórt

Buntaca leis an Tionscadal seo is ea an Straitéis Náisiúnta um Rannpháirtíocht Leanaí agus Daoine Óga i gCinnteoireacht (an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige, Meitheamh 2015) agus forbraíodh é i gcomhar leis an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige, le Hub na nÓg, agus leis na Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta don Spórt.

Go dtí seo, sholáthair Aonad Eitice Spórt Éireann ceithre cheardlann oiliúna do theagascóirí (Meitheamh 2019 - Nollaig 2019), ar lena linn a rinneadh ionadaíocht do 24 eagraíocht spóirt (Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt agus Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta). Iarradh ar na heagraíochtaí ar cuireadh oiliúint orthu dhá cheardlann ar a laghad (ceann amháin do bhaill foirne agus ceann amháin do dhaoine óga) a sholáthar laistigh de thréimhse sé mhí. Baileoidh na heagraíochtaí sin aiseolas ó rannpháirtithe agus ó theagascóirí ar conas atá ag éirí leis an bhfoireann uirlisí agus cuirfidh siad an t-eolas sin faoi bhráid Spórt Éireann lena athbhreithniú.

Forbhreathnú ar an Oiliúint a Cuireadh ar Theagascóirí

- An Líon Ceardlann do Theagascóirí a soláthraíodh - 4 cinn
- An Líon Teagascóirí ar cuireadh oiliúint orthu - 48 duine
- An Líon Eagraíochtaí ar cuireadh oiliúint orthu - 24 ceann

*Cuirfear tuilleadh dátaí le haghaidh oiliúint do theagascóirí ar an scéideal don bhliain 2020.

Áireofar na nithe seo a leanas leis an bhforbairt bhreise a dhéanfar ar an bhfoireann uirlisí:

- Pacaí brandáilte do theagascóirí (lena n-áirítear ábhair oiliúna bhreise)
- Deimhniú don lucht freastail
- Marc Comhlachta Rialaithe Náisiúnta/marc Club lena thaispeáint
- Áiseanna oiliúna breise do theagascóirí e.g. treoracha gearra físe maidir le conas na gníomhaíochtaí a réachtáil
- Ceardlanna forbartha gairmiúla leanúnaí

Ceardlanna Chumhdach 1, 2 agus 3 de chuid Spórt Éireann a Athrú chun Dáta

- De réir an Achta um Spórt Éireann, 2015, is é an sainchúram atá ar Spórt Éireann treoirlínte agus cóid chleachtas a fhorbairt agus a scaipeadh lena gcuirtear chun cinn an dea-chleachtas maidir le leanaí a chosaint sa spórt, ar aon dul leis an treoir agus an reachtaíocht um chosaint leanaí. Ina fhianaise sin, rinne Aonad Eitice Spórt Éireann athbhreithniú iomlán ar cheardlanna Cumhdaigh
- A bhí leis an bpróiseas athbhreithnithe sin, cinnteofar go leanfaidh gach ceardlann Cumhdaigh de chuid Spórt Éireann le bheith ag teacht leis an reachtaíocht agus an dea-chleachtas reatha i réimse an Chumhdaigh.
- Chun an próiseas sin a chur ar aghaidh, bhunaigh Aonad Eitice Spórt Éireann grúpa oibre a bhí comhdhéanta d'Oifigigh Náisiúnta Leanaí, de Theagascóirí Cumhdaigh agus d'oifigigh faisnéise agus chomhairle ó Tusla - An Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach.
- A luaithe a thabharfar cothrom le dáta iad, cuirfear na ceardlanna i bhfeidhm san earnáil sa bhliain 2020.

An Creat Iniúcháireachta Cumhdaigh do Chlubanna

- San am i láthair, tá creat iniúcháireachta Cumhdaigh á dhearadh agus á chur chun feidhme ag Aonad Eitice Spórt Éireann ar leibhéal na gclubanna. Is é an aidhm atá leis sin a chinntiú go bhfuil an dea-chleachtas ar fad agus gach ceanglas dlíthiúil á gcur chun feidhme ar an leibhéal gnáthphobail.
- Bhunaigh Aonad Eitice Spórt Éireann grúpa oibre Oifigeach Náisiúnta Leanaí ó roinnt Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta chun cúnaimh a thabhairt le linn chéim an deartha den phróiseas iniúcháireachta clubanna.
- Cinnteoidh an cur chuige sin go bhfreastalófar ar riachtanais na hearnála i réimse an Chumhdaigh ar an leibhéal gnáthphobail.

Buaicphointí an Chláir: Ceardlanna Chumhdach 1, 2 agus 3;

Is é an Líonra Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt a sholáthraíonn na ceardlanna uile de chuid Spórt Éireann i gCumhdach 1, 2 agus 3. Tá na ceardlanna sin ar fáil go réidh do gach ceann de na Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta don Spórt agus na clubanna éagsúla atá ann ar fud na tíre.

Sa bhliain 2019, chuir Spórt Éireann oideachas ar níos mó ná 11,000 rannpháirtí i réimse an Chumhdaigh thar na trí cheardlann a réachtáil sé.

Oiliúint Teagascóra i gCumhdach 1, 2 agus 3;

Éascaíonn Aonad Eitice Spórt Éireann ceardlanna oiliúna teagascóra i gCumhdach, a thairgtear do

Chomhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt agus do Chomhlachtaí Rialaithe Náisiúnta don Spórt. Tar éis dóibh an oiliúint i gCumhdach do theagascóirí/an próiseas faofa a chur i gcrích, tá na rannpháirtithe in ann ceardlanna Cumhdaigh de chuid Spóirt Éireann a sholáthar.

Chuir Aonad Eitice Spóirt Éireann oiliúint Chumhdach 1 ar 14 theagascóir agus chuir sé oiliúint Chumhdach 2 agus 3 ar 15 theagascóir sa bhliain 2019.

Cúrsa Athnuachana Ar Líne Spóirt Éireann i gCumhdach 1

Seoladh Cúrsa Athnuachana Ar Líne Spóirt Éireann i gCumhdach 1 le cistiú ó Chiste na gCuntas Díomhaoin sa bhliain 2017. Tá an acmhainn ar líne ar fáil do gach duine atá ag iarraidh an Bhunfheasacht atá acu a athnuachan (Cumhdach 1). Forbraíodh an tionscadal i gcomhar leis na Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta don Spórt.

Rinne breis agus 3,500 rannpháirtí an acmhainn a rochtain cheana féin agus bíonn an líon sin ag méadú gach lá.

Seachtain na dTuismitheoirí sa Spórt 2019

Ghlac breis agus 100 eagraíocht spóirt in Éirinn agus sa Ríocht Aontaithe páirt i Seachtain na dTuismitheoirí sa Spórt 2019 a chur chun cinn. D'iarr Aonad Eitice Spóirt Éireann ar Chomhlachtaí Rialaithe Náisiúnta agus ar chlubanna spóirt ar fud na tíre aird a tharraingt ar an ról dearfach tacúil a imríonn tuismitheoirí sa spórt.

Cruinnithe de chuid Oifigeach Ainmnithe um Chumhdach Leanaí

I gcomhar leis an Aonad um Chosaint Leanaí sa Spórt in NSPCC, d'óstáil Spóirt Éireann roinnt seisiún faisnéise trasteorann i réimse an Chumhdaigh sa bhliain 2019. Le linn na gcruinnithe sin, tugadh deiseanna oiliúna do ghairmithe cumhdaigh ó thuaidh agus ó dheas. Bhí deis ag na gairmithe aon ábhair inní a bhí acu i réimse an Chumhdaigh a tharraingt anuas lena linn freisin.

Aonad Spóirt Éireann um Ghníomhaíocht Amuigh faoin Spéir

Tá sé mar aidhm ag Aonad Spóirt Éireann um Ghníomhaíocht Amuigh faoin Spéir tacú le rannpháirtíocht i ngach cineál spóirt amuigh faoin spéir in Éirinn agus an rannpháirtíocht sin a chur chun cinn. Is é atá i gceist leis sin obair i gcomhar le raon leathan comhpháirtithe náisiúnta agus áitiúla chun bonneagar áineasa amuigh faoin spéir a fhorbairt agus chun deiseanna a chruthú do dhaoine chun páirt a ghlacadh sa spóirt amuigh faoin spéir in Éirinn.

Áirítear leis an spóirt amuigh faoin spéir gach cineál spóirt agus gníomhaíochta fisiciúla is féidir a dhéanamh i suíomhanna nádúrtha amuigh faoin spéir – siúl áineasa, rothaíocht, spóirt uisce agus spóirt eachtraíochta thalamhbhunaithe ina measc.

Buaicphointí an Chláir

- Liostaíodh níos mó ná 800 conair ar an gClár Conairí Náisiúnta
- Thug 354,621 duine cuairt ar www.irishtrails.ie agus amharcadh ar na leathanaigh ar an suíomh 1.2 milliún uair
- Rinneadh 194 measúnú teicniúil Conaire ar an mbonneagar siúil agus rothaíochta in Éirinn
- Leanadh le Polasaí Árachais na gConairí Náisiúnta a bhainistiú
- Lean an tionscnamh ‘Cuir Muintir na hÉireann ag Siúl’ de bheith ag fás, agus breis agus 1,900 grúpa siúil cláraithe leis anois
- Soláthraíodh 13 cinn de Thionscnaimh um Eachtraíocht Amuigh faoin Spéir i Limistéir Uirbeacha tríd an Líonra Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt
- Críochnaíodh an Staidéar Indéantachta ar Bhunachar Sonraí Digiteach Náisiúnta Taitneamhachtaí Spóirt agus Áineasa a fhorbairt.
- Bunaíodh Comhpháirtíocht Gormbhealaí Uile-Oileáin agus Córas Creidiúnúcháin do Ghormbhealaí

Forbhreathnú ar an gClár:

Forbairt Bonneagair agus Tacaíocht

Lean Aonad Spóirt Éireann um Ghníomhaíocht Amuigh faoin Spéir le tacú le forbairt inbhuanaithe líonra conairí áineasa na hÉireann sa bhliain 2019, lena n-áirítear conairí siúil, conairí rothaíochta agus conairí uisce (Gormbhealaí). Cuireann an clár caighdeán agus dea-chleachtas do chonairí chun cinn agus coinníonn sé Clár Conairí Náisiúnta ar bun.

Chuir Aonad Spóirt Éireann um Ghníomhaíocht Amuigh faoin Spéir 194 tasc teicniúil i gcrích ar an mbonneagar siúil agus rothaíochta ar fud na hÉireann. Chuir an tAonad athbhreithniú ar an bhfoilseachán i gcrích freisin agus chuir sé tús le tionscadal chun ardán digiteach ArcGIS a thabhairt isteach chun iniúchtaí conaire a dhéanamh agus a bhainistiú ón mbliain 2020 i leith.

Lean Aonad Spóirt Éireann um Ghníomhaíocht Amuigh faoin Spéir le hacmhainn a fhorbairt agus le tacaíocht a thabhairt do ghníomhaireachtaí agus do phobail trí ghearrchúrsaí éagsúla a sholáthar mar chuid dá chlár oideachais agus oiliúna sa bhliain 2019.

Cláir agus Tionscnaimh Rannpháirtíochta

Lean Aonad Spóirt Éireann um Ghníomhaíocht Amuigh faoin Spéir leis an tionscnamh ‘Cuir Muintir na hÉireann ag Siúl’ a threorú sa bhliain 2019. Tá sé mar aidhm leis an tionscnamh siúl áineasa a chur chun cinn agus a spreagadh ar son na sláinte, na corpacmhainne agus an áineasa in Éirinn. Tá breis agus 1,900 grúpa siúil cleamhnaithe leis an tionscnamh anois, grúpaí pobail, scoileanna, clubanna CLG agus eagraíochtaí eile ina measc. Is mó an líon grúpaí siúil atá cleamhnaithe anois ná an sprioc bhunaidh a leagadh síos sa Phlean Náisiúnta um Ghníomhaíocht Fhísiciúil d’Éirinn. Toradh eile a bhí ar an gclár is ea gur tacaíodh leis an tionscnamh ‘Coillearnach ar son na Sláinte’ a thabhairt isteach i gcúig chontae sa bhliain 2019 i gcomhpháirt le Coillte, FSS agus le Meabhairshláinte Éireann.

Rinneadh dea-dhul chun cinn ar an tionscnamh ‘Cuir Muintir na hÉireann ag Rothaíocht’ sa bhliain 2019 freisin i gcomhpháirt le Rothaíocht Éireann, leis an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt agus le geallsealbhóirí eile rothaíochta agus le tacaíocht ón gclár Éire Shláintiúil. Tá sé mar aidhm leis an tionscnamh cultúr na rothaíochta a chothú agus a fhorbairt in Éirinn.

Thug Aonad Spóirt Éireann um Ghníomhaíocht Amuigh faoin Spéir tacaíocht do thrí Chomhpháirtíocht Áitiúla Spóirt déag chun an Tionscnamh um Eachtraíocht Amuigh faoin Spéir i Limistéir Uirbeacha a sholáthar sa bhliain 2019. Tá sé mar aidhm leis an gclár seo, atá á chistiú ag Ciste na gCuntas Díomhaoin, deiseanna nua a chruthú do dhaoine páirt a ghlacadh i spóirt amuigh faoin spéir i suíomhanna uirbeacha.

Éachtaí Cláir Eile

D’fhorbair Aonad Spóirt Éireann um Ghníomhaíocht Amuigh faoin Spéir comhpháirtíocht nua le hIonad CARA sa bhliain 2019 chun feacht a mhéadú ar na Treoirlínte maidir le hInrochtaineacht i Suíomhanna Amuigh faoin Spéir, a foilsíodh sa bhliain 2018, agus chun na Treoirlínte sin a chur chun cinn. Faoin gclár sin, soláthraíodh sraith ceardlann oiliúna maidir le hinrochtaineacht i suíomhanna amuigh faoin spéir.

Chomh maith leis sin, d’fhorbair an tAonad Comhpháirtíocht Gormbhealaí nua le Spóirt Thuaisceart Éireann, le Turasóireacht Thuaisceart Éireann, le Fáilte Éireann agus le hUiscebhealaí Éireann. Comhordóidh an chomhpháirtíocht an obair chun Gormbhealaí a fhorbairt ar oileán na hÉireann agus tacóidh sí leis an obair sin. Tá Gormbhealaí ina gconairí ilghníomhaíochta ceadaithe brandáilte a bhfuil mar aidhm leo áineas ar an uisce agus i ngar don uisce a spreagadh agus a chothú. Rinne an chomhpháirtíocht córas nua forbartha agus creidiúnúcháin a fhorbairt agus a sheoladh sa bhliain 2019.

Lean Spóirt Éireann le tacaíocht a thabhairt don chlár ‘Ná Fág Aon Rian’ in Éirinn sa bhliain 2019. Tá sé mar aidhm leis an gclár sin áineas freagrach amuigh faoin spéir a chur chun cinn trí oideachas, oiliúint agus tathant.

Chomh maith leis sin, chríochnaigh Aonad Spóirt Éireann um Ghníomhaíocht Amuigh faoin Spéir Staidéar Indéantachta ar Bhunachar Sonraí Náisiúnta Taitneamhachtaí Spóirt agus Áineasa a fhorbairt. Cistíodh an staidéar faoin gclár Éire Shláintiúil agus cuirfear é ar aghaidh chuig céim cur chun feidhme tosaigh sa bhliain 2020.

Forbraíodh Beartas nua Spóirt Éireann um Spóirt agus Gníomhaíocht Fhísiciúil i Suíomhanna Amuigh faoin Spéir sa bhliain 2019, rud a sheolfar sa bhliain 2020. Leagtar síos sa bheartas fíis agus treo nua do Spóirt Éireann sa réimse sin thar na blianta atá romhainn.

An tAonad um Fhorbairt agus Athrú Eagraíochta

Is é an phríomhaidhm atá ag an Aonad um Fhorbairt agus Athrú Eagraíochta i Spórt Éireann ná tacaíocht a thabhairt do na heagraíochtaí spóirt a fhaigheann cistiú ó Spórt Éireann, lena n-áirítear Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta agus Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt. Tá roinnt nithe difriúla i gceist le hobair an Aonaid, lena n-áirítear Forbairt Cumais, Idirghabhálacha/Cláir Forbartha agus Athraithe Eagraíochta, agus Grúpaí Oibre/Líonraí.

Nasc leis an mBeartas Náisiúnta Spóirt 2018-2027

Tá gníomhaíocht an Aonaid um Fhorbairt agus Athrú Eagraíochta dírithe ar éifeachtacht fhoriomlán na n-eagraíochtaí san earnáil spóirt a fhorbairt, go háirithe éifeachtacht a gcuid comhaltaí boird agus fostaithe. Ós rud é gur trí obair na ndaoine aonair sin ar deireadh a bhrúfar cuid mhór de chuspóirí straitéiseacha an Bheartais Náisiúnta Spóirt chun cinn go páirteach agus a bhainfear amach go páirteach iad, tá acmhainneacht ag gníomhaíocht an Aonaid chun rannchuidiú le cuid mhór de na cuspóirí straitéiseacha sa doiciméad agus i straitéisí gaolmhara amhail Straitéis Spóirt Éireann 2018 – 2022.

Nasc le Straitéis Spóirt Éireann

Mír Ghníomhaíochta 5 de Ráiteas Straitéise Spóirt Éireann:

Colún feidhmíochta spóirt na hÉireann a thógáil, rud atá ríthábhachtach do dhaoine spóirt gníomhacha agus iomaíocha

Mír Ghníomhaíochta 13 de Ráiteas Straitéise Spóirt Éireann:

Tacú le comhlachtaí atá á gcistiú ag Spórt Éireann ardchaighdeán aonfhoirmeacha a bhaint amach i réimse an Rialachais Chorporáidigh

Buaicphointí an Chláir

- Cuireadh an clár Fostaíochta Céimithe ASPIRE ar siúl agus socraíodh céimithe i ndeich n-eagraíocht atá á gcistiú ag Spórt Éireann.
- Reáchtáladh an clár Forbartha Ceannaireachta ARENA agus ghlac ceannairí sinsearacha ó 18 n-eagraíocht dhifriúla páirt ann
- Cuireadh tús leis an gcéad bhabhta den chlár Forbartha Bainistíochta ACCELERATE, rud a chuimsigh dhá shruth de 20 rannpháirtí ó 28 eagraíocht dhifriúil.
- Cuireadh tús leis an gclár Sláinte agus Folláine ‘Find Your Fit’ le sraith imeachtaí sa tríú ráithe agus sa cheathrú ráithe inar díriodh ar Chothú, Folláine Airgeadais, Folláine Coirp agus Meabhairshláinte.
- Cuireadh tús leis an gcéad timthriall de chlár Meantóireachta M-Power, rud ar ghlac 14 mheantóir agus 14 mheantaí páirt ann.

- Cuireadh Idirghabhálacha Forbartha agus Athraithe Eagraíochta i gcrích i seacht n-eagraíocht ar bhonn saincheaptha sonracha.
- Soláthraíodh 84 uair an chloig de chóitseáil feidhmiúcháin do 21 fhostaí earnála ó eagraíochtaí éagsúla.
- Cuireadh 132 ceann de thuiriscí síciméadracha i gcrích agus reáchtáladh seisiúin aiseolais le fostaíthe earnála ó eagraíochtaí éagsúla.
- Cuireadh oiliúint ar 726 duine d'fhostaithe/comhaltaí boird san earnáil i raon mór réimsí scileanna gnó

Forbhreathnú ar an gClár:

Forbairt Cumais Eagraíochta

Is é atá i gceist leis seo bainistíocht straitéiseach a dhéanamh ar Fhorbairt Cumais Eagraíochta i gclianteagraíochtaí spóirt in ocht réimse cumais:

- Ceannaireacht Eagraíochta
- Bainistíocht Athruithe
- Bainistíocht Riosca
- Pleanáil Straitéiseach
- Bainistíocht Feidhmíochta Fostaithe
- Bainistíocht Tionscadal
- Rialachas Corparáideach
- Teagmháil le Geallsealbhóirí

Forbraíodh Cumas Eagraíochta trí raon seirbhísí tacaíochta Foghlama, Comhairlí agus Córas, lenar áiríodh iad seo a leanas:

- Cúrsaí Oiliúna, Ceardlanna agus Seimineáir
 - Ríomhfhoghlaim
 - Cóitseáil Feidhmiúcháin
 - Measúnuithe Síciméadracha agus Iompraíochta
 - Idirghabháil san Áit Oibre
 - Sainchomhairle – Acmhainní Daonna agus an Dlí Fostaíochta
- Leathanach | 50

- Sainchomhairle – Forbairt Cumais
- Tacaíocht Earcaíochta ar Leibhéal Sinsearach

Idirghabhálacha/Cláir Forbartha agus Athraithe Eagraíochta

Bhainistigh Spórt Éireann roinnt idirghabhálacha a soláthraíodh do chlianteagraíochtaí spóirt ar bhonn saincheaptha sonrath. Ba é an bunchuspóir a bhí leis an ngníomhaíocht sin ná feabhas leanúnach a chur ar éifeachtacht eagraíochta laistigh de chlianteagraíochtaí spóirt. Díríodh in idirghabhálacha den sórt sin ar réimsí amhail Measúnú Eagraíochta, Neartú Foirne, Caidreamh Idirghrúpa, Dearadh Eagraíochta agus Athrú Cultúrtha.

Grúpaí Oibre agus Líonraí

D'éascaigh Spórt Éireann raon grúpaí oibre agus líonraí san earnáil, a bhí comhdhéanta de ghairmithe a oibríonn i gcineálacha éagsúla gairme/róil. Is é an cuspóir atá le gach grúpa ná tacú le piarfhoghlaim, comhroinnt smaointe agus líonrú idir na rannpháirtithe. Tá trí ghrúpa den sórt sin i mbun oibre faoi láthair:

- **Ceannaireacht, Bainistíocht Athruithe, Feidhmíocht agus Tionscadail** (atá dírithe ar Phríomhfheidhmeannaigh na gComhlachtaí Rialaithe Náisiúnta, Comhordaitheoirí Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt agus Bainisteoirí Sinsearacha eile a oibríonn san earnáil)
- **Acmhainní Daonna** (atá dírithe ar ghairmithe Bainistíochta Acmhainní Daonna a oibríonn san earnáil)
- **Teagmháil le Geallsealbhóirí** (atá dírithe ar ghairmithe Margáíochta, Cumarsáide agus Caidrimh Phoiblí a oibríonn san earnáil)

Taighde

Monatóir Spóirt na hÉireann

Tá Spóirt Éireann ag seoladh Mhonatóir Spóirt na hÉireann ón mbliain 2007 i leith. Leis an suirbhé taighde, tugtar léargas ar an rannpháirtíocht sa spóirt agus i ngníomhaíocht fhisiciúil i measc aosach atá 16 bliana d'aois agus níos sine. Éascaítear leis faireachán a dhéanamh ar an dul chun cinn atá á dhéanamh ar spriocanna beartais a chomhlíonadh maidir le rannpháirtíocht ghníomhach agus shóisialta sa spóirt, lena n-áirítear i dtaca leis na grádáin inscne, aoise agus shocheacnamaíocha sa rannpháirtíocht sin. Cuireadh suirbhé Mhonatóir Spóirt na hÉireann sa bhliain 2019 i gcrích agus scaipeadh an príomhshuirbhé ar gheall le 8,500 freagraí. Sa bhliain 2019, cumasaíodh le modúl sholúbtha Mhonatóir Spóirt na hÉireann léargais a ghnóthú ar shaincheistanna tráthúla amhail meabhairshláinte agus folláine agus an spóirt, gnáthchineál na rannpháirtíochta sa spóirt agus i ngníomhaíocht fhisiciúil, obair dheonach a dhéanamh sa spóirt, mná sa spóirt, míchumas sa spóirt, agus athrú iompraíochta i leith an spóirt. Ar aon dul leis na gealltanais a tugadh i nGníomh 6 den Bheartas Náisiúnta Spóirt, cuireadh ceistanna breise faoi fhéiniúlacht inscne agus eitneacht leis an suirbhé sa bhliain 2019. Bhí sé mar aidhm leis sin tuiscint a ghnóthú ar rannpháirtíocht sa spóirt i measc an phobail LADTI+ agus i measc mionlaigh eitneacha. Tugtar le fios sna fionnachtana tosaigh ó Mhonatóir Spóirt na hÉireann go ndearnadh roinnt dul chun cinn sa bhliain 2019 ar phríomhchuspóirí an Bheartais Náisiúnta Spóirt a chomhlíonadh maidir le rannpháirtíocht sa spóirt, le grádáin inscne agus le stíleanna maireachtála neamhghníomhacha.

An Staidéar ar Rannpháirtíocht Leanaí sa Spóirt agus i nGníomhaíocht Fhisiciúil

I mí Mheán Fómhair 2019, foilsíodh an tuarascáil taighde is déanaí ar Rannpháirtíocht Leanaí sa Spóirt agus i nGníomhaíocht Fhisiciúil. Ba é sin an chéad staidéar uile-oileáin inar iniúchadh rannpháirtíocht sa spóirt, i gcorpoideachas agus i ngníomhaíocht fhisiciúil i measc 6,651 duine de leanaí agus daoine óga idir 10 mbliana d'aois agus 19 mbliana d'aois. Léirítear i bhfionnachtana ardleibhéil do Phoblacht na hÉireann go bhfuil 17% de leanaí bunscoile agus 10% de leanaí iar-bhunscoile ag comhlíonadh na dtreoirilínte gníomhaíochta fisiciúla. Is ard atá na leibhéil rannpháirtíochta gníomhaí agus sóisialta sa spóirt sa scoil agus sa phobal. Dá ainneoin sin, tá difríochtaí suntasacha ann do ghrúpaí ar leith ó thaobh aoise, inscne, míchumais agus aicme shóisialta de. Beidh na fionnachtana ina dtáscairí bonnlíne ar leanaí a imríonn spóirt go minic le haghaidh an Bheartais Náisiúnta Spóirt.

Taighde ar Eolaíocht Iompraíochta

Agus leas á bhaint aige as cistiú ó Chiste na gCuntas Díomhaoin, chuir Spóirt Éireann tús le tionscadal taighde a raibh mar aidhm leis athbhreithniú a dhéanamh ar an úsáid a bhaintear as léargais eolaíochta iompraíochta in idirghabhálacha ar mhaithe le rannpháirtíocht i ngníomhaíocht fhisiciúil a mhéadú i measc daoine aonair i bpobail faoi mhíbhuntáiste. Thug an Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta

(ESRI) faoi athbhreithniú litríochta chun bonn fianaise a sholáthar ar mhaithe le dhá chlár idirghabhálacha a bhunú le haghaidh réamhghéalltanais d'aclaíocht d'aosaigh óga i gcomhar le Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt agus le haghaidh teagmháil le tuismitheoirí réamhscoile i gclár gníomhaíochta fisiciúla. Tá an dá chlár críochnaithe anois agus tugadh léargas leo ar bhealaí a d'fhéadfaí aghaidh a thabhairt ar athrú iompraíochta i bpobail faoi mhíbhuntáiste. Tá nasc ag an tionscadal le Gníomhartha 6, 9, 10 agus 11 den Bheartas Náisiúnta Spóirt.

Tionscadail eile

Chun tacú le tionscnamh beartais na mBan sa Spóirt, rinneadh taighde sa bhliain ar chothromas inscne sna meáin chló. Chuir Aonad Taighde Spóirt Éireann staidéar den chineál céanna i gcrích sa bhliain 2015. Is é an phríomhfhionnachtain nach bpléitear spóirt na mban go heisiach ach amháin i 4% de na hait ar an spóirt sna meáin chló. Is méadú an-bheag é sin i gcomparáid leis an bhfigiúr don bhliain 2015 (3%). De bhreis ar an tionscadal sin, ullmhaíodh ábhar faisnéise breise (bunaithe ar shonraí Mhonatóir Spóirt na hÉireann) do Choiste Stiúrtha Spóirt Éireann um Mná sa Spóirt.

I gcomhar le hObair Dheonach Éireann, d'fhorbair Aonad Taighde Spóirt Éireann tuarascáil ar “Rannpháirtíocht Imirceach san Obair Dheonach sa Spóirt in Éirinn”. Cuireadh na fionnachtana i láthair ag an gcomhdháil bhliantúil i mí Aibreáin 2019.

Tá Spóirt Éireann ina phríomh-chomhpháirtí i gComhar Taighde Gníomhaíochta Fisiciúla na hÉireann (IPARC), a bhfuil mar aidhm leis comhar níos láidre a fhorbairt idir déantóirí beartas, taighdeoirí agus cleachtóirí sa spóirt agus i ngníomhaíocht fhisiciúil. I measc na bpríomh-aschur atá le teacht as an tionscadal sin is ea creat meastóireachta caighdeánaithe a chuirfear i bhfeidhm sa bhliain 2020.

Tugtar tacaíocht taighde le haghaidh cláir a chistítear faoi Chiste na gCuntas Díomhaoin. Áirítear leo sin athbhreithniú a dhéanamh ar mhodhanna bailiúcháin agus ar thuarascálacha ar an gclár cóitseála pobail. Tugadh tacaíocht d'fhaireachán a dhéanamh ar bhailiú sonraí le haghaidh Chlár Siúil na bPobal Gníomhach. Tugadh tacaíocht freisin do thionscadal taighde ar choimisiúnaigh Spóirt Mac Léinn Éireann é ar na hiompraíochtaí spóirt i measc mic léinn tríú leibhéal.

Tugadh tacaíocht taighde freisin do thionscadal a bhfuil mar aidhm leis ráiteas comhthola ar litearthacht fhisiciúil a fhorbairt d'oileán na hÉireann. Tá an gníomh sin ar aon dul le Gníomhartha 1, 2, 3 agus 4 den Bheartas Náisiúnta Spóirt.

Anuas ar an tionscadal IPARC thuas, rannchuidigh an tAonad Taighde le roinnt tionscadal taighde idir-Roinne/idirghníomhaíochta sa bhliain 2019. Áiríodh leo an Tionscnamh um Aosú Dearfach Sláintiúil (HAPAI), Bogadh ar feadh an tSaoil, agus Coiste Taighde an Phlean Náisiúnta um Ghníomhaíocht Fhisiciúil.

Beartas Spóirt Éireann um Rannpháirtíocht Daoine faoi Mhíchumas sa Spóirt

Gníomhartha Beartais Ceannlíne

- Forbraíodh tuarascáil bhliantúil Spóirt Éireann don bhliain 2019, rud a rannchuidigh le próiseas foriomlán tuairiscithe bhliantúil Spóirt Éireann.
- Bord Spóirt Éireann: Cheap an tAire ‘Tacadóir Míchumais’ chuig Bord Spóirt Éireann, rud a léiríonn an tábhacht a bhaineann le cuimsiú agus le comhionannas a chur chun cinn sa spóirt.
- An Beartas Náisiúnta Spóirt 2018-2027: Sannadh freagracht dhíreach do Spóirt Éireann as Gníomh 9 a chomhlíonadh, rud lena dtugtar aghaidh ar neamhionannais i rannpháirtíocht sa spóirt, agus díriú á leagan ar na grúpaí sin ar lú a leibhéil rannpháirtíochta, go háirithe “iad sin a bhfuil stádas socheacnamaíoch íseal acu, daoine faoi **mhíchumas** agus daoine scothaosta”.
- Tugadh tacaíocht agus infheistíocht leantach do Chomhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt, do Chomhlachtaí Rialaithe Náisiúnta, do na Cluichí Parailimpeacha, do lúthchleasaithe, do Cara agus do ghníomhaireachtaí eile (Iomlán = €5,720,000) trí dheontais ó Spóirt Éireann (Príomhdheontais, Ciste na gCuntas Díomhaoin agus Mná sa Spóirt).
- Tugadh tacaíocht do bhaill foirne i gComhlachtaí Náisiúnta Rialachais don Mhíchumas agus do Cara.
- Tugadh tacaíocht do ghníomhartha a bhaineann leis an spóirt do dhaoine faoi mhíchumas sa Bheartas Náisiúnta Spóirt 2018-2027.
- Tugadh tacaíocht do phara-lúthchleasaithe ar fud roinnt spóirt agus cuireadh ar a gcumas rath a bhaint amach.
- D’fhorbair Cumann Cathaoireacha Rothaí na hÉireann – Spóirt gradaim nua oideachais do chóitseálaithe agus chuir Cluichí Oilimpeacha Speisialta gradaim i bhfeidhm.
- Rinneadh ionadaíocht ar Choiste Comhairleach Inrochtaineachta na Roinne Iompair, Turasóireachta agus Spóirt.
- Rinneadh óstáil, i gcomhar le Cara, ar an Seimineár Náisiúnta um Chuimsiú. Ba é ‘Leanaí agus Daoine Óga faoi Mhíchumas’ an téama don seimineár i mbliana. D’fhreastail breis agus 200 toscaire ar an Seimineár, agus iad ag déanamh ionadaíocht do 113 eagraíocht náisiúnta agus idirnáisiúnta difriúil.
- Cláraíodh 247 gníomhaireacht don Chairt um Chuimsiú Daoine faoi Mhíchumas sa Spóirt (atá faoi bhainistiú ag Cara). Áirítear leo sin Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta, Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt, clubanna agus gníomhaireachtaí eile.
- Forbraíodh an acmhainn san earnáil tríd an gCreat um Oideachas do Dhaoine faoi Mhíchumas sa Spóirt a bheith á chur i bhfeidhm ag Cara, faoi mar a thuiriscigh an Líonra Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt.

An tAonad Rannpháirtíochta

- **An Líonra Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt:** Mar chuid den Bheartas Náisiúnta Spóirt 2018-2027, rinne an Rialtas infheistíocht chun cistiú a leithdháileadh le haghaidh Oifigeach um Chuimsiú Daoine faoi Mhíchumas sa Spóirt a fhostú i ngach Comhpháirtíocht Áitiúil Spóirt. B’ionann agus €1,015,000 an cistiú iomlán Príomhdheontas a tugadh do Chomhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt. Ghnóthaigh an tAonad

Rannpháirtíochta tuiscint bhreise ar chláir áitiúla, ar bhacainní áitiúla agus ar dheiseanna áitiúla trí chuairteanna an athbhreithnithe forbartha ar láithreáin i ngach contae agus trí phleanáil oibríúcháin le Comhordaitheoirí. D'fhreastail an Líonra Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt ar 465,128 duine san iomlán agus ar 24,387 duine faoi mhíchumas.

- **Oifigigh um Chuimsiú Daoine faoi Mhíchumas sa Spóirt:** Ghlac an tAonad Rannpháirtíochta páirt sa phróiseas le haghaidh Oifigigh nua um Chuimsiú faoi Mhíchumas sa Spóirt a earcú chuig an líonra trí fhónamh ar phainéil agallaimh. D'oibrigh sé ar Chuspóirí agus Gníomhartha Náisiúnta don Líonra Oifigeach um Chuimsiú faoi Mhíchumas sa Spóirt, a díorthaíodh ó Bheartas Spóirt Éireann um Rannpháirtíocht Daoine faoi Mhíchumas sa Spóirt.
- **Seachtain Eorpach an Spóirt:** Thacaigh sé leis an gcéad Lá Cumais Spóirt riamh ar réachtáil Comhpháirtíocht Spóirt Chill Dara é. D'iarr an tAontas Eorpach ar Spóirt Éireann an obair a rinneadh cheana féin le roinnt comhpháirtithe difriúla a thaispeáint i gcás-staidéar. Taispeántar san fhíseán a gabhadh ar an lá cé chomh tiomanta is atáimid do thacú le daoine faoi mhíchumas agus don chuimsiú.
- **Cistiú ó Chiste na gCuntas Díomhain:** Leithdháileadh tacaíocht caipitil ab fhiú €10,000 an ceann ar 20 Comhpháirtíocht Áitiúil Spóirt chun cabhrú leo feabhas a chur ar na deiseanna spóirt atá ar fáil laistigh dá gcontae. B'ionann an méid iomlán agus €200,000.
- **Cara:** Lean an tAonad Comhpháirtíochta le hobair i gcomhar le Cara agus le tacaíocht a thabhairt dá chuid oibre don earnáil. Leithdháileadh cistiú Príomhdheontas ab fhiú €100,000 ar Cara don bhliain 2019. Trí Chiste na gCuntas Díomhain, leithdháileadh €170,000 ar Cara le haghaidh an Chreata um Oilíúint sa Spóirt do Dhaoine faoi Mhíchumas.

An tAonad um Ghníomhaíocht Amuigh faoin Spéir

- Ag gníomhú dó le tacaíocht ó Aonad Spóirt Éireann um Ghníomhaíocht Amuigh faoin Spéir, d'fhoilsigh Cumann Cathaoireacha Rothaí na hÉireann '*Great Outdoors, A Guide for Accessibility*' i mí Eanáir 2019.
- Ní ba mhoille sa bhliain 2019, chuir Cara - Cuimsiú Spóirt Éireann tús le tionscadal darb ainm [Inrochtaineacht agus an Saol Amuigh faoin Spéir](#) tar éis dó tacaíocht a fháil ó Aonad Spóirt Éireann um Ghníomhaíocht Amuigh faoin Spéir trí chistiú ó Chiste na gCuntas Díomhain. Bhí sé mar aidhm leis an tionscadal feasacht agus oilíúint a mhéadú maidir leis an doiciméad d'fhonn dul i bhfeidhm ar an mbeartas um chuimsiú i ngníomhaíocht amuigh faoin spéir agus ar chur chun feidhme an dea-chleachtais ar fud na tíre. Rinneadh forbairt agus soláthar ar cheithre cheardlann réigiúnacha de chuid an tionscadail um Inrochtaineacht agus an Saol Amuigh faoin Spéir.
- D'fhreastail sé ar [chomhdháil a réachtáil an Institiúid Eorpach um Oideachas Eachtraíochta Amuigh faoin Spéir agus Foghlaim ó Thaithí](#) i dTrá Lí i mí Mheán Fómhair chun líonrú a dhéanamh, na treoirlínte a chur chun cinn agus cur i láthair a thabhairt ag an gcomhdháil.

An tAonad Eitice

- Scaip sé cóip de Bheartas Spóirt Éireann um Rannpháirtíocht Daoine faoi Mhíchumas sa Spóirt ar gach ceann de na hOifigigh Náisiúnta Leanaí, á chinntiú go mbeadh siad ar an eolas faoin doiciméad beartais Leathanach | 55

agus faoina chuspóirí. Ag teacht sna sála air sin, cuireadh ar aghaidh chuig an aonad/eagraíocht ábhartha aon cheisteanna a fuarthas ó na hOifigigh Náisiúnta Leanaí.

- Lean sé le feachtas a mhéadú ag cruinnithe éagsúla Cumhdaigh agus ag ceardlanna éagsúla forbartha gairmiúla leanúnaí ar Bheartas Spóirt Éireann um Rannpháirtíocht Daoine faoi Mhíchumas sa Spóirt. Áiríodh leo sin laethanta faisnéise Cumhdaigh d'Oifigigh Náisiúnta Leanaí agus do Theagascóirí Cumhdaigh agus cruinnithe/ceardlanna thuaidh theas d'Oifigigh Ainmnithe Cumhdaigh Leanaí.
- Dul i gcomhairle maidir leis an bhfoireann uirlisí um Ghlóir na nÓg sa Spóirt de chuid Thionscadal na nDaoine Óga – d'oibrigh an tAonad Eitice i gcomhar le Cara ar chéim an deartha den fhoireann uirlisí um Ghlóir na nÓg sa Spóirt. D'imir Cara ról luachmhar san fhoireann uirlisí a mhúnlú chun go mbeifí in ann í a chur in oiriúint go réidh d'earnáil an spóirt do dhaoine faoi mhíchumas.
- Leanfaidh an tAonad Eitice le hoibriú i gcomhar le gach ceann de na Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt agus de na Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta don Spóirt agus le heagraíochtaí éagsúla eile spóirt chun an fhoireann uirlisí um Ghlóir na nÓg sa Spóirt a chur i bhfeidhm tuilleadh in earnáil an spóirt do dhaoine faoi mhíchumas.

Mná sa Spóirt

- Sa bhliain 2019, tugadh cistiú um Mná sa Spóirt do na Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta agus na heagraíochtaí seo a leanas a oibríonn ar son an Spóirt do Dhaoine faoi Mhíchumas: Cumann Cathaoireacha Rothaí na hÉireann - Spóirt, Spóirt Bhodhar Éireann, Cumann Parailimpeach na hÉireann agus Cara. B'ionann an infheistíocht iomlán agus €60,000.

Comhlacht Rialaithe Náisiúnta

- Is é seo a leanas an Infheistíocht a rinneadh i gComhlachtaí Rialaithe Náisiúnta maidir le míchumas sa bhliain 2019. Rinneadh an infheistíocht i mí na Samhna/mí na Nollag 2018 ó chistiú ó Chiste na gCuntas Díomhaoin agus cuireadh i bhfeidhm í sa bhliain 2019.
 - Cistiú do Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta do Dhaoine faoi Mhíchumas - €1,585,000
 - Cistiú ó Chiste na gCuntas Díomhaoin: Tionscadail um Spóirt do Dhaoine faoi Mhíchumas - €328,000
- Lean sé le tacaíocht a thabhairt, faoi scéim príomhdheontas Spóirt Éireann, do chomhlachtaí a dhíríonn ar dhaoine faoi mhíchumas
- Lean sé le tacaíocht a thabhairt, faoi scéim na dtionscadal speisialta, do chomhlachtaí/imeachtaí atá dírithe ar dhaoine faoi mhíchumas
- Lean sé le tacaíocht a thabhairt, faoi scéimeanna cistiúcháin an Chláir Éire Shláintiúil agus Chiste na gCuntas Díomhaoin, do thionscadail a dhíríonn ar dhaoine faoi mhíchumas
- Bhí sé i mbun teagmháil leanúnach leis an earnáil Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta/le Cara

An tAonad Cóitseála

- Thug sé tacaíocht fhoriomlán ar fud aonaid Spórt Éireann maidir le Beartas Spórt Éireann um Rannpháirtíocht Daoine faoi Mhíchumas sa Spórt.
- Rinne Cumann Cathaoireacha Rothaí na hÉireann - Spórt forbairt agus triail ar Chúrsa Cóitseála um Thús Eolais ar Chispheil Cathaoireacha Rothaí (1). D'fhreastail 13 dhuine ar an gcúrsa.
- Reáchtáil Oilimpicí Speisialta Éireann ceithre (4) chúrsa tús eolais. D'fhreastail 50 duine san iomlán ar an gcúrsa.
- Chuir Aonad Cóitseála Spórt Éireann, Cara, Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta do Dhaoine faoi Mhíchumas agus gníomhaireachtaí eile tús le hathbhreithniú ar 'Daoine faoi Mhíchumas a Chóitseáil: an Creat um Oideachas Cóitseálaithe' agus le hacmhainn ríomhfhoghlama a fhorbairt. Is cuid den Chlár Forbartha Cóitseála d'Éirinn í sin.

An tAonad Ardfeidhmíochta:

- Thacaigh sé le seoladh an Phlean Straitéisigh nua ó Chumann Parailimpeach na hÉireann don tréimhse 2019-2025.
- Thug sé Cistiú Ardfeidhmíochta do Chumann Parailimpeach na hÉireann. Leis an gcistiú sin, tacaítear le soláthar a chlár snámha, lúthchleasaíochta agus rothaíochta agus le soláthar a chlár do spóirt níos lú amhail badmanta agus leadóg bhoird.
- Thug sé Cistiú Oibríochtaí agus Riaracháin do Chumann Parailimpeach na hÉireann. Leis an gcistiú sin, tacaítear le hoibríochtaí na heagraíochta agus tá sé spriocdhírthe ar a phlean straitéiseach a sholáthar.
- Thacaigh sé le hullmhúcháin do Chluichí Thóiceo 2020. Tá obair an Choiste Feidhmíochta Parailimpí, a bhfuil Spórt Éireann agus Cumann Parailimpeach na hÉireann ina mbaill de, mar bhonn agus thaca ag an tacaíocht sin.
- Thacaigh sé le para-lúthchleasaithe trí chistiú a sholáthar faoin Scéim Cardála Idirnáisiúnta. Sa bhliain 2019, thacaigh Spórt Éireann le 23 para-lúthchleasaí ó shé spórt. B'fhiú an tacaíocht sin agus €548,000.
- B'ionann agus €1,714,000 an infheistíocht iomlán a rinneadh i gCumann Parailimpeach na hÉireann sa bhliain 2019.

An Institiúid

- Thug sí seirbhísí tacaíochta feidhmíochta do phara-lúthchleasaithe agus dá bpearsanra tacaíochta feidhmíochta.
- Síniadh Meabhrán Tuisceana idir Institiúid Spórt Éireann agus Cumann Parailimpeach na hÉireann i mí Lúnasa 2019 ar dá bharr a ainmníodh Institiúid Spórt Éireann mar *Chomhpháirtí Oifigiúil Tacaíochta Feidhmíochta do Chumann Parailimpeach na hÉireann*.
- Ceapadh cúigear soláthraithe seirbhíse de chuid na hInstitiúide chuig Foireann Parailimpeach na hÉireann don bhliain 2020 sna réimsí seo: Cothú, Neart agus Riochtú, Fiseolaíocht, Anailís Feidhmíochta, Scileanna Feidhmíochta don Saol.

- Ghlac líon mór toscairí agus cainteoirí ó earnáil an spóirt pharailimpigh páirt i gComhdháil HPX 2019

An tAonad Frithdhópála

- Cuirtear para-lúthchleasaithe faoi thástáil frithdhópála. Bhí 29 para-lúthchleasaí ar áireamh sa Ghrúpa Cláraithe le haghaidh Tástála de chuid Spóirt Éireann. Is é atá sa Ghrúpa Cláraithe le haghaidh Tástála ná liosta scoth-lúthchleasaithe a chomhlíonann critéir áirithe. Comhaontaíonn an Comhlacht Rialaithe Náisiúnta agus Spóirt Éireann cé a bheidh ar an liosta. Sa bhliain 2019, cuireadh breis agus 130 tástáil frithdhópála i gcrích ar phara-lúthchleasaithe. Áiríodh leo sin tástálacha fuail agus tástálacha fola araon.

An tAonad Forbartha agus Athraithe Eagraíochta

- Tugadh tacaíocht ar mhaithe le forbairt raon eagraíochtaí atá dírithe ar dhaoine faoi mhíchumas, lena n-áirítear Cara, Cumann Parailimpeach na hÉireann agus Oilimpicí Speisialta Éireann. Áiríodh léi sin raon leathan tacaíochta forbartha acmhainne do bhaill foirne, amhail forbairt ceannaireachta, cóitseáil feidhmiúcháin, agus oiliúint i scileanna boga agus teicniúla.
- De bhreis air sin, thacaíomar le forbairt ghairmiúil raon leathan fostaithe ar fud na hearnála a dhíríonn ina gcuid oibre ar ghníomhaíocht le daoine faoi mhíchumas, amhail Oifigigh um Chuimsiú Daoine faoi Mhíchumas sa Spóirt agus gairmithe ábhartha eile.
- Rinneamar infheistíocht freisin i gcaighdeáin rialachais agus cumas rialachais a fhorbairt laistigh de na heagraíochtaí sin, ar aon dul le cuspóirí an bheartais um míchumas.

An tAonad Taighde

- D'ullmhaigh sé ábhar le haghaidh Choiste Comhairleach Inrochtaineachta na Roinne Iompair, Turasóireachta agus Spóirt maidir le rannpháirtíocht sa spóirt agus i ngníomhaíocht fhisiciúil ag daoine faoi mhíchumas i dtíortha idirnáisiúnta éagsúla.
- Thug sé láithreoireacht mhionsonraithe do chruinniú an Líonra Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt/Oifigeach um Chuimsiú Daoine faoi Mhíchumas sa Spóirt i mí na Bealtaine 2019 ar rannpháirtíocht sa spóirt agus i ngníomhaíocht fhisiciúil i measc aosach agus leanaí atá faoi mhíchumas, agus úsáid á baint aige as sonraí ó Mhonatóir Spóirt na hÉireann, ón Staidéar ar Rannpháirtíocht Leanáí sa Spóirt agus i nGníomhaíocht Fhisiciúil agus ón bPríomh-Oifig Staidrimh.
- Leagadh béim sa Staidéar ar Rannpháirtíocht Leanáí sa Spóirt agus i nGníomhaíocht Fhisiciúil don bhliain 2019 ar rannpháirtíocht daltaí bunscoile agus iar-bhunscoile sa spóirt scoile agus pobail, i gcorpoideachas, i ngníomhaíocht fhisiciúil agus i dtaisteal gníomhach agus ar a n-iompraíochtaí neamhghníomhacha. Bhí figiúirí a bhain go sonrach le daoine faoi mhíchumas ar áireamh leis na hábhair a táirgeadh ón staidéar.
- I dtuarascáil lár bliana Mhonatóir Spóirt na hÉireann don bhliain 2019, léiríodh go raibh laghdú ann sa bhearna idir an líon daoine faoi mhíchumas atá ag glacadh páirt sa spóirt agus i ngníomhaíocht fhisiciúil (16%) i gcomparáid leis an líon daoine nach bhfuil faoi mhíchumas ó bhí an bhliain 2017 ann (18%).
- I gcomhar le Cara, seoladh modúl solúbtha ar an míchumas mar chuid de Mhonatóir Spóirt na hÉireann don bhliain 2019. Cuirfear na fionnachtana i láthair sa tuarascáil deiridh ar Mhonatóir Spóirt na hÉireann

don bhliain 2019, atá le seoladh sa bhliain 2020.

Campas Spórt Éireann

Tá an méid seo a leanas ina achoimre ar na gníomhaíochtaí:

- **Campaí Cuimsitheacha:** Reáchtáladh 3 Champa Chuimsitheacha (dhá cheann do dhaoine faoi aon mhíchumas, ar ghlac 20 rannpháirtí páirt iontu; agus ceann amháin, ar ar tugadh Cumais Champa, do dhaoine lagamhairc, ar ghlac dháréag páirt ann).
- **Sonrach don Spórt:** Reáchtáladh campaí cuimsitheacha/acadaimh chuimsitheacha sa Bhadmantan agus sa Snámh. Reáchtáladh ranganna para-aclaíochta d'aoisigh agus do leanaí.
- **An Spórtlann:** Athchóiríodh í chun í a dhéanamh níos sorochtana; agus soláthraíodh tacaíocht duine le duine.
- **Turais do Scoileanna:** Ghlac trí scoil riachtanas speisialta páirt i dTurais Eispéireas an Champais Náisiúnta Spóirt (saol an scoth-lúthchleasaí)
- **Oiliúint Foirme:** Cumais Champa, Parabhadmantan, Snámh, Comhairle Náisiúnta na hÉireann do na Daill, Cara
- **Imeachtaí:** Parabhadmantan, Iománaíocht Cathaoireacha Rothaí, roinnt imeachtaí ar reáchtáil Oilimpicí Speisialta Éireann iad, Tionscnamh Cumais Celtic FC
- **Cur Chun Cinn:** Cuireadh gach ceann de na nithe thuas chun cinn trí bhileoigíní agus sna meáin shóisialta
- **Brandáil:** Glacadh brandáil nua ar a léirítear na hionaid atá inrochtana

An tAonad Cumarsáide

- Ag gníomhú dó le tacaíocht ó Chumann Cathaoireacha Rothaí na hÉireann - Spórt agus le hAonad Spórt Éireann um Ghníomhaíocht Amuigh faoin Spéir, sheol sé 'Great Outdoors, A Guide for Accessibility'
- Thaispeáin sé lúthchleasaithe ó Chomhlachtaí Rialaithe Náisiúnta do dhaoine faoi mhíchumas sa spórt in áit fheiceálach i bhfoilseacháin, gairmeacha grianghraf agus imeachtaí de chuid Spórt Éireann
- Bhain sé úsáid as íocónagrafaíocht chuimsitheach agus íomhánna cuimsitheacha i bhfoilseacháin agus grafaicí meán sóisialta de chuid Spórt Éireann
- An Seimineár Náisiúnta um Chuimsiú: Chuir sé an Seimineár Náisiúnta um Chuimsiú chun cinn agus thug sé tuairisc air i gcomhar le Cara agus le Spórt Éireann
- Thacaigh sé le Cara an Chairt um Chuimsiú Daoine faoi Mhíchumas sa Spórt a chur i bhfeidhm
- Thug sé tacaíocht cumarsáide do Chumann Parailimpeach na hÉireann roimh na Cluichí Parailimpeacha

An Straitéis agus Pleanáil Bhliantúil

Cheadaigh an tAire Ráiteas Straitéise Spóirt Éireann agus leagadh é faoi bhráid Thithe an Oireachtais an 24 Meitheamh 2019. Tá Ráiteas Straitéise Spóirt Éireann ag teacht go dlúth leis na beartais ábhartha de chuid an Rialtais, mar atá an Beartas Náisiúnta Spóirt agus an Plean Náisiúnta um Ghníomhaíocht Fhisiciúil. Beidh an Beartas Náisiúnta Spóirt go háirithe ar an gcomhthéacs beartais ina n-oibreoidh Spóirt Éireann agus an mhórearnáil spóirt sna blianta beaga atá romhainn. Rinne Bord Spóirt Éireann athbhreithniú agus ceadú i mí Dheireadh Fómhair 2019 ar Phlean Cuir Chun Feidhme Straitéisigh dár Ráiteas Straitéise.

Taifeadtar thíos ár bpríomh-Éachtaí Straitéiseacha don bhliain 2019 ar fud na gceithre cholún dár Straitéis, mar aon le míreanna eile a tháinig chun cinn sa bhliain 2019 i dtaca lenár Straitéis.

Mar chuid dár bpróiseas Pleanála Bliantúla sa bhliain 2019, shainigh Spóirt Éireann 75 cuspóir ardleibhéal ar fud 14 rannóg. Rinne Coiste Feidhmiúcháin Spóirt Éireann faireachán orthu ar bhonn rialta agus tugadh an t-eolas is deireanaí don Bhord dhá uair sa bhliain. Ag deireadh na bliana, bhí breis agus 85% de na cuspóirí sin curtha i gcrích nó ar an mbóthar ceart.

Colún Straitéiseach	Príomhéachtaí 2019
Ardfheidhmíocht	<ul style="list-style-type: none"> •Forbraíodh Straitéis Ardfheidhmíochta •Osclaíodh Céim 2 den Láthair Náisiúnta faoi Dhíon agus an Pháirc Haca de chineál na gCluichí Oilimpeacha •Tugadh samhail cistiúcháin dhá bhliain isteach le haghaidh na Scéime Cardála Idirnáisiúnta •Bhuaigh lúthchleasaithe Éireannacha agus foirne Éireannacha 80 bonn sa bhliain 2019. Buadh 230 bonn go dtí seo i dTimthriall Chluichí Thóiceo. Sprioc = 265 bonn •Tugadh aghaidh go suntasach ar na dlíteanais airgeadais a bhaineann le rannpháirtíocht Fhoireann Éireann i gCluichí Thóiceo 2020. <p>Trí chistiú breise a sholáthar, cumasaíodh do roinnt Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta, do Chónaidhm Oilimpeach na hÉireann agus do Chumann Parailimpeach na hÉireann forghníomhú a dhéanamh ar phleananna a bhaineann le Cluichí Thóiceo 2020, lena n-áirítear iompar agus lóistíocht.</p> <ul style="list-style-type: none"> •D'óstáil Institiúid Spóirt Éireann Comhdháil HPX i mí na Samhna 2019. D'fhreastail breis agus 200 duine uirthi.
Feidhmíocht	<ul style="list-style-type: none"> •Cheadaigh QOI Aonad Cóitseála Spóirt Éireann mar Sholáthraí Ardoideachais •Fuair na Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta don Spóirt a bhfuil baint acu leis na spóirt tosaíochta €2.21m i gcoirchistiú sa bhliain 2019. Ba é €2.01m an figiúr coibhéiseach sa bhliain 2018. Chomh maith leis sin, bhain siad leas as cistiú breise ab fhiú €595,000 ón glár Éire Shláintiúil agus ó Chiste na gCuntas Díomhaoin. •Tá na spóirt tosaíochta ag soláthar deiseanna do 50,000 rannpháirtí neamhbhaill sa bhreis in aghaidh na bliana faoi Chiste na gCuntas Díomhaoin. I measc na rannpháirtithe bhí daoine as limistéir faoi mhíbhuntáiste sóisialta, eacnamaíoch agus oideachasúil agus daoine faoi mhíchumas. •Forbraíodh Critéir Inmheánacha le haghaidh 'Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta atá ag feidhmiú go maith' •Breisíodh Téarmaí agus Coinníollacha le haghaidh cistiú Deontais.
Rannpháirtíocht	<ul style="list-style-type: none"> •Laghaíodh an grádán rannpháirtíochta gníomhaí idir fir agus mná ó 4.5% go 3.9%, dar le Tuarascáil Eatramhach Mhionatóir Spóirt na hÉireann •Seoladh an Beartas um Mná sa Spóirt agus méadaíodh an infheistíocht sa réimse sin •Foilsíodh an Staidéar ar Rannpháirtíocht Leanaí sa Spóirt agus i nGníomhaíocht Fhisiciúil •Foilsíodh Tuarascáil Eatramhach Mhionatóir Spóirt na hÉireann •Bhíodhas in ann an infheistíocht Croichistiúcháin sa bhliain 2019 a úsáid chun Oifigeach Forbartha Spóirt sa Phobal agus Oifigeach um Chuimsiú Daoine faoi Mhíchumas sa Spóirt a earcú i ngach Comhpháirtíocht Áitiúil Spóirt sa bhliain 2019
Rialachas Spóirt Éireann	<ul style="list-style-type: none"> •Fuair Spóirt Éireann cead le haghaidh 10 bpost bhuana sa bhliain 2019. Chuathas i mbun earcaíochta le haghaidh ról ar fud na heagraíochta, lena n-áiríodh Mná sa Spóirt, Seirbhísí Corparáideacha agus Acmhainní Daonna •Coinníodh deimhniú ISO de chuid Aonad Frithdhópála Spóirt Éireann tar éis iniúchadh faireachais •Lean Spóirt Éireann le ról ceannaireachta a imirt i gcruinnithe na hEagraíochta Náisiúnta Frithdhópála (NADO) agus WADA •Meastóireacht ar Mhoil Spóirt sa Phobal, ar an Tionscnamh Cóitseála Pobail agus ar na tionscadail 'Cuir Muintir na hÉireann ag Rith', 'Cuir Muintir na hÉireann ag Rothaíocht' agus 'Cuir Muintir na hÉireann ag Snámh' sa bhliain 2019. Cuirfidh sé sin ar chumas Spóirt Éireann tacú le clár níos spriocdhírithé a sholáthar, ar clár iad lena rachfar chun tairbhe don phobal i gcoitinne sa deireadh. •Seoladh suíomh Gréasáin nua Spóirt Éireann sa cheathrú ráithe den bhliain 2019
Colún Straitéiseach	Míreanna a tháinig chun cinn sa bhliain 2019
Ardfheidhmíocht	<ul style="list-style-type: none"> •Cuireadh tús le próiseas an Mháistirphlean don Champas nuair a ceapadh AFL. <p>Is é an chuid tosaigh den dara ráithe den bhliain 2020 an dáta críochnaithe athbhreithnithe don Mháistirphlean</p> <ul style="list-style-type: none"> •Léiríodh i ndearadh oidhreacht a tugadh ar aghaidh ó Údarás Forbartha an Champais Náisiúnta Spóirt don Veileadróm go bhfuil athdhearadh ag teastáil. Beidh impleachtaí pleanála agus buiséid ag aon athdhearadh.
Feidhmíocht	<ul style="list-style-type: none"> •Tháinig Dúshlán Chobhsaíochta agus Rialachais do Chomhlachtaí Rialaithe Náisiúnta chun cinn sa bhliain 2019. •Níor tháinig aon athrú ar na rátaí ballraíochta (105k duine) i spóirt tosaíochta sa bhliain 2019. Tháinig fás as cuimse ar na spóirt sin le deich mbliana anuas, áfach – ó 49k duine sa bhliain 2010 go 87k duine sa bhliain 2015 •Tabharfar an Plean Cóitseála chun críche sa dara ráithe den bhliain 2020.
Rannpháirtíocht	<ul style="list-style-type: none"> •Soláthrófar an Feachtas Cumarsáide sa bhliain 2020 anois. Bhí sé riachtanach tairiscintí a lorg le haghaidh na hoibre sin an athuair toisc nár sainaithníodh comhpháirtí oiriúnach sa phróiseas tairisceana tosaigh
Rialachas Spóirt Éireann	<ul style="list-style-type: none"> •Soláthrófar an Ráiteas Straitéise sa bhliain 2020 anois. Cuireadh siar é ar dtús toisc nár mheas an Grúpa Ceannaireachta Spóirt gur tosaíocht é.

Dearcadh 2020

D'fhorbair Spóirt Éireann pleananna bliantúla le haghaidh ár bhfeidhmeanna éagsúla gnó an athuir sa bhliain 2020. Sainíodh 73 cuspóir ardleibhéil ar fud 13 rannóg gnó. Beidh na cuspóirí ardleibhéil sin nasctha agus ailínithe lenár Ráiteas Straitéise. Déanfaidh Spóirt Éireann faireachán ar na pleananna sin agus déanfaidh sé eolas dóibh ar fud na bliana 2020. Tabharfar an t-eolas is deireanaí don Bhord faoinár bPleananna Bliantúla agus faoi chur chun feidhme ár Straitéise ar bhonn rialta. Ós rud é gur cuireadh na Cluichí Oilimpeacha agus na Cluichí Parailimpeacha siar de bharr COVID-19, leanfaidh roinnt dár gcuid spriocanna agus cuspóirí ardleibhéil don bhliain 2020 ar aghaidh isteach sa bhliain 2021, de réir mar a bhaineann siad le spóirt Ardfheidhmíochta. Mar thoradh ar fhoilsiú Mhonatóir Spóirt na hÉireann sa bhliain 2020, beimid in ann machnamh agus measúnú a dhéanamh ar an dul chun cinn atá déanta againn ar laghdú a dhéanamh ar na grádáin atá ann i rannpháirtíocht sa spóirt. Is é an toradh a bheidh ar an Máistirphlean don Champas a chur i gcrích ná go gcinnteofar go leanfaidh Campas Spóirt Éireann ar aghaidh ag freastal ar éilimh na hearnála spóirt.

Nochtadh Cosanta

Ceanglaítear le halt 22 den Acht um Nochtadh Cosanta, 2014, go bhfoilseofaí tuarascáil gach bliain a bhaineann leis an líon nochtaí cosanta a rinneadh sa bhliain roimhe agus le haon ghníomhartha a rinneadh i leith na nochtaí sin.

Ní bhfuair Spórt Éireann aon nochtaí cosanta sa tréimhse tuairiscithe suas go dtí an 31 Nollaig 2019.

Comhlíonadh Spórt Éireann

Tá sé comhaontaithe ag Spórt Éireann a chinntiú go gcomhlíonfar ina n-iomláine gach oibleagáid riachtanach ó thaobh rialachais chorparáidigh de (oibleagáidí faoin gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú san áireamh), lena n-áirítear iad sin a bhaineann le bainistíocht riosca, le hiniúcháireacht inmheánach agus leis an gCód Caiteachais Phoiblí.

Ráiteas faoin Dóigh a nOibríonn Bord Spórt Éireann

- Tá freagracht chomhchoiteann ar an mBord as gníomhaíochtaí Spórt Éireann a stiúradh agus a threorú. Cé go bhféadfaidh an Bord feidhmeanna ar leith a tharmligean chuig an lucht bainistíochta, ní shaorfaidh feidhmiú na cumhachta tarmligin an Bord ón dualgas atá air maoirseacht a dhéanamh ar an dóigh a gcomhlíonfar na feidhmeanna tarmligthe.
- Cuireann an Bord feidhmeanna tábhachtacha i gcrích, lena n-áirítear iad seo a leanas: an treo straitéiseach agus mórfhleananna gníomhaíochta, beartais bhainistíochta riosca agus nósanna imeachta bainistíochta riosca, buiséid bhliantúla agus pleananna gnó a athbhreithniú agus a threorú, cuspóirí feidhmíochta a leagan síos, faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme agus ar fheidhmíocht Spórt Éireann, agus formhaoirseacht a dhéanamh ar chinntí maidir le mórchaiteachas caipitil agus mórinfheistíocht chaipitil.
- Seolann an Bord a chuid gnó de réir Chód Rialachais agus Iompar Gnó Spórt Éireann agus de réir aon nósanna imeachta dá dtagraítear ann. Is é an príomhról a bheidh ag an mBord agus é i seisiún iomlánach ná cinneadh a dhéanamh ar nithe beartais, airgeadais agus nós imeachta, anailís agus athbhreithniú a dhéanamh ar na gníomhaíochtaí éagsúla de chuid Spórt Éireann agus a Fhoirne, breithniú a dhéanamh ar mholtaí ó Choistí nó ó údarais tharmligthe eile maidir leis na critéir le haghaidh cúnaimh airgeadais a dhámhachtain, agus breithniú a dhéanamh ar iarratais ar chúnamh airgeadais.
- Cloífidh an Bord i gcónaí leis an bprionsabal go bhfuil freagracht chomhchoiteann ar Spórt Éireann agus go bhfuil údarás comhchoiteann aige mar chomhlacht corpraithe.

- Cinntíonn an Bord go mbeidh gach cinneadh ar mhórmhíreanna caiteachais ailínithe le straitéisí meántéarmacha agus fadtéarmacha chun a chinntiú go mbeidh caiteachas den sórt sin dírithe ar chuspóirí agus torthaí atá sainithe go soiléir.
- Glacfaidh an Bord ráiteas straitéise do gach tréimhse cúig bliana. Is trí thimthriall bliantúil pleanála agus buiséadaithe a thacófar le Spórt Éireann an straitéis sin a chur chun feidhme.
- Ag gníomhú dó tríd an gCathaoirleach, téann an Bord i gcomhairle leis an Aire gach bliain chun na nithe seo a leanas a dhéanamh:
 - na hionchais atá ag an Aire maidir le hobair Spórt Éireann (agus na hionchais atá ag Spórt Éireann féin) a shainiú;
 - an ról atá ag Spórt Éireann maidir le forbairt beartais i réimse an spóirt a shoiléiriú; agus
 - na paraiméadair a bhaineann le hacmhainní/ioncam Spórt Éireann a shainiú.
- Ar aon dul leis an dea-chleachtas rialachais agus le ceanglais an Chóid Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016), déanann an Bord meastóireacht bhliantúil ar a fheidhmíocht.

Ról Cinnteoireachta agus Feidhmeanna an Bhoird

Ó am go chéile, cinneann Bord Spórt Éireann sceideal foirmiúil nithe atá forchoimeáda go sonrach lena gcinneadh aige chun a chinntiú gurb é an Bord, agus an Bord amháin, a dhéanfaidh aon chinntí maidir leis an eagraíocht a stiúradh agus a rialú. Áireofar na nithe seo a leanas leis na feidhmeanna atá forchoimeáda don Bhord (seachas i gcás go gcinnfidh an Bord a mhalairt):

- na próisis trína n-earcóidh sé Príomhfheidhmeannach a bhunú.
- údarás a tharmligean chuig an bPríomhfheidhmeannach chun na feidhmeanna lena mbaineann a chomhlíonadh agus chun measúnú a dhéanamh ar a f(h)eidhmíocht
- tuairiscí a fháil go rialta ón bPríomhfheidhmeannach maidir le gach mórghné de ghníomhaíochtaí Spórt Éireann agus na tuairiscí sin a bhreithniú
- caiteachas a cheadú i gcás go measfar gur mó é in aon bhliain amháin ná:
 - (a) €10,000 i gcás deontaí aonair, nó
 - (b) €100,000 i gcás Comhlacht Rialaithe Náisiúnta nó eagraíocht eile atá ag fáil deontais, nó
 - (c) €25,000 ar earraí nó trealamh a cheannach ón aon soláthraí amháin nó a bhaineann le seirbhísí gairmiúla a fháil ón aon soláthraí amháin
- gach caiteachas caipitil os cionn tairseach €25,000 a cheadú
- tosaíochtaí straitéiseacha agus téarmaí na bpleananna straitéise, gnó agus cur chun feidhme arna n-ullmhú ag an bhfoireann a cheadú
- buiséad bliantúil agus plean corparáideach a ghlacadh

- beartais iniúcháireachta agus beartais bhainistíochta riosca a ghlacadh agus faireachán a dhéanamh ar na beartais sin agus tuairisc a thabhairt orthu
- tuarascálacha bliantúla agus ráitis airgeadais a cheadú
- gach mórchonradh, mórleas agus mórshocraíocht atá os cionn na dteorainneacha atá leagtha amach i nósanna imeachta airgeadais Spóirt Éireann a cheadú
- leasuithe suntasacha a cheadú ar shochair phinsin an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin agus na foirne
- ar aon dul le treoirlínte ón Rialtas, beartas a bhunú maidir le luach saothair an lucht ardbhainistíochta
- na nósanna imeachta a leanfar ag cruinnithe an Bhoird a chinneadh
- ceannach suntasach sócmhainní, diúscairt shuntasach sócmhainní agus cur as feidhm suntasach sócmhainní ag Spóirt Éireann agus ag a fhochuideachtaí a cheadú i gcás go mbeidh siad os cionn tairseach €25,000

Meastóireacht ar an mBord agus ar na Coistí

Cuireadh tús le próiseas bliantúil an Athbhreithnithe ar Éifeachtacht agus Meastóireacht an Bhoird i mí Dheireadh Fómhair 2019. Cuireadh i gcrích é i mí na Nollag 2019. Sa bhliain 2019, ba é comhlacht seachtrach (an Foras Riaracháin) a sheol an t-athbhreithniú, i gcomhréir leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016). Déanann an Bord athbhreithniú foirmiúil ar thuarascálacha scríofa ó gach Coiste ar bhonn bliantúil ar a laghad freisin.

An Chothromaíocht Inscne i gcomhaltas an Bhoird

Amháil an 31 Nollaig, bhí an Bord comhdhéanta de sheachtar fear (64%) agus de cheathrar ban (36%). Bhí dhá fholúntas ann. Dá bhrí sin, ní chomhlíonann an Bord sprioc an Rialtais go mbeadh ionadaíocht 40% ar a laghad don dá inscne ann i gcomhaltas na mBord Stáit.

Tá sé beartaithe na bearta seo a leanas a dhéanamh chun cothromaíocht inscne níos fearr a thabhairt isteach ar an mbord seo:

- De réir an Achta um Spóirt Éireann, is é an tAire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt atá freagrach as an bpróiseas um chomhaltaí Bhord Spóirt Éireann a cheapadh.
- Nuair a thagann folúntais chun cinn, cuireann Spóirt Éireann an tAire ar an eolas faoin ngá atá ann le cothromaíocht inscne níos fearr a chur chun cinn i gcomhaltas an Bhoird.
- Sonraítear an méid seo a leanas san fhógra is déanaí le haghaidh folúntais ar an mBord: “Tabharfaidh an tAire aird ar an inmhianaitheacht go mbainfí cothromaíocht inscne amach ar an mBord de réir mar is cuí leis an Aire agus a chinneann sé ó am go chéile le linn ceapacháin a dhéanamh.”

Measúnú Riosca

Rinne an Bord sainaitheint agus measúnú láidir ar na príomhrioscaí atá roimh Spórt Éireann. Áirítear leo sin rioscaí arbh é an toradh a bheadh orthu ná go bhfulaingeodh Spórt Éireann cailteanas, damáiste nó míbhuntáiste, nach mbainfeadh Spórt Éireann tairbhe as deiseanna atá ar fáil dó nó nach ngnóthódh Spórt Éireann na cuspóirí atá aige de bharr eachtraí nó gníomhartha inmheánacha nó seachtracha atá neamh-inmhianaithe nó éiginnte. Catagóirítear príomhrioscaí i gceann amháin de na ceithre chatagóir seo a leanas:

- *Rioscaí Straitéiseacha*: an teip cuspóirí straitéiseacha Spórt Éireann, mar atá leagtha amach sa Phlean Straitéiseach, a ghnóthú agus an teip leas a bhaint as deiseanna nuair a thagann siad chun cinn
- *Rioscaí Oibriúcháin*: an teip cuspóirí oibriúcháin Spórt Éireann a ghnóthú, lena n-áirítear an teip cailteanas a chosc a eascraíonn as próisis agus córais inmheánacha a bheith neamhimleor
- *Rioscaí Airgeadais*: neamhchosaint ar chailteanais airgeadais a thagann chun cinn as rialuithe a bheith neamhimleor nó as an ngá atá ann le sócmhainní airgeadais Spórt Éireann a bhainistiú ar bhealach níos fearr
- *Rioscaí Cáile agus Comhlíonta*: neamhchosaint ar chailteanais a thagann chun cinn as poiblíocht dhíobhálach, as íomhá phoiblí dhiúltach agus as an ngá atá ann leis an gcaidreamh le geallsealbhóirí a bhainistiú ar bhealach níos fearr. Is é is riosca comhlíonta ann ná an bhagairt atá ar sheasamh eagraíochtúil nó cáile Spórt Éireann de bharr sáruithe ar dhlíthe, ar rialacháin, ar chóid iompair nó ar na caighdeáin chleachtais atá i bhfeidhm ag an eagraíocht.

Sonraítear i Ráiteas Inghlacthachta Riosca Spórt Éireann an méid riosca a bhfuil an eagraíocht toilteanach dul ar a lorg nó glacadh leis agus é ag saothrú a chuspóirí fadtéarmacha.

Léirítear ann na réimsí nach nglacann an eagraíocht ach le beagán riosca iontu (Frithdhópáil, Cumhdach, agus Sláinte agus Sábháilteacht) agus na réimsí a n-aithníonn Bord Spórt Éireann gur gá bheith nuálach agus glacadh le méid riosca iontu (Ardfheidhmiocht, Mná sa Spórt, agus Forbairt agus Athrú Eagraíochta). Coinníonn Aonaid Ghnó laistigh de Spórt Éireann Cláir Rioscaí ina ngabhtar na rioscaí atá ábhartha dá n-oibríochtaí, mar aon le bearta maolaithe gaolmhara.

Úsáidtear dhá thoise chun rioscaí a thomhas, i.e. an dóchúlacht go dtarlódh an eachtra (dealraitheacht) agus an éifeacht a bheadh ann ar Spórt Éireann dá dtiocfadh an eachtra chun cinn (tionchar). Úsáidtear an próiseas atá leagtha amach i mBeartas Bainistíochta Riosca Spórt Éireann chun na tosca sin a mheas. Buanmhír ag gach cruinniú de chuid an Bhoird agus an Choiste Iniúcháireachta agus Riosca is ea Bainistíocht Riosca. Ba iad seo a leanas na príomhrioscaí agus na príomhéiginnteachtaí a bhí roimh Spórt Éireann sa bhliain 2019:

- An riosca go mbeadh tionchar diúltach ag saincheisteanna dlíthiúla agus airgeadais ó oidhreacht ar an gcumas atá ag Spórt Éireann a chroíchuspóirí a ghnóthú. (*Riosca Straitéiseach*)

- An riosca nach soláthrófaí na hacmhainní airgeadais agus foirne a theastaíonn chun formhaoirseacht a dhéanamh ar fheidhmeanna leathana Spórt Éireann agus chun na feidhmeanna sin a chomhlíonadh agus a rialú. (*Riosca Straitéiseach*)
- Dúshlán rialachais laistigh den earnáil Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta. (*Riosca do Cháil agus do Chomhlíonadh*)
- An riosca go ndéanfaí calaois nó go mbainfí mí-úsáid as acmhainní airgeadais, lena n-áirítear cibearbhagairtí. (*Rioscaí Airgeadais*)
- An riosca go ndéanfaí teagmháil neamh-chomhsheasmhach le Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta maidir le nithe a bhaineann le Campas Spórt Éireann. (*Riosca Straitéiseach/Oibriúcháin*)
- An róspleáchas ar chistiú seachtrach (Ciste na gCuntas Díomhaoin) chun an straitéis Rannpháirtíochta a chur chun feidhme. (*Rioscaí Airgeadais*)

Ba dhearfach a bhí treocht riosca ár rioscaí corparáideacha. Ba é an glanscór riosca ná gur tháinig laghdú ar cheithre mhír riosca chorparáidigh sa bhliain 2019, gur tháinig méadú ar mhír riosca amháin agus gur fhan na sé riosca eile cobhsaí ar fud na bliana.

Leagtar amach thíos roinnt de na príomhghníomhartha a rinneadh sa bhliain 2019 agus a bhuntacaíonn leis an gcur chuige a ghlacann Spórt Éireann i leith Bainistíocht Riosca

- Rinneadh sainaitheint agus measúnú ar rioscaí agus deiseanna atá sonrach do Ráiteas Straitéise Spórt Éireann. Cuireadh ar áireamh iad mar chuid de phlean cur chun feidhme na straitéise.
- I gcreat Bainistíochta Riosca Spórt Éireann, sainmhínítear teagmhas riosca mar theagmhas nó neasteagmhas ar dá bharr a d'fhulaingeodh Spórt Éireann cailteanas, damáiste nó míbhuntáiste. Taifeadtar teagmhais riosca agus neasteagmhais i loga, mar aon le gníomhaithe maolaitheacha agus leantacha, agus cuireadh iad faoi bhráid an Choiste Iniúcháireachta agus Riosca ar bhonn tréimhsiúil ar fud na bliana 2019. Tuairiscíodh an loga teagmhas riosca don Bhord freisin.
- Cuireadh oiliúint i mBainistíocht Riosca ar úinéirí riosca laistigh de Spórt Éireann sa bhliain 2019, agus díriú á leagan ar na bealaí praiticiúla is féidir cultúr bainistíochta riosca a leabú tuilleadh ar fud na heagraíochta.
- Rinneadh athbhreithniú ar an mBeartas Bainistíochta Riosca agus athraíodh chun dáta é sa bhliain 2019, agus cuireadh feabhsuithe ar ár gcineálacha cur chuige i leith sainaitheint riosca agus measúnú riosca chun próiseas níos comhoibríche a spreagadh.
- Rinne an Coiste Iniúcháireachta agus Riosca an Clár Rioscaí Corparáideacha a athbhreithniú go foirmiúil trí huair agus rinne an Bord é a athbhreithniú dhá uair.
- Cuireadh clár rioscaí ar leibhéal an Aonaid i láthair ag cruinnithe an Choiste Iniúcháireachta agus Riosca ar fud na bliana 2019.

- Rinne an fhoireann bhainistíochta Cláir Rioscaí ar leibhéal Corparáideach agus ar leibhéal an Aonaid a bhreithniú agus a athbhreithniú ar bhonn rialta ar fud na bliana.
- Ceapadh Ceann Riosca agus Comhlíonta i mí Iúil 2019.
- Mar chuid den phróiseas pleanála gnó, rinneadh breithniú agus taifeadadh ar na rioscaí agus na deiseanna a bhaineann le soláthar na Straitéise Ardchomhlíonta.

Dualgas na hEarnála Poiblí

Le halt 42 den Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014, cuirtear oibleagáid reachtúil ar chomhlachtaí poiblí aird a thabhairt ar dheireadh a chur leis an idirdhealú, comhionannas deise a chur chun cinn agus cosaint a thabhairt do na cearta atá ag na daoine a soláthraíonn siad seirbhísí dóibh agus ag baill foirne le linn dóibh a n-obair laethúil a dhéanamh. Toradh ar Dhualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine is ea go bhféadfaí comhionannas agus cearta an duine a dhéanamh ina gcuid dhílis de dhéanamh beartais, de sholáthar seirbhíse agus d'fhostaíocht laistigh den earnáil poiblí in Éirinn.

Thug an Stát gealltanús cheana féin go gcuirfeadh sé cearta an duine agus comhionannas chun cinn trí roinnt pleananna náisiúnta agus straitéisí náisiúnta. Tá sraith chomhlántach doiciméad beartais ag Spórt Éireann a thagann, agus a thacaíonn, le roinnt de na pleananna náisiúnta agus na straitéisí náisiúnta. Áirítear leo sin Beartas Spórt Éireann um Mná sa Spórt, Beartas Spórt Éireann um Rannpháirtíocht sa Spórt ag Daoine faoi Mhíchumas, agus Cairt Spórt Éireann um Sheirbhís do Chustaiméirí. Is ann do réimsí eile agus do bheartais náisiúnta agus straitéisí náisiúnta eile a bhfuil príomhról le himirt ag Spórt Éireann iontu. Áirítear leo an Straitéis um Imeachadh Imirceach agus an Straitéis LADTI. Mionsonraítear sa rannán ábhartha den tuarascáil seo an ghníomhaíocht ghaolmhar a rinneadh laistigh de na réimsí sin sa bhliain 2019.

Ina theannta sin, tugann Spórt Éireann dá aire an cur chuige trí chéim i leith Dualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine a chur chun feidhme, rud ar mhol Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas é agus atá mar a leanas: measúnú, aghaidh a thabhairt, agus tuairisciú. Glacann Spórt Éireann cur chuige den chineál céanna le linn dó sainnithint a dhéanamh ar na grádáin atá ann i rannpháirtíocht sa spórt, cláir lena dtugtar aghaidh ar na grádáin sin a dhearadh agus a chur ar aghaidh, agus tuairisc a thabhairt ar an dul chun cinn trínár dtuarascáil bhliantúil. Cuirtear de chúram ar Spórt Éireann le Gníomh 6 den Bheartas Náisiúnta Spóirt aghaidh a thabhairt ar na grádáin rannpháirtíochta atá ann sa spórt.

Oibleagáid bhuan leanúnach is ea an Dualgas, agus leanfaidh Spórt Éireann le faireachán a dhéanamh ar a chuid gníomhaíochtaí ina leith sin agus tuairisc a thabhairt orthu.

Spórt Éireann

RÁITIS AIRGEADAIS

Don bhliain ón 1 Eanáir 2019 go dtí an 31 Nollaig 2019

Clár Ábhar

Leathanach

Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil na gComhaltaí Boird	71-77
Ráiteas faoi Rialú Inmheánach	78-80
Tuarascáil an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste	81-82
Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Coinnithe Ioncaim	83
Ráiteas faoi Ioncam Cuimsitheach	84
Ráiteas faoin Staid Airgeadais	85
Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid	86
Nótaí leis na Ráitis Airgeadais	87-107

Spórt Éireann

Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil na gComhaltaí Boird

Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2019

Rialachas

Bunaíodh Bord Spórt Éireann ar bhonn reachtúil an 1 Deireadh Fómhair 2015 de bhun an Achta um Spórt Éireann, 2015. Tá feidhmeanna an Bhoird leagtha amach in alt 8 den Acht. Tá an Bord cuntasach don Aire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt agus tá sé freagrach as dea-rialachas a chinntiú agus comhlíonann sé an cúram sin trí chuspóirí agus spriocanna straitéiseacha a leagan síos agus trí chinntí straitéiseacha a dhéanamh ar gach saincheist thábhachtach ghnó. Is ar an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin agus ar an bhfoireann ardbhainistíochta atá an fhreagracht as Spórt Éireann a bhainistiú, a rialú agus a threorú ar bhonn laethúil.

Ní mór don Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin agus don fhoireann ardbhainistíochta cloí leis an mórthreo straitéiseach a leagann an Bord síos agus ní mór dóibh a chinntiú go bhfuil tuiscint shoiléir ag gach comhalta Boird ar na príomhghníomhaíochtaí agus na príomhchinntí a bhaineann leis an eintiteas agus ar aon rioscaí suntasacha ar dóigh dóibh teacht chun cinn. Gníomhaíonn an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin mar idirghabhálaí díreach idir an Bord agus foireann bhainistíochta Spórt Éireann.

Freagrachtaí an Bhoird

Tá an obair a dhéanann an Bord agus na freagrachtaí atá air leagtha amach i gCód Rialachais agus Iompar Gnó Spórt Éireann, rud ina gcuimsítear sonraí faoi na nithe atá forchoimeáda go sonracha lena gcinneadh ag an mBord. Áirítear na nithe seo leis na buanmhíreanna a bhreithníonn an Bord:

- nochtadh leasa,
- tuarascálacha ó na coistí,
- tuarascálacha airgeadais/cuntais bhainistíochta,
- tuarascálacha feidhmíochta, agus
- feidhmeanna forchoimeáda.

Ceanglaítear le halt 16 den Acht um Spórt Éireann, 2015, ar Bhord Spórt Éireann na cuntais go léir is cuí agus is gnách ar an airgead ar fad a fhaigheann sé agus a chaitheann sé a choimeád i cibé foirm a cheadóidh an tAire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Agus na ráitis airgeadais seo á n-ullmhú aige, ní mór do Bhord Spórt Éireann:

- beartais oiriúnacha chuntasaíochta a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach,
- breithiúnais agus meastacháin atá réasúnach agus stuama a dhéanamh,
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh ach amháin i gcás go bhfuil sé míchuí talamh slán a dhéanamh de go leanfaidh sé ag feidhmiú, agus
- a lua cé acu a leanadh nó nár leanadh caighdeáin chuntasaíochta is infheidhme, faoi réir aon imeachtaí ábhartha atá mínithe agus nocht sna ráitis airgeadais.

Tá an Bord freagrach as taifid chuí chuntasaíochta a choinneáil, ina gcuirtear a staid airgeadais in iúl le cruinneas réasúnach ag am ar bith agus lena gcuirtear ar a chumas a chinntiú go gcloíonn na ráitis airgeadais le halt 16 den Acht um Spórt Éireann, 2015. Tá cothabháil agus iomláine na faisnéise corparáidí agus airgeadais ar shuíomh Gréasáin Spórt Leathanach | 71

Éireann mar fhreagracht ar an mBord.

Tá an Bord freagrach as an bplean bliantúil agus an buiséad bliantúil a cheadú. Déanann an Bord meastóireacht ar bhonn leanúnach ar fheidhmíocht Spóirt Éireann trí thagairt don phlean bliantúil agus don bhuiséad bliantúil. Cuireadh athbhreithniú foirmiúil ar an mbuiséad i gcrích ag cruinniú an Bhoird i mí Mheán Fómhair 2019.

Tá an Bord freagrach freisin as a shócmhainní a chosaint agus, dá bhrí sin, as bearta réasúnacha a dhéanamh chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a aimsiú.

Measann an Bord go dtugtar léargas fírinneach cóir i ráitis airgeadais Spóirt Éireann ar fheidhmíocht airgeadais agus staid airgeadais Spóirt Éireann ag an 31 Nollaig 2019.

Struchtúr an Bhoird

Tá an Bord comhdhéanta de Chathaoirleach agus de dháréag gnáthchomhaltaí, a gceapann an tAire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt gach duine acu ar feadh téarmaí a mhaireann idir trí bliana agus cúig bliana.

Comhalta Boird	Ról	An Dáta a Ceapadh an Comhalta
Kieran Mulvey	Cathaoirleach	1 Deireadh Fómhair 2015
John Maughan	Gnáthchomhalta	1 Deireadh Fómhair 2015
Liam Sheedy	Gnáthchomhalta	1 Deireadh Fómhair 2015
Roy Dooney	Gnáthchomhalta	1 Deireadh Fómhair 2015 - 30 Meán Fómhair 2019
Mary Dorgan	Gnáthchomhalta	1 Deireadh Fómhair 2015
Caroline Murphy	Gnáthchomhalta	1 Deireadh Fómhair 2015
Patrick O'Connor	Gnáthchomhalta	1 Deireadh Fómhair 2015
Bernard Allen	Gnáthchomhalta	1 Deireadh Fómhair 2015 - 30 Meán Fómhair 2019
Lynne Cantwell	Gnáthchomhalta	19 Deireadh Fómhair 2018
Gary Ryan	Gnáthchomhalta	19 Deireadh Fómhair 2018
Olive Loughnane	Gnáthchomhalta	10 Lúnasa 2018
Roger O'Connor	Gnáthchomhalta	10 Lúnasa 2018
Padraic Moran	Gnáthchomhalta	10 Lúnasa 2018

Bhunaigh an Bord 11 Choiste, atá mar seo a leanas:

- An Coiste Iniúcháireachta agus Riosca:** Amhail deireadh na bliana, tá an Coiste seo comhdhéanta de thriúr comhaltaí Boird agus de thriúr comhaltaí neamhspleácha. Is é ról an Choiste Iniúcháireachta agus Riosca tacú leis an mBord maidir leis na freagrachtaí atá air i ndáil le riosca, le rialú agus rialachas agus le dearbhú gaolmhar. Tá an Coiste Iniúcháireachta agus Riosca neamhspleách ar lucht bainistíochta airgeadais na heagraíochta. Go háirithe, cinníonn an Coiste go ndéantar faireachán gníomhach neamhspleách ar na córais rialaithe inmheánaigh, lena n-áirítear gníomhaíochtaí iniúcháireachta. Tugann an Coiste Iniúcháireachta agus Riosca tuairisc don Bhord ar bhonn tréimhsiúil de réir mar is gá agus tugann sé tuairisc fhoirmiúil i scríbhinn don Bhord ar bhonn bliantúil. Tá an Coiste Iniúcháireachta agus Riosca comhdhéanta de Mary Dorgan (Cathaoirleach), Roger O'Connor, Padraic Moran, Frances Kavanagh, Bernard Allen agus Walter Johnston. Bhí seacht gcruinniú ag an gCoiste Iniúcháireachta agus Riosca sa bhliain 2019.
- An Coiste Frithdhópála:** Amhail deireadh na bliana, tá an Coiste seo comhdhéanta de thriúr comhaltaí Boird agus de sheachtar comhaltaí neamhspleácha. Is é ról an Choiste cabhair agus comhairle a thabhairt do Spóirt Éireann i dtaca le comhlíonadh a fheidhmeanna faoi alt 8(1)(d) go (g) den Acht um Spóirt Éireann, 2015, lena n-Leathanach | 72

áirítear:

- cúnamh agus comhairle a thabhairt do Spórt Éireann maidir le beartais a cheapadh a bhaineann leis na trí shnáithe tástála, oideachais agus taighde a cheanglaítear faoi Choinbhinsiún Chomhairle na hEorpa in aghaidh na Dópála, 1989, faoi Choinbhinsiún Idirnáisiúnta Eagraíocht Oideachais, Eolaíochta agus Chultúir na Náisiún Aontaithe (UNESCO) in aghaidh na Dópála sa Spórt agus faoi Chód an Domhain um Fhrithdhópáil
- cúnamh agus comhairle a thabhairt do bhaill foirne Spórt Éireann maidir le beartais a chur i ngníomh.

Is iad Caroline Murphy (Cathaoirleach), Pat O'Connor, Roger O'Connor, Brendan Buckley, Bill Cuddihy, Pat Guiry, Elaine Breslin, David Gillick, Wendy Henderson agus Ruth Wood Martin na comhaltaí den Choiste. Bhí trí chruinniú ag an gCoiste sa bhliain 2019.

3. **An Coiste Ardfheidhmíochta:** Amhail deireadh na bliana, tá an Coiste seo comhdhéanta de cheathrar comhaltaí Boird agus de sheisear comhaltaí neamhspleácha. Is é ról an Choiste Ardfheidhmíochta cabhair agus comhairle a thabhairt do Spórt Éireann maidir le comhlíonadh a fheidhmeanna faoi alt 8(1) den Acht um Spórt Éireann, 2015, de réir mar a bhaineann siad le barr feabhais a bhaint amach sa spórt iomaíoch.

Is iad Liam Sheedy (Cathaoirleach), Olive Loughnane, Lynne Cantwell, Gary Ryan, Peter Sherrard, Miriam Malone, Peter McCabe, Roy Dooney, Mike Heskin agus Joy Neville na comhaltaí den Choiste. Bhí ceithre chruinniú ag an gCoiste sa bhliain 2019.

4. **An Coiste Cóitseála:** Amhail deireadh na bliana, tá an Coiste seo comhdhéanta de thriúr comhaltaí Boird agus de cheathrar comhaltaí neamhspleácha. Is é cuspóir an Choiste Cóitseála cabhair agus comhairle a thabhairt do Spórt Éireann maidir lena fheidhmeanna faoi alt 8(1) den Acht um Spórt Éireann, 2015, de réir mar a bhaineann siad le cóitseáil agus cóitseálaithe a fhorbairt. Is iad John Maughan (Cathaoirleach), Padraic Moran, Pat O'Connor, Mary O'Connor, Matthew Wilkie, Ruud Dokter agus Alan Curran na comhaltaí den Choiste. Bhí trí chruinniú ag an gCoiste sa bhliain 2019.

5. **Coiste Champas Spórt Éireann:** Amhail deireadh na bliana, tá an Coiste seo comhdhéanta de bheirt chomhaltaí Boird agus de thriúr comhaltaí neamhspleácha. Is é cuspóir Choiste Champas Spórt Éireann De réir mhír 6(4)(a) de Sceideal 1 a ghabhann leis an Acht um Spórt Éireann, 2015, cúnamh agus comhairle a thabhairt do Spórt Éireann maidir lena chuid feidhmeanna a bhaineann le Campas Spórt Éireann a fhorbairt ar an láithreán. Is iad Pat O'Connor (Cathaoirleach), John Maughan, Ciaran McGivern, Roy Dooney agus Sean Benton na comhaltaí den Choiste. Bhí sé chruinniú ag an gCoiste sa bhliain 2019.

6. **An Coiste um Dheontais:** Amhail deireadh na bliana, tá an Coiste seo comhdhéanta de thriúr comhaltaí Boird agus de chomhalta neamhspleách amháin. Is é ról an Choiste um Dheontais breithniú a dhéanamh ar dheontais do Chomhlachtaí Rialaithe Náisiúnta agus do Chomhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt (lena n-áirítear deontais do Mhná sa Spórt) agus iad a mholadh ar bhonn bliantúil. Is iad John Maughan (Cathaoirleach), Mary Dorgan, Caroline Murphy agus Bernard Allen na comhaltaí den Choiste. Bhí dhá chruinniú ag an gCoiste sa bhliain 2019.

7. **An Coiste Incháilitheachta:** Amhail deireadh na bliana, tá an Coiste seo comhdhéanta de bheirt chomhaltaí Boird agus de bheirt chomhaltaí neamhspleácha. Is é ról an Choiste moltaí a dhéanamh don Bhord maidir le cé acu a shásaíonn nó nach sásaíonn eagraíochtaí a dhéanann iarratas ar dheontais na critéir incháilitheachta. Is iad Kieran

Mulvey (Cathaoirleach), Mary Dorgan, Frances Kavanagh agus Jerry O'Dwyer na comhaltaí den Choiste. Bhí cruinniú amháin ag an gCoiste sa bhliain 2019.

8. **An Coiste Taighde agus Rannpháirtíochta:** Amhail deireadh na bliana, tá an Coiste seo comhdhéanta de bheirt chomhaltaí Boird agus de thriúr comhaltaí neamhspleácha. Is é ról an Choiste Taighde formhaoirseacht a dhéanamh ar chlár taighde Spórt Éireann agus tuairisc a thabhairt don Bhord ar nithe a bhaineann leis an gclár. Is é feidhm an Choiste ó thaobh rannpháirtíochta de ná comhairle agus treoir a thabhairt do Bhord Spórt Éireann agus don Choiste Feidhmiúcháin maidir le forbairt agus faireachán a dhéanamh ar Phlean Rannpháirtíochta don spórt agus do ghníomhaíocht fhisiciúil, ar aon dul le Straitéis Spórt Éireann.

Is iad Olive Loughnane (Cathaoirleach), Gary Ryan, Sheila O'Flanagan, Frances Kavanagh agus Caolan Ward na comhaltaí den Choiste. Bhí cúig chruinniú ag an gCoiste sa bhliain 2019.

9. **An Grúpa Stiúrtha um Fhormhaoirseacht a Dhéanamh ar an Tacaíocht ón Rialtas do Pheil Ghaelach na mBan agus do Chamógaíocht:** Amhail deireadh na bliana, tá an Grúpa Stiúrtha seo comhdhéanta de chomhalta Boird amháin agus de cheathrar comhaltaí neamhspleácha. Is é cuspóir an Ghrúpa seo teacht ar chomhaontú faoi mhionsonraí an tionscnaimh dar teideal 'An Tacaíocht ón Rialtas do Pheil Ghaelach na mBan agus do Chamógaíocht' chun tacú leis na cláir a chuirtear ar áireamh sa togra comhpháirteach ón gCumann Camógaíochta, ó Chumann Pheil na mBan (LGFA) agus ó Chumann Imreoirí Gael - Mná (WGPA). Is iad John Maughan (Cathaoirleach), James Lavelle, Lyn Savage, Sinead McNulty agus Marie Kinsella na baill den Ghrúpa. Bhí cruinniú amháin ag an nGrúpa sa bhliain 2019.

10. **An Coiste um Mná sa Spórt:** Amhail deireadh na bliana, tá an Coiste seo comhdhéanta de bheirt chomhaltaí Boird agus de naonúr comhaltaí neamhspleácha. Is é ról an Ghrúpa tacú le cur chun feidhme an Bheartais um Mná sa Spórt agus tacaíocht agus treoir a thabhairt d'obair an Treoraí nuacheaptha um Mná sa Spórt. Is iad Lynne Cantwell (Cathaoirleach), Mary Dorgan, Mary O'Connor, Sarah Keane, Kelli O'Keefe, Joanne Cantwell, John Fulham, John Sweeney, Heather Coyle, Frances Kavanagh agus Jenny Egan na baill den Ghrúpa. Bhí sé chruinniú ag an gCoiste sa bhliain 2019.

11. **An Chomhairle Oideachais agus Oiliúna:** Bunaíodh an Chomhairle Oideachais agus Oiliúna i mí Mheán Fómhair 2019 mar chuid den iarratas a rinne Spórt Éireann chuig Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann mar Sholáthraí Ardoideachais. Déanfaidh an Coiste formhaoirseacht ar chur chun feidhme an dearbhaithe cáilíochta sna cláir oideachais agus oiliúna a dtairgeann Spórt Éireann iad. Tá an Comhaltas den Choiste le ceadú ag an mBord.

Sceideal Freastail, Táillí agus Speansas

Bhí naoi chruinniú ag an mBord sa bhliain 2019. Tá sceideal freastail ar chruinnithe an Bhoird agus na gCoistí don bhliain 2019 leagtha amach thíos, lena n-áirítear na táillí agus na speansas a fuair gach comhalta:

Comhalta Boird	Cruinnithe Boird ar Freastaláíodh Orthu	An Coiste Iniúcháireachta agus Riosca	An Coiste Frithdhópála	An Coiste Ardheidhmíochta	An Coiste Cóitseála	Coiste an Champais Náisiúnta Spórt	An Coiste um Dheontais do NGBanna	An Coiste Incháilitheachta	An Coiste Taighde	An Grúpa Stiúrtha um Fhorháoiseacht a Dhéanamh ar an Tacaíocht ón Rialtas do Pheil Ghaelach na mBan agus do Chamógatocht	An Grúpa Comhairleach um Miná sa Spórt	Luach Saothair na gComhaltaí Boird An bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2019	Speansais Dhearbhathe 31 Nollaig 2019
												€	€
Kieran Mulvey	9							1				11,970	3,650
John Maughan	9				3	6	2			1		-	5,955
Liam Sheedy	6			3								7,695	2,150
Roy Dooney	5			1		4						-	557
Mary Dorgan	8	7					2	1			4	7,695	4,294
Caroline Murphy	8		3				2					-	-
Patrick O'Connor	8		2		3	6						7,695	5,018
Bernard Allen	6	5										5,771	6,292
Lynne Cantwell	9			3							6	7,695	3,147
Gary Ryan	8			4					5			-	3,736
Olive Loughnane	9			3					5			-	-
Roger O'Connor	9	7	3									7,695	995
Padraic Moran	8	2										7,695	-
Iomlán												63,911	35,794

Faoin bprionsabal um Dhuine Amháin, Tuarastal Amháin, ní bhfuair John Maughan, Roy Dooney, Caroline Murphy, Gary Ryan ná Olive Loughnane aon táille Boird sa bhliain 2019.

Athruithe Príomhphearsanra

Tháinig téarma Bernard Allen agus téarma Roy Dooney in éag an 30 Meán Fómhair 2019. Athcheapadh Pat O'Connor agus Padraic Moran chuig an mBord le héifeacht ón 1 Deireadh Fómhair 2019.

An Nochtadh a Cheanglaítear leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016)

Tá an Bord freagrach as a chinntiú go gcomhlíonann Spórt Éireann ceanglais an Chóid Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (“an Cód”) arna fhoilsiú ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i mí Lúnasa 2016. Ceanglaítear an nochtadh seo a leanas leis an gCód:

Miondealú ar Shochair Ghearrthéarmacha Fostaithe

Déantar sochair gearrthéarmacha fostaithe ar fiú níos mó ná €60,000 iad a chatagóiriú sna bandaí seo a leanas:

Bandáí Tuarastail Bhliantúil ag deireadh na bliana

	An bhliain dar críoch an	
	31 Nollaig 2019	31 Nollaig 2018
60,000-69,999	2	3
70,000-79,999	3	1
80,000-89,999	2	4
90,000-99,999	4	2
100,000-109,999	-	-
110,000-119,999	-	-
120,000-129,999	-	-
130,000-139,999	-	1
140,000-149,999	1	-

Tabhair faoi deara: Chun críocha an nochtá seo, áirítear iad seo a leanas le sochair ghearrthéarmacha fostaithe a íocadh i leith seirbhísí a soláthraíodh le linn na bliana: tuarastal; líuntais ragoibre; agus íocaíochtaí eile a rinneadh thar ceann an fhostaí. Ní áirítear ÁSPC ón bhfostóir leo, áfach.

Costais Chomhairleachta

Áirítear le costais chomhairleachta an costas ar chomhairle sheachtrach a chur ar an lucht bainistíochta. Ní áirítear leo an costas ar fheidhmeanna seachfhoinsithe ‘gnáthghnó’.

	An bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2019	An bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2018
	€	€
Comhairle Dlí		
Comhairle theicniúil	442,641	339,133
Comhairle Airgeadais/Achtúireach	472,871	462,784
Acmhainní Daonna	11,510	3,014
Feabhsú gnó	73,240	9,041
Eile	109,318	5,515
Costas Comhairleachta Iomlán	1,451,343	839,871
Costais Chomhairleachta a Caipitlíodh	439,822	493,610
Costais Chomhairleachta a muirearaíodh chuig an gCuntas Ioncaim	1,011,521	346,261
Costas Comhairleachta Iomlán	1,451,343	839,871

Costais Dlí agus Socraíochtaí

Tugtar sa tábla thíos miondealú ar na méideanna a aithníodh mar chaiteachas sa bhliain i dtaca le costais dlí, le socraíochtaí agus le himeachtaí réitigh agus eadrána a bhaineann le conarthaí le tríú páirtithe. Ní áirítear leis caiteachas a tabhaíodh ar an gcomhairle dlí ghinearálta a fuair Spórt Éireann. Tá an caiteachas sin ar áireamh sna costais Chomhairleachta thuas.

	An bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2019	An bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2018
	€	€
Táillí Dlí – Imeachtaí Dlí	312,748	84,279
Íocaíochtaí Réitigh agus Eadrána	-	-
Socraíochtaí	-	-
Costas Dlí Iomlán	312,748	84,279

Baineann táillí dlí go sonrach le costais a tabhaíodh i dtaca leis an gcás dlí ó oidhreacht a thionscain Dublin Waterworld Limited in aghaidh Údarás Forbartha an Champais Náisiúnta Spórt (NSDCA, atá díscailte anois).

Caiteachas Taistil agus Cothaithe

Catagóirítear caiteachas taistil agus cothaithe mar seo a leanas:

	An bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2019 €	An bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2018 €
Taisteal Intíre		
- Bord	31,679	40,082
- Fostaithe	155,993	132,864
Idirnáisiúnta		
- Bord	9,277	897
- Fostaithe **	110,150	50,966
Costas Taistil Iomlán	307,099	224,810

Caiteachas Fáilteachais

Tá an caiteachas fáilteachais seo a leanas ar áireamh sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais:

	An bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2019 €	An bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2018 €
Fáilteachas foirne	252	591
Fáilteachas cliant	6	-
Fáilteachas Iomlán	258	591

Ráiteas faoi Chomhlíonadh

Ghlac an Bord an Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016) agus chuir sé nósanna imeachta i bhfeidhm chun comhlíonadh an Chóid a chinntiú. Chomhlíon Spórt Éireann an Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú ina iomláine don bhliain dar críoch 2019.



Kieran Mulvey,
Cathaoirleach
Dáta: 17 Nollaig 2020



John Treacy,
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin
Dáta: 17 Nollaig 2020

Spórt Éireann

Ráiteas faoi Rialú Inmheánach

Raon Freagrachta

Thar ceann Spórt Éireann, aithním an fhreagracht atá ar an mBord as a chinntiú go ndéantar córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais a chothabháil agus a fheidhmiú. Agus an fhreagracht sin á comhlíonadh, tugtar aird ar cheanglais an Chóid Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016).

Cuspóir an Chórais Rialaithe Inmheánaigh

Tá an córas rialaithe inmheánaigh deartha chun riosca a choinneáil ar leibhéal inghlactha, seachas deireadh a chur leis. Dá bhrí sin, ní fhéadann an córas ach dearbhú réasúnach agus ní dearbhú iomlán a chur ar fáil go gcosnaítear sócmhainní, go n-údaraítear idirbhearta agus go dtaifeadtar iad go cuí agus go gcoisctear earráidí ábhartha agus mírialtachtaí nó go mbraitear iad ar bhealach tráthúil.

Bhí córas rialaithe inmheánaigh, atá ag teacht leis an treoir arna heisiúint ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, i bhfeidhm i Spórt Éireann don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2019 agus suas go dtí an dáta a ceadáíodh na ráitis airgeadais.

Cumas le Riosca a Láimhseáil

Tá Coiste Iniúchóireachta agus Riosca i bhfeidhm ag Spórt Éireann, rud a chuimsíonn triúr comhaltaí Boird (amhail deireadh na bliana) agus triúr comhaltaí seachtracha a bhfuil saineolas airgeadais agus iniúchóireachta acu. Tá duine amháin díobh ar an gCathaoirleach. Tháinig an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca le chéile seacht n-uaire sa bhliain 2019.

Chomh maith leis sin, chuir Spórt Éireann feidhm iniúchóireachta inmheánaí ar bun a bhfuil sách acmhainní aici agus a sheolann clár oibre a chomhaontaítear leis an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca.

Chuir an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca beartas bainistíochta riosca le chéile, rud ina leagtar amach an fonn riosca atá air agus na próisis bhainistíochta riosca atá i bhfeidhm aige agus ina sonraítear na ról atá ag baill foirne agus na freagrachtaí atá orthu ó thaobh riosca de. Eisíodh an beartas chuig gach ball foirne ar dóigh dóibh obair de réir bheartais bhainistíochta riosca Spórt Éireann ionas gur féidir leo an lucht bainistíochta a chur ar an eolas faoi rioscaí atá ag teacht chun cinn, laigí a rialú agus freagracht a ghlacadh as rioscaí agus rialuithe laistigh dá réimse oibre féin.

An Creat Riosca agus Rialaithe

Chuir Spórt Éireann córas bainistíochta riosca chun feidhme, rud ina saináithnítear agus ina dtuairiscítear na príomhrioscaí atá ann agus na gníomhartha bainistíochta atá á ndéanamh chun dul i ngleic leis na rioscaí sin agus, a mhéid is féidir é, chun na rioscaí sin a mhaolú.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm ina leagtar amach na príomhrioscaí atá roimh Spórt Éireann. Rinneadh na rioscaí sin a shaináithint, a mheas agus a ghrádú bunaithe ar a shuntasáí atá siad. Déanann an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca athbhreithniú ar an gClár Rioscaí Aonaid agus ar an gClár Rioscaí Corparáideacha ar bhonn leanúnach.

Mionsonraítear sa chlár rioscaí na rialuithe agus na gníomhartha a theastaíonn chun rioscaí a mhaolú i Spórt Éireann. Leis an gclár rioscaí freisin, leagtar freagracht ar bhaill foirne shonracha as rialuithe a oibriú. Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil na gnéithe seo a leanas mar chuid di:

- taifeadadh nósanna imeachta le haghaidh gach príomhphróisis ghnó,
- sannadh freagrachtaí airgeadais ag leibhéal bainistíochta, agus cuntasacht chomhfhreagrach ag gabháil leo,
- tá córas buiséadaithe cuí i bhfeidhm, rud lena ngabhann buiséad bliantúil ceadaithe a choinnítear faoi athbhreithniú ag an lucht ardbhainistíochta,
- tá córais i bhfeidhm a bhfuil mar aidhm leo slándáil na gcóras teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide a chinntiú,
- tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint, agus
- cinntíonn nósanna imeachta um rialú ar chistiú deontais do ghníomhaireachtaí seachtracha go bhfuil rialú leordhóthanach ann ar dheontais a cheadú agus go ndéantar faireachán agus athbhreithniú ar dheontaithe chun dearbhú a thabhairt gur úsáideadh cistiú deontais chun na críche beartaithe.

Feidhm Formhaoirseachta Sport Ireland Facilities DAC

Mar chuid den fhormhaoirseacht leanúnach a dhéanann Sport Ireland Facilities DAC, arb í an fhochuideachta le Spórt Éireann í, tugann an Príomhoifigeach Oibríochtaí tuairisc do Bhord Spórt Éireann ag gach cruinniú de chuid an Bhoird ar fheidhmíocht shaoráidí an champais agus ar aon saincheistanna ábhartha eile. Scrúdaítear tuarascálacha gníomhaíochta ar shaoráidí an champais ag gach cruinniú Coiste de chuid Sport Ireland Facilities DAC. Chomh maith leis sin, chomhaontaigh Spórt Éireann muirir idirchuideachta trí chomhaontú seirbhíse le Sport Ireland Facilities DAC sa bhliain 2019.

Chomh maith leis sin, déanann Coiste Iniúchóireachta agus Riosca Spórt Éireann athbhreithniú ar dhréachtráitis airgeadais bhliantúla na fochuideachta sula gcuirtear isteach iad chuig Bord Spórt Éireann lena gceadú gach bliain.

Faireachán agus Athbhreithniú Leanúnach

Cuireadh nósanna imeachta foirmiúla ar bun le haghaidh faireachán a dhéanamh ar phróisis rialaithe. Cuirtear easnaimh rialaithe in iúl go tráthúil dóibh sin atá freagrach as gníomhaíocht cheartaitheach a dhéanamh agus don lucht bainistíochta agus don Bhord. Deimhním go bhfuil na córais faireacháin leanúnaigh seo a leanas i bhfeidhm:

- sainiúidh príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara agus cuireadh próisis i bhfeidhm chun faireachán a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe sin agus chun aon easnaimh shainaitheanta a thuairisciú,
- bunaíodh socruithe tuairiscithe ar gach leibhéal mar ar sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais, agus
- déanann an lucht ardbhainistíochta athbhreithnithe rialta ar thuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla feidhmíochta agus airgeadais ina gcuirtear an fheidhmíocht iarbhir i gcomparáid leis an mbuiséad nó leis an bhfeidhmíocht thuartha.

Soláthar

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag Spórt Éireann chun a chinntiú go gcomhlíontar na rialacha agus na treoirlínte reatha soláthair agus deimhním gur chomhlíon Spórt Éireann na nósanna imeachta sin sa bhliain 2019.

Athbhreithniú ar Éifeachtacht

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag Spórt Éireann chun faireachán a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta bainistíochta riosca agus rialaithe. Obair na n-iniúcháirí inmheánacha agus seachtracha, an Coiste Iniúcháireachta agus Riosca a dhéanann formhaoirseacht ar a gcuid oibre, agus an lucht ardbhainistíochta laistigh de Spórt Éireann atá freagrach as an gcreat rialaithe inmheánaigh a fhorbairt agus a chothabháil, déanann siad eolas d'fhaireachán agus athbhreithniú Spórt Éireann ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh.

Deimhním gur thug an Bord faoi athbhreithniú bliantúil ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha don bhliain 2019.

Saincheisteanna Rialaithe Inmheánaigh

Níor sainithníodh sa rialú inmheánach i dtaca leis an mbliain 2019 aon laigí is gá a nochtadh sna ráitis airgeadais.

Thar ceann Bhord Spórt Éireann:



Kieran Mulvey,

Cathaoirleach

Dáta: 17 Nollaig 2020



Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste Comptroller and Auditor General

Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

Spórt Éireann

Tuairim ar na ráitis airgeadais

Tá iniúchadh déanta agam ar ráitis airgeadais Spórt Éireann don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2019, mar a cheanglaítear faoi fhorálacha alt 16 den Acht um Spórt Éireann, 2015.

Tá na ráitis airgeadais comhdhéanta díobh seo:

- an ráiteas faoi ioncam agus caiteachas agus cúlchistí coinnithe ioncaim
- an ráiteas faoi ioncam cuimsitheach
- an ráiteas faoin staid airgeadais
- an ráiteas faoi shreabhadh airgid agus
- na nótaí gaolmhara, lena n-áirítear achoimre ar bheartais shuntasacha chuntasáíochta.

I mo thuairim, tugtar sna ráitis airgeadais léargas fírinneach cóir ar shócmhainní, ar dhliteanais agus ar staid airgeadais Spórt Éireann ag an 31 Nollaig 2019 agus ar a ioncam agus a chaiteachas don bhliain 2019 de réir Chaighdeán Tuairiscithe Airgeadais (FRS) 102 – *An Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann*.

Bunús na tuairime

Rinne mé m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht arna bhfógairt ag Eagraíocht Idirnáisiúnta na nUasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos déanta san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin. Táim neamhspleách ar Spórt Éireann agus chomhlíon mé na freagrachtaí eiteiciúla eile atá orm de réir na gcaighdeán.

Creidim gur leor an fhianaise iniúchóireachta a fuair mé agus go bhfuil sí oiriúnach do bhunús a thabhairt le mo thuairim.

Tuarascáil ar fhaisnéis seachas na ráitis airgeadais agus ar ábhair áirithe eile;

Chuir Spórt Éireann faisnéis áirithe eile i láthair i dteannta na ráiteas airgeadais. Cuimsíonn an fhaisnéis sin an tuarascáil bhliantúil, lena n-áirítear an ráiteas rialachais agus tuarascáil na gcomhaltaí Boird agus an ráiteas faoi rialú inmheánach. Tá cur síos déanta san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo ar na freagrachtaí atá orm tuairisc a thabhairt ar fhaisnéis den sórt sin agus ar ábhair áirithe eile ar a dtuairiscím trí eisceacht.

Níl aon rud le tuairisciú agam ina leith sin.

Seamus McCarthy
An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

22 Nollaig 2020

Aguisín leis an tuarascáil

Freagrachtaí na gcomhaltaí Boird

Mar a mhionsonraítear sa ráiteas rialachais agus tuarascáil na gcomhaltaí Boird, tá na comhaltaí Boird freagrach as na nithe seo:

- na ráitis airgeadais a ullmhú san fhoirm a fhorordaítear faoi alt 16 den Acht um Spórt Éireann, 2015
- a chinntiú go dtugtar léargas fírinneach cóir sna ráitis airgeadais de réir FRS 102
- rialtacht na n-idirbheart a chinntiú
- a mheas cé acu is cuí nó nach cuí bunús gnóthais leantaigh na cuntasaióchta a úsáid, agus
- an rialú inmheánach sin a mheasann siad a bheith riachtanach chun ráitis airgeadais a ullmhú atá saor ó mhíríteas ábhartha, bíodh calaóis nó earráid mar chúis leis.

Freagrachtaí an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm faoi alt 16 den Acht um Spórt Éireann, 2015, ráitis airgeadais Spórt Éireann a iniúchadh agus tuairisciú orthu do Thithe an Oireachtais.

Tá sé mar chuspóir agam agus an t-iniúchadh á dhéanamh agam dearbhú réasúnach a fháil ar cé acu atá nó nach bhfuil na ráitis airgeadais ina n-iomláine saor ó mhíríteas ábhartha, bíodh calaóis nó earráid mar chúis leis. Is ionann dearbhú réasúnach agus leibhéal ard dearbhaithe. Mar sin féin, ní deimhniú é gur i ngach cás ina bhfuil sé ann a aimseofar míráiteas ábhartha le linn iniúchadh a dhéantar de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht. Is féidir le míráitis teacht as calaóis nó earráid agus meastar iad a bheith ábhartha más amhlaidh ina n-aonar nó mar chomhiomlán go bhféadfaí a bheith ag súil leis le réasún go rachadh siad i bhfeidhm ar chinntí eacnamaíocha a dhéanann úsáideoirí ar bhonn na ráiteas airgeadais sin.

Mar chuid d'iniúchadh a dhéantar de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht, úsáidim breithiúnas gairmiúil agus coinním sceipteachas gairmiúil ar bun ar fud an iniúchta. Le linn déanamh amhlaidh,

- Déanaim sainaitheint agus measúnú ar na rioscaí a bhaineann le míráiteas ábhartha sna ráitis airgeadais de bharr calaíse nó earráide; ceapaim nósanna imeachta iniúchóireachta atá freagrúil do na rioscaí sin agus cuirim i bhfeidhm iad; agus faighim fianaise iniúchta is leor agus is cuí chun bunús a thabhairt do mo thuairim. Is airde an baol nach mbraithfí míráiteas ábhartha de bharr calaíse ná de bharr earráide, toisc go bhféadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnamh d'aon ghnó, mifhaisnéis nó sárú ar an rialú inmheánach a bheith i gceist le calaóis.
- Gnóthaím tuiscint ar rialú inmheánach atá ábhartha don iniúchadh chun nósanna imeachta iniúchóireachta a dhearadh atá oiriúnach do na cúinsí. Ní dhéanaim amhlaidh, áfach, chun tuairim a thabhairt ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanaim meastóireacht ar a chuí atá na beartais chuntasaíochta a úsáideadh agus ar a réasúnaí atá na meastacháin chuntasaíochta agus an nochtadh gaolmhar.

- Déanaim cinneadh ar a chuí atá sé bunús gnóthais leantaigh na cuntasaióchta a úsáid agus, bunaithe ar an bhfianaise iniúchta a fuarthas, déanaim cinneadh ar cé acu is ann nó nach ann d'éiginnteacht ábhartha a bhaineann le heachtraí nó dálaí a d'fhéadfadh amhras suntasach a chaitheamh ar an gcumas atá ag Spórt Éireann leanúint de bheith ag feidhmiú mar ghnóthas leantach. Má chinnim gurb ann d'éiginnteacht ábhartha, ceanglaítear orm aird a tharraingt i mo tuarascáil ar an nochtadh gaolmhar sna ráitis airgeadais nó, i gcás nach leor an nochtadh sin, ceanglaítear orm mo thuairim a athrú. Tá mo chinntí bunaithe ar an bhfianaise iniúchta a fuarthas suas go dáta mo thuarascála. Mar sin féin, d'fhéadfadh eachtraí nó dálaí amach anseo a chur faoi deara go scoirfeadh Spórt Éireann de bheith ag feidhmiú mar ghnóthas leantach.
- Déanaim meastóireacht ar chur i láthair, struchtúr agus ábhar foriomlán na ráiteas airgeadais, lena n-áirítear an nochtadh, agus ar cé acu a chuirtear nó nach gcuirtear na hidirbhearta agus na heachtraí bunúsacha i láthair ar bhealach cóir sna ráitis airgeadais.

Déanaim cumarsáid leis na daoine sin a gcuirtear de chúram orthu déileáil le rialachas maidir le raon feidhme agus uainiú beartaithe an iniúchta agus le fionnachtana suntasacha an iniúchta, lena n-áirítear aon easnaimh shuntasacha i rialú inmheánach a shainaitheint le linn m'iniúchta, i measc ábhair eile.

Faisnéis seachas na ráitis airgeadais

Ní chumhdaíonn mo thuairim ar na ráitis airgeadais an fhaisnéis eile a chuirtear i láthair sna ráitis airgeadais sin, agus ní chuirim aon chinneadh dearbhaithe in iúl ina leith.

I dtaca le m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais, ceanglaítear orm faoi na Caighdeáin Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht an fhaisnéis eile a chuirtear i láthair a léamh agus, le linn déanamh amhlaidh, a bhreithniú cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh go bhfuil an fhaisnéis eile neamh-chomhsheasmhach go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó le heolas a gnóthaíodh le linn an iniúchta nó go bhfuil an chuma uirthi ar shlí eile go ndearnadh míráiteas ábhartha ina leith. Más amhlaidh, bunaithe ar an obair a rinne mé, go gcinnim go ndearnadh míráiteas ábhartha ar an bhfaisnéis eile sin, ceanglaítear orm an foras sin a thuairisciú.

Tuairisciú ar ábhair eile

Déantar m'iniúchadh trí thagairt do na cúinsí speisialta a bhaineann le comhlachtaí Stáit maidir lena mbainistiú agus lena n-oibriú. Tuairiscím i gcás go sainaitheint ábhair ábhartha a bhaineann leis an dóigh ar cuireadh gnó poiblí i gcrích.

Féachaim le linn an iniúchta le fianaise a fháil ar rialtacht na n-idirbheart airgeadais. Tuairiscím i gcás go sainaitheint aon chás ábhartha nár caitheadh airgead poiblí do na críocha a bhí beartaithe ann nó nach ndearnadh na hidirbhearta de réir na n-údarás a bhí á rialú ann.

Tuairiscím trí eisceacht freisin i gcás gurb amhlaidh, i mo thuairimse,

- nach bhfuair mé an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a theastaigh uaim do m'iniúchadh, nó
- nár leor na taifid chuntasaíochta chun mé a chumasú iniúchadh réidh cuí a dhéanamh ar na ráitis airgeadais, nó
- nach bhfuil na ráitis airgeadais ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

Spórt Éireann

RÁITEAS FAOI IONCAM AGUS CAITEACHAS AGUS CÚLCHISTÍ COINNITHE IONCAIM

Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2019

	Nótaí	An bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2019 €	An bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2018 €
Ioncam			
Deontais ón Oireachtas	2	63,529,577	77,531,491
Deontais ó Chiste na gCuntas Díomhaoin	2	5,000,000	5,000,000
Acmhainní Dílse	3	958,672	741,917
Glanchistiú Pinsin Iarchurtha	10c	740,628	683,291
Ioncam Eile	4	362,387	266,392
Aistriú ón/(chuig an) gCúlchiste Caipitil	9	<u>489,367</u>	(16,214,564)
Ioncam Iomlán		71,080,631	68,008,527
Caiteachas			
Deontais Reatha atá Iníoctha	5a	48,280,650	46,741,700
Deontais ó Chiste na gCuntas Díomhaoin	5b	4,740,773	4,510,936
Deontais ón gCiste Éire Shláintiúil	5c	628,225	699,246
Cláir Eile	6	6,982,450	5,606,966
Riarachán	7	613,733	605,258
Costais Foirne	8	4,265,866	3,761,581
Costais sochar scoir	10a	742,000	694,000
Dímheas	11	<u>4,695,523</u>	4,377,496
Caiteachas Iomlán		70,949,220	66,997,183
Barrachas / (Easnamh) don bhliain		131,411	1,011,344
Iarmhéid a Tugadh ar Aghaidh ag an 1 Eanáir		<u>2,546,333</u>	1,534,989
Iarmhéid a Tugadh ar Aghaidh ag an 31 Nollaig		<u>2,677,744</u>	2,546,333

Baineann an t-ioncam agus an caiteachas ar fad don bhliain le gníomhaíochtaí leantacha ag dáta an Ráitis faoin Staid Airgeadais.

Tá an Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid agus nótaí 1 go 21 mar chuid de na ráitis airgeadais seo.

Thar ceann Bhord Spórt Éireann:



Kieran Mulvey,
Cathaoirleach

Dáta: 17 Nollaig 2020



John Treacy,
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

Dáta: 17 Nollaig 2020

Spórt Éireann
RÁITEAS FAOI IONCAM CUIMSITHEACH
Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2019

	Nótaí	An bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2019 €	An bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2018 €
(Easnamh)/Barrachas roimh leithreasuithe		131,411	1,011,344
(Caillteanas)/gnóthachain ó thaithí ar oibleagáidí sochar scoir	10b	107,000	(769,000)
Athrú sna toimhdí atá mar bhunús le luach láithreach na n-oibleagáidí sochar scoir	10b	(849,000)	356,000
(Caillteanas)/gnóthachan achtúireach iomlán sa bhliain		(742,000)	(413,000)
Coigeartú sa chistiú iarchurtha do shochair scoir		742,000	413,000
<i>Ioncam Cuimsitheach Eile don bhliain</i>		131,411	1,011,344

Tá an Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid agus nótaí 1 go 21 mar chuid de na ráitis airgeadais seo.

Thar ceann Bhord Spórt Éireann:



 Kieran Mulvey,
 Cathaoirleach
 Dáta: 17 Nollaig 2020



 John Treacy,
 Príomhoifigeach Feidhmiúcháin
 Dáta: 17 Nollaig 2020

Spórt Éireann
RÁITEAS FAOIN STAID AIRGEADAIS
Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2019

		An bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2019	An bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2018
	Nótaí	€	€
Sócmhainní Seasta			
Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh	12	151,143,576	151,632,943
Sócmhainní Airgeadais	13	1	1
Sócmhainní Seasta Iomlána		151,143,577	151,632,944
Sócmhainní Reatha			
Méideanna infhaighte	14	956,587	693,659
Airgead agus coibhéisí airgid		4,230,844	3,777,508
		5,187,431	4,471,167
Dlíteanais Reatha (méideanna a bheidh dlite laistigh de bhliain amháin)			
Méideanna iníoctha	15	(2,509,688)	(1,924,835)
(Glandlíteanais)/Glansócmhainní Reatha		2,677,743	2,546,332
Sochair Scoir			
Oibleagáidí sochar scoir	10d	(15,968,000)	(14,485,000)
Sócmhainn cistiúcháin iarchurtha le haghaidh sochair scoir	10b	15,968,000	14,485,000
Glansócmhainní Iomlána		153,821,320	154,179,276
Ionadaithe ag			
Cuntas Caipitil	9	151,143,576	151,632,943
Cúlchistí coinnithe ioncaim		2,677,744	2,546,333
Cothromas		153,821,320	154,179,276

Tá an Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid agus nótaí 1 go 21 mar chuid de na ráitis airgeadais seo.

Thar ceann Bhord Spórt Éireann:



Kieran Mulvey,
 Cathaoirleach
 Dáta: 17 Nollaig 2020



John Treacy,
 Príomhoifigeach Feidhmiúcháin
 Dáta: 17 Nollaig 2020

Spórt Éireann
RÁITEAS FAOI SHREABHADH AIRGID
Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2019

		An bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2019	An bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2018
	Nótaí	€	€
Réiteach an Ghlanbharrachais Oibriúcháin			
(Easnamh)/Barrachas Oibriúcháin		131,411	1,011,344
Caillteanas/(Gnóthachan) ar Dhiúscairt Sócmhainní Seasta Inláimhsithe		-	242
Dímheas	11	4,695,523	4,377,496
Ús Bainc a Fuarthas	4	-	-
Cáin a Íocadh		-	-
Aistriú (ón) gCúlchiste Caipitil	9	(4,695,523)	(4,377,496)
(Méadú)/Laghdú i Méideanna Infhaighte	14	(262,928)	(145,540)
Méadú/(Laghdú) i Méideanna Iníoctha	15	584,853	(1,833,683)
		453,336	(967,637)
Insreabhadh Glan Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin			
		453,336	(967,637)
Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid			
Insreabhadh Glan Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin			
		453,336	(967,637)
Torthaí ar Infheistíochtaí agus fónamh airgeadais			
Ús Bainc	4	-	-
Caiteachas Caipitil			
Íocaíochtaí chun Sócmhainní Seasta a fháil		(4,206,156)	(20,592,302)
Fáltais ó dhiúscairt Sócmhainní Seasta		-	(242)
Sreabhadh Glan Airgid ó Chaiteachas Caipitil		(4,206,156)	(20,592,544)
Sreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Maoiniúcháin			
Deontais Chaipitil		4,206,156	20,592,302
Sreabhadh Glan Airgid ó Ghníomhaíochtaí Maoiniúcháin		4,206,156	20,592,302
(Laghdú)/Méadú in Airgead			
		453,336	(967,879)
Gluaiseacht i nglanchistí don bhliain			
Airgead sa Bhanc ag an 1 Eanáir		453,336	(967,879)
		3,777,508	4,745,387
Airgead sa Bhanc ag an 31 Nollaig			
		4,230,844	3,777,508

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2019

1. Beartais Chuntasaíochta

Tá an bunús cuntasaíochta agus na beartais shuntasacha chuntasaíochta arna nglacadh ag Spórt Éireann leagtha amach thíos. Cuireadh i bhfeidhm go comhsheasmhach iad uile ar fud na bliana.

a) Faisnéis Ghinearálta

Is mar seo a leanas atá príomhchuspóirí Spórt Éireann, faoi mar a leagtar amach i gCuid II den Acht um Spórt Éireann, 2015:

- Cur chun cinn, forbairt agus comhordú an spóirt iomaíoch, agus gnóthú barr feabhais sa spórt iomaíoch, a spreagadh;
- Straitéisí a fhorbairt le haghaidh an rannpháirtíochta sa spórt áineasa a mhéadú agus comhordú a dhéanamh ar chur chun feidhme na straitéisí sin ag na comhlachtaí uile (lena n-áirítear údaráis phoiblí agus comhlachtaí a fhaigheann cistiú poiblí) a bhfuil baint acu leis an spórt áineasa a chur chun cinn agus le saoráidí áineasa a sholáthar;
- Tabhairt faoi cibé gníomhaíocht a mheasfar a bheith cuí, lena n-áirítear tástáil, chun dópáil sa spórt a chomhrac;
- Nuair ba chúí leis an mBord déanamh amhlaidh, taighde thionscnamh agus a spreagadh maidir leis an spórt iomaíoch nó maidir leis an spórt áineasa, nó maidir leis an dá cheann díobh;
- Nuair ba chúí leis an mBord déanamh amhlaidh, taighde a éascú agus faisnéis a scaipeadh maidir leis an spórt iomaíoch nó an spórt áineasa, nó maidir leis an dá cheann díobh;
- Campas Spórt Éireann a fhorbairt, a chur chun cinn, a oibriú agus a chothabháil;

Is Eintiteas Leasa Phoiblí é Spórt Éireann.

b) Ráiteas faoi Chomhlíonadh

Ullmhaíodh ráitis airgeadais Spórt Éireann don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2019 de réir an chleachtais chuntasaíochta a bhfuil glacadh leis, lena n-áirítear FRS 102, an caighdeán tuairiscithe airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn arna eisiúint ag an gComhairle Tuairiscithe Airgeadais (FRC) agus arna fhógairt ag Cuntasóirí Cairte Éireann.

c) Bunús an Ullmhúcháin

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil, ach amháin i gcás sócmhainní agus dliteanais áirithe a thomhaistear de réir luach cóir, mar atá mínithe sna beartais chuntasaíochta thíos. Tá na ráitis airgeadais san fhoirm ar cheadaigh an tAire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt í le comhthoilíú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe faoin Acht um Spórt Éireann, 2015.

Cuireadh na beartais chuntasaíochta seo a leanas i bhfeidhm go comhsheasmhach nuair a bhíodhas ag déileáil le míreanna a measadh a bheith ábhartha maidir le ráitis airgeadais Spórt Éireann.

d) Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite

Tá Sport Ireland Facilities DAC faoi lánúinéireacht Spórt Éireann agus déanann an chuideachta na saoráidí ar Champas Spórt Éireann a oibriú agus a chothabháil.

Tá Spórt Éireann díolmhaithe ón gceanglas chun na ráitis airgeadais bhliantúla a chur i láthair mar ráitis chomhdhlúite leis an bhfochuideachta. Faoi alt 9(g) de FRS 102, níl sé sin ina cheanglas faoin gcreat reachtúil ná mar chuid den fhormáid arna comhaontú leis an Aire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt.

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2019

Cuirtear ráitis airgeadais Sport Ireland Facilities DAC i láthair ar leithligh. Tá tuilleadh faisnéise faoin bhfochuideachta tugtha i Nóta 13 leis na ráitis airgeadais.

e) Ioncam

Deontais ón Oireachtas

Aithnítear deontais ón Oireachtas ar bhonn airgid de ghnáth, gan deontais chaipitil neamhchaite a soláthraíodh le haghaidh cuspóirí sonracha a áireamh. Déantar na deontais chaipitil sin a iarchur agus a aithint sa bhliain inar tabhaíodh an caiteachas.

Aisíocaíochtaí na ndeontas a íocadh

Bíonn deontais a íocadh in-aisíochta in imthosca áirithe, amhail leachtú/díscaoileadh na cuideachta is faighteoir, nó i gcás nach gcomhlíontar coinníollacha an deontais. Aithnítear aisíocaíochtaí deontais nuair is dócha go bhfaighidh Spórt Éireann an t-airgead agus nuair is féidir an méid a mheas go cruinn. Dá bhrí sin, tugtar cuntas orthu ar bhonn fabhrúithe. Ní raibh aon aisíocaíochtaí deontais ann sa bhliain 2019.

Ioncam úis

Aithnítear ioncam úis ar bhonn fabhrúithe.

Ioncam Eile

Aithnítear ioncam eile ar bhonn fabhrúithe.

f) Deontais a Íocadh

Íoctar deontais le heagraíochtaí is deontaithe ar bhonn phróiseas iarratais chistiúcháin Spórt Éireann, rud a thosaíonn sa tríú ráithe gach bliain. Cuireadh eagraíochtaí is deontaithe ar an eolas faoi na ceanglais tuairiscithe faoi chiorclán 13/2014, Bainistíocht agus Cuntasacht Deontas ó Chistí Státhiste, agus athbhreithníonn Spórt Éireann na ráitis airgeadais de chuid gach comhlachta is deontaí chun comhlíonadh a chinntiú ina leith sin.

g) Réadmhaoín, Gléasra agus Trealamh

Luaitear Réadmhaoín, Gléasra agus Trealamh de réir costais lúide dímheas carntha, arna choigeartú i leith aon soláthair do bhearnú. Gearrtar dímheas ar an réadmhaoín, an gléasra agus an trealamh ar fad, ag rátaí a mheastar chun costas gach sócmhainne, lúide a luach iarmharach measta, a dhíscríobh de réir méid cothrom thar a saolré fhóna mheasta mar seo a leanas:

An Campas Náisiúnta Spórt agus Saoráidí an Champais	2%	in aghaidh na bliana
Saoráidí an Champais (Saolré 30 Bliain)	3.33%	in aghaidh na bliana
Saoráidí an Champais (Saolré 10 mBliana)	10%	in aghaidh na bliana
Saoráidí an Champais (Saolré 5 Bliana)	20%	in aghaidh na bliana
Bonneagar, Máistirphleanáil agus Dearadh	15%	in aghaidh na bliana
An Straitéis maidir le Tionscadail Chaipitil an Champais	100%	in aghaidh na bliana
Talamh agus Foirgnimh (Saolré 50 Bliain)	2%	in aghaidh na bliana
Foirgnimh (Saolré 30 Bliain)	3.33%	in aghaidh na bliana
Feistiú Oifige/ Daingneáin agus Feistis	20%	in aghaidh na bliana
Ríomhairí agus Trealamh TF	33.33%	in aghaidh na bliana
Mótarfheithiclí	20%	in aghaidh na bliana

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2019

Ní dhímheastar an talamh ar Champas Spórt Éireann, Teach Bhaile an Aba ná aon sócmhainní atá á dtógáil. Cuirtear na rátaí dímheasa iomchuí i bhfeidhm a luaithe a chríochnaítear tionscadail atá á dtógáil.

Léiríonn luach iarmharach an méid measta a gheofaí faoi láthair as sócmhainn a dhiúscairt, tar éis costais mheasta na diúscartha a asbhaint, dá mba rud é go bhfuil an tsócmhainn ar aois agus sa riocht lena bhfuiltear ag súil ag deireadh a saolré fóna.

Más ann d'fhianaise oibiachtúil ar bhearnú luach aon sócmhainne, aithnítear cailteanas bearnúcháin sa Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Coinnithe Ioncaim sa bhliain.

h) Sócmhainní airgeadais

Sócmhainní Airgeadais Eile

Tá Sport Ireland Facilities DAC faoi lánúinéireacht Spórt Éireann agus léiríonn a scairchaipiteal gnáthscair amháin dar parluch Euro amháin. Déanann Sport Ireland Facilities DAC na saoráidí ar Champas Spórt Éireann a oibriú agus a chothabháil.

i) Méideanna infhaighte

Aithnítear méideanna infhaighte de réir luach cóir, lúide soláthar in aghaidh fiacha amhrasacha. Soláthar sonrach is ea an soláthar in aghaidh fiacha amhrasacha agus bunaítear é i gcás go bhfuil fianaise oibiachtúil ann nach mbeidh Spórt Éireann in ann na méideanna go léir atá dlite dó a bhailiú. Aithnítear gach gluaiseacht sa soláthar in aghaidh fiacha amhrasacha sa Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Coinnithe Ioncaim.

j) Méideanna iníoctha

Aithnítear méideanna iníoctha de réir luach cóir ar dtús. Aicmítear méideanna iníoctha mar dhliteanais reatha má tá siad iníoctha laistigh de bhliain amháin. Mura bhfuil, cuirtear i láthair iad mar dhliteanais neamhreatha.

k) Sochair Fostaithe

Sochair Ghearrthéarmacha

Aithnítear sochair gearrthéarmacha amháil pá saoire mar speansas sa bhliain agus cuirtear sochair atá fabhráithe ag deireadh na bliana ar áireamh san fhigiúr Méideanna iníoctha sa Ráiteas faoin Staid Airgeadais.

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2019

Sochair Scoir

Feidhmíonn Spórt Éireann scéim pinsean sochair shainithe. Cistítear an scéim gach bliain ar bhonn íoc-mar-a-úsáidtear ó airgead a fhaightear ón Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt agus ó ranniocaíochtaí a asbhaintear ó thuarastal na mball foirne agus na mball. Feidhmíonn Spórt Éireann an Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair (“an Scéim Aonair”) freisin. Is scéim sochair shainithe í sin d’fhostaithe inphinsin sa tseirbhís phoiblí a ceapadh an 1 Eanáir 2013 nó i ndiaidh an dáta sin. Aistrítear na ranniocaíochtaí a dhéanann fostaithe leis an scéim aonair chuig an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Aistrítear chuig an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt na ranniocaíochtaí uile eile a dhéanann fostaithe.

Léiríonn costais phinsin na sochair phinsin arna dtuilleamh ag fostaithe, agus léirítear iad glan ó ranniocaíochtaí pinsin ón bhfoireann. Aithnítear méid atá comhfhreagrach don mhúirear pinsin mar ioncam a mhéid atá sé in-aisghafa, agus fritháirítear an méid le deontais a fhaightear sa bhliain chun íocaíochtaí pinsin a dhéanamh.

Is sa Ráiteas faoi Ioncam Cuimsitheach a léirítear gnóthachain nó cailteanais achtúireacha ar dliteanais scéime. Aithnítear coigeartú comhfhreagrach sa mhéid atá in-aisghafa ón Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt.

Léirítear sna ráitis airgeadais, de réir luach cóir, na sócmhainní agus dliteanais a eascraíonn as oibleagáidí pinsin Spórt Éireann agus aon chistiú gaolmhar, agus aithnítear iontu na costais a bhaineann le sochair phinsin a sholáthar sna tréimhsí cuntasaíochta ina dtuilleann fostaithe iad. Is ar bhonn achtúireach a thomhaistear dliteanais na scéime sochar scoir, agus modh an aonaid réamh-mheasta chreidmheasa á úsáid.

1) Breithiúnais agus Meastacháin Chriticiúla Chuntasaíochta

Agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, ceanglaítear ar an lucht bainistíochta breithiúnais, meastacháin agus toimhdí a dhéanamh a théann i bhfeidhm ar na méideanna a thuiriscítear le haghaidh sócmhainní agus dliteanas amhail ar dháta an Ráitis faoin Staid Airgeadais agus ar na méideanna a thuiriscítear le haghaidh ioncaim agus speansas le linn na bliana. Fágann cineál an mheastacháin, áfach, go bhféadfadh na torthaí iarbhír bheith difriúil leis na meastacháin sin. Is iad na breithiúnais seo a leanas na breithiúnais a raibh an éifeacht is suntasaí acu ar na méideanna a aithnítear sna ráitis airgeadais.

Bearnú Réadmhaoine, Gléasra agus Trealaimh

Sócmhainní atá faoi réir amúchadh, déantar iad a athbhreithniú le haghaidh bearnú nuair a léirítear in eachtraí nó in athruithe ar chúinsí go bhféadfadh nach mbeifí in ann an méid glanluacha a aisghabháil. Aithnítear cailteanas bearnaithe de réir na difríochta idir méid glanluacha na sócmhainne agus méid in-aisghafa na sócmhainne, fad is mó an méid glanluacha ná an méid in-aisghafa. Is é an méid in-aisghafa an ceann is airde de luach cóir na sócmhainne lúide an costas díola agus luach úsáide na sócmhainne. D’fhonn bearnú a mheasúnú, rangáitear sócmhainní ag na leibhéil is ísle dá bhfuil sreabhadh airgid atá inaitheanta ar leithligh (aonaid ghiniúna airgid). Sócmhainní neamhairgeadais a ndearnadh bearnú orthu, athbhreithnítear iad le haghaidh aisiompú féideartha an bhearnaithe ar gach dáta tuairiscithe.

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2019

Soláthairtí

Déanann Spórt Éireann soláthairtí le haghaidh oibleagáidí dlíthiúla agus cuiditheacha is eol dó a bheith amuigh ag dáta deiridh na bliana. Déantar na forálacha de ghnáth bunaithe ar fhaisnéis stairiúil nó ar fhaisnéis ábhartha eile, agus iad coigeartaithe le haghaidh treohtaí le déanaí, nuair is cuí. Mar sin féin, is meastacháin iad ar na costais airgeadais a bhaineann le teagmhais a bhfuil seans ann nach dtarlóidh siad go ceann roinnt blianta. Mar thoradh air sin agus ar an éiginnteacht a bhaineann leis na torthaí deiridh, d'fhéadfadh go mbeadh an toradh iarbhír difriúil go mór leis an toradh a measadh.

Dímheas agus Luachanna Iarmharacha

Rinne an Bord athbhreithniú ar shaolré na sócmhainní agus ar luachanna iarmharacha bainteacha gach aicme sócmhainne seasta agus, go háirithe, ar shaolré eacnamaíoch fhóna agus luachanna iarmharacha na ndaingneán agus na bhfeisteas agus tháinig sé ar an gconclúid gur cuí atá saolré na sócmhainní agus na luachanna iarmharacha.

Oibleagáid Sochar Scoir

Maidir leis na toimhdí atá taobh thiar de na luachálacha achtúireacha óna gcinntear na méideanna atá aitheanta sna ráitis airgeadais (lena n-áirítear rátaí lascaine, rátaí méadaithe i leibhéil chúitimh amach anseo agus rátaí mortlaíochta), nuashonraítear iad gach bliain bunaithe ar dhálaí reatha geilleagracha agus ar aon athruithe ábhartha ar théarmaí agus coinníollacha na bpleananna pinsin agus iarscoir.

Is féidir go ndéanfaidh na nithe seo difear do na toimhdí:

- (i) an ráta lascaine, athruithe sa ráta toraidh ar bhannaí corparáide ar ardchaighdeán.
- (ii) leibhéil chúitimh amach anseo, dálaí sa mhargadh saothair amach anseo.

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2019

2. Deontais ón Oireachtas

Mar atá leagtha amach i Nóta 1(e) den Bheartas Cuntasaíochta, aithnítear deontais ón Oireachtas mar ioncam ar bhonn mhéid an airgid a fhaightear. Is comhdhéanta díobh seo a leanas atá na Deontais ón Oireachtas a fuair Spóirt Éireann ó Vóta 31 – An Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, mar a léirítear sna ráitis airgeadais:

	Fo- mhírcheann	An bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2019 €	An bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2018 €
Deontas Athfhillteach	D.5	57,811,000	55,008,000
Lúide Asbhaintí Pinsin Fostaithe atá In-aisíochta		(122,000)	(109,000)
Deontas Athfhillteach Iomlán		<u>57,689,000</u>	<u>54,899,000</u>
Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte		-	-
An Roinn Sláinte		-	-
An Roinn Sláinte - An Ciste Éire Shláintiúil		615,000	778,133
Cistiú Caipitil	B.2	5,225,577	20,945,789
Cistiú Caipitil (Iarchurtha)/Aisiompaithe	D.5	-	908,569
Deontais Iomlána ón Oireachtas		<u>63,529,577</u>	<u>77,531,491</u>
Deontais ó Chiste na gCuntas Díomhaoin: Reatha	D.6	4,220,010	4,260,090
Deontais ó Chiste na gCuntas Díomhaoin: Caipiteal	D.6	779,990	739,910
Deontais Iomlána ó Chiste na gCuntas Díomhaoin		<u>5,000,000</u>	<u>5,000,000</u>

Cuimsíonn deontais ón Oireachtas méideanna a soláthraíonn an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt iad i leith na bliana lena mbaineann agus léiríonn siad an deontas a íoctar le Spóirt Éireann. Baintear úsáid as an deontas sin le haghaidh pá, riarachán ginearálta, costais chlár agus deontais do Chomhlachtaí Rialaithe Náisiúnta don Spóirt agus do Chomhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt. Ba é €57,811,000 méid an deontais athfhilltigh a fuarthas sa bhliain 2019. Chloígh an Bord le téarmaí an Chomhaontaithe Seirbhíse leis an Roinn. Tá córais imleora rialaithe airgeadais i bhfeidhm ag an mBord chun deontais a fhaightear ón Roinn a bhainistiú.

Fuarthas deontais chaipitil ón Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt le haghaidh na céime deiridh de thógáil Láthair Náisiúnta faoi Dhíon Spóirt Éireann, a cuireadh i gcrích i mí an Mheithimh 2019, agus le haghaidh fhorbairt leanúnach Champas Spóirt Éireann. Fuair Spóirt Éireann €5,225,577 ón Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt sa bhliain 2019.

Nótaí leis na Ráitís Airgeadais

Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2019

B'ionann an Deontas ó Chiste na gCuntas Díomhaoin a fuarthas ón Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt agus €5,000,000 le haghaidh tionscadal amhail an Mol Spóirt sa Phobal, Cóitseáil Pobail, Cúrsaí do Chuardaitheoirí Poist, Oiliúint sa Spóirt do Dhaoine faoi Mhíchumas agus Oiliúint Ceannaireachta Óige.

B'ionann an Deontas ón gCiste Éire Shláintiúil a fuarthas ón Roinn Sláinte agus €615,000 le haghaidh tionscadal amhail Cuir Muintir na hÉireann ag Snámh, ag Siúl agus ag Rothaíocht, Mórthuras Rothair Bhaile Átha Cliath agus Cycle Right.

3. Acmhainní Dílse

	An bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2019	An bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2018
	€	€
Ioncam Cíosa	362,154	265,000
Cíos ón gCeanncheathrú Spóirt*	114,753	113,268
Ioncam ó Thástáil Frithdhópála	97,673	111,306
Seirbhísí d'Imreoirí agus do Lúthchleasaithe	255,452	136,020
Institiúid Spóirt Éireann	51,339	63,274
Aonad Spóirt Éireann um Ghníomhaíocht Amuigh faoin Spéir	35,201	15,049
Aonad Cóitseála Spóirt Éireann	42,100	38,000
Acmhainní Dílse Iomlána	958,672	741,917

* Léiríonn sé seo na ranníocaíochtaí le costais reatha, atá léirithe faoi “An Cheanncheathrú Spóirt” – féach Nóta 6.

4. Ioncam Eile

	An bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2019	An bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2018
Ioncam ón Aontas Eorpach	56,748	22,408
Mórthuras Rothair Bhaile Átha Cliath	65,000	65,000
Seachtain Eorpach an Spóirt	161,982	177,651
Ioncam Eile	78,657	1,333
Ioncam Eile Iomlán	362,387	266,392

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2019

5. Deontais atá Iníoctha

a) Deontais Reatha

	An bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2019 €	An bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2018 €
Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta don Spórt *	12,817,000	11,098,065
An Scéim Cardála Idirnáisiúnta *	1,931,000	1,920,000
Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt *	7,026,508	5,824,138
Spóirt Mhachaire na hÓige *	5,898,200	8,077,406
Deontais Ardfheidhmíochta *	9,357,500	8,935,000
Rannpháirtíocht na mBan sa Spórt *	1,786,213	971,500
Deontas don tSraith Rothaíochta	-	4,000
Iontaobhas Ghalf Fhoireann Éireann	440,000	200,000
Craobh Oscailte na hÉireann	-	1,250,000
Spórt Mac Léinn Éireann	60,000	50,000
Deontas Staid Morton	150,000	150,000
Cónaidhm Oilimpeach na hÉireann	420,000	475,000
An Chomhairle Phara-Oilimpeach	400,000	397,500
Spórt Scoileanna Speisialta na hÉireann	25,000	25,000
Cónaidhm Spóirt na hÉireann	100,000	100,000
An Scéim Deontas do Spóirt Áineasa	40,000	-
Deontas do Mhórturas Rothair Bhaile Átha Cliath	115,000	115,000
Deontas Caipitil Shaoráidí Spóirt Éireann **	931,624	871,486
Deontas Caipitil do Chomhpháirtíochtaí Spóirt - Cumann Rugbaí na hÉireann	-	475,000
Deontas Oibriúcháin Shaoráidí Spóirt Éireann **	2,175,000	2,095,000
Daoine Scothaosta agus an Spórt	607,605	607,605
Ollscoil Luimnigh - Linn 50 Méadar	300,000	300,000
An Scéim Tacaíochta d'Imreoirí Idirchontae CLG	3,000,000	2,300,000
Scéim Pheil na mBan agus Camógaíochta Idirchontae	700,000	500,000
Deontais Iomlána atá Iníoctha	48,280,650	46,741,700

*Tá anailís ar na figiúirí Deontas leagtha amach sna hAguisíní a ghabhann leis an Tuarascáil Bhliantúil.

** Idirbhearta le Sport Ireland Facilities DAC.

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2019

b) Deontais ó Chiste na gCuntas Díomhaoin

	An bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2019	An bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2018
	€	€
Mol Spóirt sa Phobal *	1,289,623	1,074,263
Ceannaireacht Óige *	200,000	253,480
Cóitseáil Pobail *	1,333	14,663
Oiliúint sa Spórt do Dhaoine faoi Mhíchumas	370,787	371,000
Tacaíocht d'Oibrithe Deonacha	275,000	300,000
Meastóireacht	220,863	67,654
Riarachán	450,000	400,000
Pobail faoi Mhíbhuntáiste	6,500	83,000
Ypath	5,000	-
Áineas Amuigh Faoin Spéir	-	25,000
Cuir Muintir na hÉireann ag Rothaíocht	100,000	100,000
Cuir Muintir na hÉireann ag Siúl	99,000	93,500
Cuir Muintir na hÉireann ag Snámh	100,000	100,750
Cuir Muintir na hÉireann ag Rith	100,000	100,750
Cistiú Rannpháirtíochta do Chomhlachtaí Rialaithe Náisiúnta	808,800	659,600
Cláir Éagsúla	713,867	867,276
Deontais Iomlána ó Chiste na gCuntas Díomhaoin	4,740,773	4,510,936

*Tá anailís ar na figiúirí Deontas leagtha amach sna hAguisíní a ghabhann leis an Tuarascáil Bhliantúil.

c) Deontais ón gCiste Éire Shláintiúil

	An bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2019	An bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2018
Oilimpicí Speisialta Éireann	25,000	68,422
Mórturas Rothair Bhaile Átha Cliath	6,000	64,591
Operation Transformation	18,300	33,044
An Lá Náisiúnta Corpacmhainne	22,000	22,000
Cuir Muintir na hÉireann ag Snámh	115,500	123,000
Cuir Muintir na hÉireann ag Siúl	118,000	81,200
Cuir Muintir na hÉireann ag Rothaíocht	103,000	55,531
Cuir Muintir na hÉireann ag Rith	70,000	63,000
Rothaíocht i gCeart	11,000	114,000
Clubanna Sláintiúla CLG	23,000	45,000
Rannpháirtíocht sa Spórt agus Gníomhaíocht Fhisiciúil i measc Leanaí	74,307	7,000
Bunachar Sonraí Digiteach Náisiúnta an Aonaid um Ghníomhaíocht	22,118	2,458
Táille Riaracháin	20,000	20,000
Deontais Iomlána ón gCiste Éire Shláintiúil	628,225	699,246

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2019

6. Cláir Eile

*Léiríonn siad seo costais reatha. Is léirithe faoi “Acmhainní Dílse” atá ioncam atá bainteach go díreach leis na costais sin – féach Nóta 3.

	TAIGHDE	FRITHDHÓPÁIL	NGB	CAIDREAMH POIBLÍ	RANNPHÁIRTÍOCHT	ARD-FHEIDHMÍOCHT	INSTITIÚID SÉ	CÓITSEÁIL SÉ	CAMPAS	IOMLÁN	IOMLÁN
	2019	2019	2019	2019	2019	2019	2019	2019	2019	31 Noll. 2019	31 Noll. 2018
	€	€	€	€	€	€	€	€	€	€	€
Tástáil Frithdhópála	-	1,132,761	-	-	-	-	-	-	-	1,132,761	1,194,008
Tionscadail Taighde	203,210	-	-	-	-	-	-	-	-	203,210	128,706
Forbairt NGBanna	-	-	255,098	-	-	-	-	-	-	255,098	191,431
Forbairt Clár	-	20,254	5,000	-	206,864	59,074	16,000	-	-	307,192	120,612
Seachtain Eorpach Spóirt an Aontais Eorpaigh	-	-	-	-	145,783	-	-	-	-	145,783	135,173
Cigireachtaí ón Aonad um Ghníomhaíocht Amuigh faoin Spéir	-	-	-	-	103,129	-	-	-	-	103,129	70,345
Deontais ón Aonad um Ghníomhaíocht Amuigh faoin Spéir	-	-	-	-	55,000	-	-	-	-	55,000	55,000
Forbairt na hInstitiúide	-	-	-	-	-	-	1,605,509	-	-	1,605,509	1,399,327
An Cheanncheathrú Spóirt *	-	-	213,743	-	-	-	-	-	-	213,743	189,415
Conraitheoirí/Seachfhoinisithe	-	-	-	-	105,910	-	227,127	-	-	333,037	324,133
Oiliúint do Theagascóirí	-	-	-	-	-	-	-	39,750	-	39,750	21,940
Cothabháil an Champais	-	-	-	-	-	-	-	-	203,405	203,405	218,156
Foireann agus Oiliúint	-	2,202	1,132	2,372	2,472	3,741	7,002	1,060	2,190	22,171	24,005
Costais Riaracháin Oifige	-	26,134	18,150	7,370	43,828	16,421	212,696	79,258	133,549	537,406	479,314
Taisteal, Cothú agus Cruinnithe	-	49,787	21,353	5,957	14,585	22,158	24,718	135,074	2,868	276,500	172,943
Táillí Gairmiúla	-	254,462	438,681	-	-	-	-	-	318,768	1,011,911	391,826
Bogearraí agus Tacaíocht Ríomhaireachta	-	43,226	25	48,348	551	28,782	52,032	18,254	480	191,698	225,696
Caidreamh Poiblí, Priontáil agus Páipéarachas	-	24,948	812	247,834	8,228	3,900	24,171	14,389	11,611	335,893	257,934
Postas agus Cúireireacht	-	4,676	-	594	979	267	428	2,310	-	9,254	7,002
Cláir Eile Iomlána	203,210	1,558,450	953,994	312,475	687,329	134,343	2,169,683	290,095	672,871	6,982,450	5,606,966

Nótaí leis na Ráitís Airgeadais

Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2019

7. Riarachán

	An bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2019	An bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2018
	€	€
Costais agus Oiliúint Foirne	67,745	60,715
Cíos agus Réadmhaoin	23,126	67,243
Cothabháil agus Deisiúcháin	8,876	12,949
Árachas	4,272	2,320
Teileafón	1,183	7,070
Solas agus Teas	(12,526)	38,876
Comhaltaí Boird, Taisteal, Cothú agus Cruinnithe	153,687	136,718
Táillí Iniúcháireachta	58,196	11,465
Táillí Iniúcháireachta Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste	26,400	24,000
Táillí Gairmiúla	24,589	11,877
Bogearraí agus Tacaíocht Ríomhaireachta	200,358	174,375
Priontáil agus Páipéarachas	25,404	24,090
Postas agus Cúiréireacht	8,471	11,877
Éagsúil	23,952	21,441
Cailteanas/(Gnóthachan) ar Dhiúscairt Sócmhainní Seasta	-	242
Riarachán Iomlán	613,733	605,258

8. Luach Saothair

(a) Sochair Chomhiomlána Fostaithe

